



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2018
(OR. en)

9634/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0217 (COD)**

**AGRI 262
AGRIORG 33
AGRISTR 33
AGRIFIN 51
CODEC 938**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Meitheamh 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2018) 393 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1306/2013

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 393 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2018) 393 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2018
COM(2018) 393 final

2018/0217 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1306/2013

{SWD(2018) 301 final} - {SEC(2018) 305 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is i dtogra an Choimisiúin le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027 (an togra le haghaidh an CAI) ¹ a leagtar síos an creat buiséadach agus na príomhthreochtaí don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT). Ar a bhonn sin, tá an Coimisiún ag tiolacadh sraithe rialachán lena leagfar síos an creat rialaitheach le haghaidh CBT le linn na tréimhse 2021-2027, maille le measúnú tionchair ar chásanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le héabhlóid an bheartais. Foráiltear leis na tograí seo gurb é an 1 Eanáir 2021 an dáta teacht i bhfeidhm agus tá sé á thíolacadh d'Aontas ina mbeidh 27 mBallstát, i gcomhréir leis an bhfógra a fuair an Chomhairle Eorpach an 29 Márta 2017 ón Ríocht Aontaithe go bhfuil sé beartaithe ag an Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas Eorpach agus ó Euratom bunaithe ar Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Is in 2013 a cinneadh an t-athchóiriú deireanach ar an gComhbheartas Talmhaíochta, agus is i 2015 a cuireadh i bhfeidhm é. Ó shin i leith, is mór an t-athrú atá ar an gcomhthéacs as ar fáisceadh an t-athchóiriú. Go háirithe:

Tharla titim mhór i bpraghsanna talmhaíochta, agus iad á dtarraingt anuas ag tosca maicreacnamaíocha, ag teannas geopholaitiúil, agus ag fórsaí eile.

Tá athrú suntasach béime sa chaibidlíocht ó chomhaontuithe iltaobhacha go comhaontuithe déthaobhacha, agus tá Aontas na hEorpa níos oscailte do na margáí domhanda feasta.

Tá gealltanais nua idirnáisiúnta sínithe ag an Aontas Eorpach – gealltanais a bhaineann le srian a chur ar an athrú aeráide cuir i gcás (trí bhíthin COP 21), agus le gnéithe leathana den fhorbairt idirnáisiúnta (trí bhíthin Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe – SDG), mar aon le hiarrachtaí le freagairt ar bhealach níos fearr d'athruithe geopholaitiúla eile ar a n-áirítear an imirce.

De bharr na n-athruithe seo, tá díospóireacht phoiblí ann faoi athchóiriú 2013, agus ceist an bhfuil dóthain soláthair san athchóiriú sin le haghaidh a thabhairt mar is ceart ar raon leathan dúshlán leanúnach a bhaineann le sláinte eacnamaíoch na hearnála feirmeoireachta, le cúram an chomhshaoil, le gníomhaíocht i leith an athraithe aeráide, agus le creatlach láidir eacnamaíoch agus shóisialta a bheith i gceantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – go mór mór i bhfianaise deiseanna gníomhaíochta atá ag teacht chun cinn i réimsí na trádála, an bhithgheilleagair, an fhuinnimh in-athnuaite, an gheilleagair chiorclaigh agus an gheilleagair dhigitigh.

Ní mór CBT a thabhairt a nuachoiriú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, agus ní mór é a shimpliú leis an ualach riaracháin a laghdú chomh mór agus is féidir, agus ní mór é a dhéanamh níos comhleanúnaí le beartais eile de chuid an Aontais Eorpaigh ionas gur féidir leis an deich dTosaíocht atá ag an gCoimisiún agus leis na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe oiread sochair agus is féidir a bhaint as. Go deimhin, faoi mar a meabhraíodh ón gCoimisiún i dTeachtaireacht dá chuid ar an CAI le deireanas, beidh ar CBT tacú leis an aistriú i dtreo na lán-inbhuanaitheachta in earnáil na talmhaíochta agus i dtreo fhorbairt na bríomhaireachta i gceantair thuaithe, le bia slán, sábháilte ar ardcháilíocht a chur ar fáil do 500 milliún tomhaltóir. Is éard atá ag teastáil ón Eoraip earnáil na talmhaíochta a bheith cliste, athléimneach, inbhuanaithe agus iomaíoch, chun táirgeacht bia ar ardcháilíocht a áirithiú, bia

¹ [COM(2018) 322 críochnaitheach - Rialachan CAI].

inacmhainne a mbeidh cothabháil ann agus éagsúlacht do na saoránaigh agus do chreatlach shocheacnamaíoch láidir i gceantair thuaithe. Ó tá CBT á nuachóiriú, ní mór dó feabhas a chur ar an luach breise Eorpach atá ann, trí leibhéal níos airde uaillmhéine a thaispeáint i leith an chomhshaoil agus na haeráide, agus trí aghaidh a thabhairt ar ionchais na saoránach maidir lena gcuid sláinte, maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid.

Faoi mar a bhí á thuar i gClár na hOibre le haghaidh 2017, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le líon mór eagrass faoi CBT a shimpliú agus a nuachóiriú ionas go bhféadfadh an deich dTosaíocht atá ag an gCoimisiún agus na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe an sochar uasta a bhaint as. Is ar thosaíochtaí beartais faoi leith don am atá le teacht a bhí an fócas lena linn sin, gan dochar do na leithdháiltí airgeadais don CBT a bheidh sa chéad CIB eile. Ar chuid den phróiseas bhí comhairliúchán mór, mar aon le hanailís ar an bhfianaise a bhí ar fáil faoi fheidhmíocht CBT, lena n-áirítear na tuairimí ardán REFIT ábhartha.

Cuireadh an toradh i láthair sa Teachtaireacht a glacadh an 29 Samhain 2017 dar teideal "Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta". De bharr na Teachtaireachta, féadfar comhrá struchtúrtha a chur ar bun faoi thodhchaí CBT in Institiúidí an Aontais Eorpaigh agus leis na geallsealbhóirí chomh maith céanna. Bhí cur síos sa doiciméad beartais seo ar na dúshláin, na cuspóirí agus na bealaí innholta atá ann le CBT a thabhairt slán sa todhchaí ós gá dó a bheith níos simplí, níos cliste agus níos nua-aoisí, agus treoir a thabhairt san aistriú chuig talmhaíocht níos inbhuanaithe.

Thar aon ní eile, shainaithnigh an Coimisiún tosaíochta móra do CBT tar éis 2020 mar atá méadú ar a chuid uaillmhéine sa ghníomhaíocht i réimse an chomhshaoil agus na haeráide, feabhas ar aimsiú tacaíochta, agus spleáchas níos treise ar an dea-chumar idir Taighde-Nuálaíocht-Comhairle. Chomh maith leis sin, mhol sé samhail nua sheachadta (NDM) le feabhas a chur ar fheidhmíocht CBT ionas go bhféadfar fócas an bheartais a aistriú ón oiriúint go dtí an fheidhmíocht, agus athchothromaíocht freagrachtaí a bhaint amach idir an tAontas Eorpach agus leibhéal na mBallstát a mbeadh breis coimhdeachta i gceist leis. Is é sprioc atá ag an tsamhail nua cuspóirí de chuid an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích ar bhealach feabhsaithe, rud a bheadh bunaithe ar phleanáil straitéiseach, mar aon le réimse mhór idirghabhálacha beartais, agus táscairí feidhmíochta coiteanna, ionas go bhféabhsófaí an chomhsheasmhacht beartas sa CBT amach anseo, agus an chomhsheasmhacht le cuspóirí eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leagtar amach cuspóirí CBT in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU):

- táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí dhul chun cinn teicniúil a chur chun cinn agus trína áirithiú go ndéanfar forbairt réasúnach ar tháirgeadh na talmhaíochta agus go n-úsáidfear na tosca táirgthe a fheabhas agus is féidir, go háirithe an lucht oibre;
- mar sin, caighdeán cóir maireachtála a áirithiú do lucht na talmhaíochta, go mór mór tuilleamh gach duine dá mbíonn ag gabháil don talmhaíocht a mhéadú;
- margáí a chobhsú;
- cinntiú go mbíonn soláthairtí ar fáil;
- a áirithiú go mbíonn soláthairtí á gcur chuig tomhaltóirí ar phraghsanna réasúnta.

Tá an togra seo i gcomhsheasmhacht iomlán le cuspóirí Chonradh CBT. Déanann sé nuachóiriú agus simpliú ar an gcaoi a gcuirtear forálacha an Chonartha i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá 84% de chríocha an Aontais Eorpaigh faoi thalmhaíocht agus faoi choillte. Tá an dá earnáil sin spleách ar an gcomhshaol, agus bíonn siad ag dul i gcion ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, i gcomhréir le beartais an Aontais Eorpaigh faoi seach, cuirfear gníomhaíocht comhshaoil agus aeráide ar siúl trí bhíthin cuid de na cuspóirí sonracha atá molta sa CBT.

Is maith is fios go mbíonn tionchar ag pátrúin tomhaltais ar an tsláinte phoiblí. An nasc atá ag beartais thalmhaíochta le bia, agus in amanna leis an mbealach a dtáirgtear an bia, is nasc é idir na beartais thalmhaíochta agus na beartais shláinte. Déanann na moltaí athneartú ar na naisc leis an mbeartas sláinte, go mór mór i dtaobh bia folláin a ithe, agus laghdú ar úsáid na bhfrithmhiocróbach.

Is mór an t-allmhairiú a dhéanann an tAontas Eorpach ar thráchtearraí, agus is mór an t-onnmhairsiú a dhéanann sé ar tháirgí bia agus talmhaíochta luachmhara, agus dá bhrí sin, tá tionchar aige ar chórais bia lasmuigh den Aontas Eorpach. Tá an moladh i gcomhréir le hAirt. 208 de CFAE, agus is rud atá san áireamh ann cuspóirí chomhar forbartha an Aontais Eorpaigh leis an mbochtanas a dhíothú agus leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur i réim i dtíortha atá i mbéal forbartha, go mór mór an t-áirithiú gur ríbhag d'éifeachtaí trádála atá ag tacaíocht an Aontais Eorpaigh d'fheirmeoirí, nó nach ann do na héifeachtaí sin ar chor ar bith.

Ar deireadh, ach oiread le hearnálacha eile, is féidir feabhas a chur ar úsáid na teicneolaíochta nua agus eolais nua i réimse na talmhaíochta agus na tuaithe, go mór mór na teicneolaíochtaí digiteacha. Déanann na moltaí naisc leis an mbeartas taighde a athneartú araé tugann siad aird faoi leith ar eagrú an mhalartaithe eolais sa tsamhail seachadta beartais. Ar an dul céanna, tá béim ar an digitiú, rud a thapóidh nascadh le Clár Oibre Digiteach an Aontais Eorpaigh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

- **Bunús dlí**

Airteagail 42 agus 43(2) sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU) maidir le Rialachán Plean CBT.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Foráiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh gur rud le roinnt idir an tAontas agus na Ballstáit atá san inniúlacht talmhaíochta, fad atá comhbheartas talmhaíochta á bhunú a bhfuil cuspóirí coiteanna agus cur chun feidhme coiteann ag dul leis. An córas seachadta CBT atá ann faoi láthair, braitheann sé ar riachtanais mhionsonraithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus tá idir dhianrialú, phíonóis, agus shocrúithe iniúcháireachta ag dul leis. Is minic na rialacha seo an-fhorordaitheach, anuas chomh fada le leibhéal na feirme. I gcomhshaol an Aontais áfach, áit a bhfuil éagsúlacht mhór feirmeoireachta agus aeráide, ní hé 'an t-ordú ón-mbarr anuas' ná 'an cheap a dhéanann gach uile bhróg' an cur chuige oiriúnach leis an dea-thoradh a chur ar fáil agus luach breise an Aontais Eorpaigh anuas air.

Sa tsamhail sheachadta atá sa mholadh seo, is é an tAontas a leagann síos na bunpharaiméadair beartais (cuspóirí CBT, réimse na hidirghabhála go ginearálta, na bunriachtanais), áit a bhfuil breis freagrachta ar na Ballstáit, agus iad níos cuntasáí, maidir leis na cuspóirí a chomhlíonadh agus na spriocanna comhaontaithe a bhaint amach.

De bharr breis coimhdeachta, is fearr a bheifear in ann na cúinsí agus na riachtanais áitiúla a chur san áireamh i gcoinne cuspóirí agus spriocanna dá leithéid. Is iad na Ballstáit a bheidh i gceannas ar idirghabhálacha CBT ionas gur móide na hidirghabhálacha sin rannchuidiú na mBallstát le cuspóirí an Aontais Eorpaigh. Coinneofar na struchtúir rialachais reatha – struchtúir nach mór dóibh a áirithiú go leanfar go héifeachtach den fhaireachán ar fhíorú na gcuspóirí ar fad atá sa bheartas, agus ar chur i bhfeidhm an fhíoraithe sin – ach is mó tionchar a bheidh ag na Ballstáit ar dhearadh an chreata um chomhlíonadh agus rialú, creat is infheidhme ar na tairbhíthe (lena n-áirítear rialuithe agus pionóis).

- **Comhréireacht**

Na dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta atá roimh earnáil feirmeoireachta an Aontais Eorpaigh, agus roimh na ceantair tuaithe, is gá freagairt dóibh go láidir, freagairt a thabharfaidh a cheart féin do na gnéithe de na dúshláin sin a bhaineann leis an Aontas Eorpach. Nuair is mó de chumhacht an roghnaithe a bheidh á tairiscint do na Ballstáit le huirlisí beartais laistigh de CBT a roghnú agus a chur in oiriúint, le samhail a mbeidh níos mó béime ann ar na torthaí, ba cheart an uair sin gur lú fós an baol a bheidh ann go gcuirfidh CBT a shúil thar a chuid féin de leibhéal gníomhaíochta comhréireach.

- **An rogha ionstraime**

Ó tharla gur rialacháin de chuid Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle atá sna bun-achtanna ar fad, ní mór na leasuithe a thabhairt isteach le rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3. **TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá CBT fréamhaithe go domhain i dtógáil agus i bhforbairt an Aontais Eorpaigh (AE). Cuireadh ar bun é i dtús na seascaidí i gcomhthéacs na gcuspóirí atá cumhdaithe sa Chonradh, agus ó shin i leith athchóiríodh roinnt uaireanta é le hiomaíochas na hearnála talmhaíochta a fheabhsú, le forbairt na tuaithe a chothú, le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, agus le freastal ar bhealach níos fóna ar éilimh na sochaí agus an stáit. Is in 2013 an bhí athchóiriú mór ann go deireanach. In **athchóiriú 2013**, tugadh **spriocanna ginearálta CBT chun cruinnis** timpeall ar thrí bhloc:

- i. Táirgeadh inmharthana bia
- ii. Bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhú ar son na haeráide
- iii. Forbairt chothrom na gcricíoch

Ionas gur féidir an dul chun cinn a mheas i gcomhlíonadh na gcuspóirí thuas, agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo a shainaithint, bhí próiseas leathan comhairliúcháin ann, próiseas a d'fhéach le díospóireacht struchtúrtha a chur ar bun leis geallsealbhóirí ar fad, ionadaithe lasmuigh de shaol na talmhaíochta san áireamh. Rud eile fós, is ó fhoinsé mhór eolais faoi CBT (féach an achoimre i mBosca 1 thíos) a tiomsaíodh an fhianaise maidir le feidhmíocht CBT, rud a raibh feidhm cúlra leis le meas a thabhairt ar an méid a chuir CBT i gcrích in imeacht na mblianta, agus ar an méid nár chuir, i dtaobh athchóirithe is deireanaí ach go háirithe. Baineann sin go sonrach leis na nithe seo a leanas:

- fianaise a tiomsaíodh tríd an gCreat Coiteann Faireacháin agus Measúnaithe arb éard is fónamh dó feidhmíocht CBT a mheas²;
- Sraith staidéar meastóireachta atá i gceist le linn an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha (2014-2020) le cuspóirí reatha CBT a mheas a mbeidh an chéad toradh air in 2017/18³.

Torthaí a bhaineann leis an dul chun cinn i dtreo na spriocanna agus leis na cistí airgeadais comhfhreagracha atá ar fáil sna Tuarascálacha Cur Chun Feidhme Bliantúla le haghaidh Fhorbairt Tuaithe.

- Foilsíodh doiciméid chúlra bhreise, sonraí, fíricí, agus figiúirí ábhartha faoin measúnú tionchair ar leathanach idirlín DG AGRI⁴.

• **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Eagraíodh comhairliúchán poiblí oscailte ina bhfuarthas os cionn 322,000 aighneacht, déanadh plé struchtúrtha le geallsealbhóirí, tionóladh cúig cheardlanna le saineolaithe, cuireadh tuairimí in iúl ar ardán REFIT, tháinig rannchuidithe ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta Eorpach, ó Choiste na Reigiún agus ó Phairlimintí Náisiúnta. Rud eile a chuir an próiseas san áireamh ab ea moltaí de chuid Thascfhórsa na Margaí Talmhaíochta (AMTF)⁵ agus Comhdháil Chorcaí faoin bhForbairt Tuaithe (2016)⁶.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ar mhaithe le fianaise/eolas a bhailiú ó na saineolaithe ar cheisteanna a bhaineann le CBT, tionóladh sraith ceardlanna speisialaithe idir Márta 2017 agus Feabhra 2018. A bhuíochas leis na ceardlanna seo, bhí malartú tuairimí ann idir na saineolaithe agus oifigigh an Choimisiúin, agus cuireadh na conclúidí i bhfocail, agus b'fhéidir nuachóiriú agus simpliú an phróiseas a chur san áireamh.

Ionas go bhféadfaí na réimsí ábhartha a chlúdach, chuathas i ngleic le cúig cheist sna ceardlanna, ceisteanna a roghnaíodh san áit ar léir bearnaí eolais nó easaontas faoin gcur chuige sa bheartas. Dearadh na ceardlanna ar aon mhodheolaíocht le chéile ar an mbonn seo a leanas:

² Bunaithe in airteagal 110 de Rialachán Uimh. 1306/2013 17 Nollaig 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [ar mhaoiniú, ar bhainistiú agus ar fhaireachán an chomhbheartais talmhaíochta lena aisghairmtear](#) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) Uimh. 834/2014 an 22 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha le haghaidh [cur i bhfeidhm an chreata choitinn fhaireacháin agus meastóireachta an chomhbheartais talmhaíochta](#).

³ [Plean meastóireachta agus staidéir 2017-2021](#) an Choimisiúin Eorpaigh, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe.

⁴ Féach:

https://ec.europa.eu/agriculture/statistics/facts-and-figures_en

https://ec.europa.eu/agriculture/sites/agriculture/files/consultations/cap-modernising/eco_background_final_en.pdf

https://ec.europa.eu/agriculture/sites/agriculture/files/consultations/cap-modernising/env_background_final_en.pdf

https://ec.europa.eu/agriculture/sites/agriculture/files/consultations/cap-modernising/soc_background_final_en.pdf

⁵ Tuairisc Thascfhórsa na Margaí Talmhaíochta (tuairisc TFMT) (2016) [Toradh níos fearr a bhaint amach ar na margaí: treisiú le háit na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair](#)

⁶ An Coimisiún Eorpach (2016) [Corcaigh 2.0: An Chomhdháil Eorpach faoin bhForbairt Tuaithe](#), suíomh gréasáin.

- (1) an fhianaise is deireanaí dá bhfuil ar fáil a bhailiú ar leibhéal na saineolaithe, ó lucht léinn, ó lucht cleachta na hoibre, agus ó na hinstitiúidí idirnáisiúnta;
- (2) fócas ar thaithí na ndaoine agus iad i mbun a gcuid oibre ar an láthair;
- (3) measúnú ar an rud is acmhainn do na teicneolaíochtaí nua agus don chur chuige nua le feabhas a chur ar dhearadh an bheartais amach anseo sa sainréimse atá á clúdach.

Tá achoimrí na gceardlann agus na gcur i láthair le fáil ag:

https://ec.europa.eu/agriculture/events/cap-have-your-say/workshops_en

Ceardlann 1: An scothchleachtas sa fhreastal ar riachtanais comhshaoil agus aeráide (23/24 Márta 2017)

Sa cheardlann seo, is iad a tháinig le chéile raon leathan saineolaithe ar na dúshláin comhshaoil agus aeráide atá ann. Rinneadh scrúdú ann ar:

- uirlisí atá ar fáil le riachtanais comhshaoil a mheas;
- modhanna le feabhas a chur ar an nglacadh atá leis na forálacha (agus fócas ann ar an ról atá sa chur chuige ag an iompraíocht).

Ceardlann 2: Bainistiú riosca (18/19 Bealtaine 2017)

Sa cheardlann dhá lá seo, féachadh le dul chun cinn a dhéanamh i dtiomsú na fianaise sa díospóireacht faoi uirlisí tacaíochta don phobal feirmeoireachta ag tabhairt aghaidh dó chomh maith agus is féidir ar na rioscaí a bhaineann le táirgeacht, le praghsanna agus le hioncam. Rinneadh scrúdú ann ar:

- na dúshláin a bhaineann le heangach sábháilteachta mhargadh an Aontais Eorpaigh, agus an córas bainistithe riosca atá i bhfeidhm i SAM;
- Cás na margaí a bheidh ann amach anseo san Aontas Eorpach, earnáil árachais agus athárachais na talmhaíochta san Aontas Eorpach;
- Na gnéithe iompraíochta atá sa bhainistiú riosca.

Ceardlann 3: Cúrsaí bia agus cúrsaí eile sa réimse sin (31 Bealtaine 2017)

Sa cheardlann ar chúrsaí bia agus ar chúrsaí eile sa réimse sin, scrúdaíodh ailíniú CBT le beartais sláinte, agus a inniúla agus atá sé ar an mbealach a réiteach do na feirmeoirí agus iad ag cur a gcuid nósanna in oiriúint don athrú sna pátrúin tomhaltais. Thar aon ní, tá tuilleadh airde le tabhairt ar Fhrithsheasmhacht na bhFrithmhiocróbach.

Ceardlann 4: Ceisteanna Socheacnamaíocha (9 Meitheamh 2017)

Is ar anailís na dinimice a bhaineann le fás agus poist in earnáil agraibhia an Aontais Eorpaigh a bhí an fócas sa cheardlann ar chúrsaí socheacnamaíocha. Rinneadh scrúdú ann ar na naisc idir an talmhaíocht go domhanda agus slabhraí luach an bhia san Aontas Eorpach, scrúdú faoi ghné na gcoincheap agus faoin ngné phraiticiúil araon, rud a bhí bunaithe ar chás-staidéir.

Ceardlann 5: Feidhmíocht chomhshaoil agus feidhmíocht aeráide CBT a mheas (26 Feabhra 2018)

Scrúdaigh an cheardlann na bunspríocanna polasaí is féidir a shocrú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, cé mar is féidir a gcur i bhfeidhm ar leibhéal na mBallstát, agus cé mar is féidir faireachán, rialú, agus measúnú a dhéanamh orthu.

- **Measúnú tionchair**

An measúnú tionchair a thugann tacaíocht do na tograí reachtacha, mar aon le tuairimí an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála, is ar an suíomh seo a leanas atá siad le fáil:

Liosta na measúnuithe tionchair agus tuairimí tionlacain an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála

Ba dhiúltach don chéad tuairim a d'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála. Tuigeanann an Bord an uaillmhian atá ann CBT a nuachóiriú agus a shimpliú, agus tuigeanann sé an anailís dhomhain ar chásanna éagsúla a thugann léargas úsáideach ar an trádmhalartú idir cuspóirí an bheartais, ach shíl an Bord go bhféadfadh an tuarascáil míniú ní b'fhearr a thabhairt ar réasúnaíocht, ar indéantacht agus ar fheidhmiú na samhaile seachadta nua atá á moladh. Cuireadh an comhlánú riachtanach leis an tuarascáil um mheasúnú tionchair, agus cuireadh iad le hIarscríbhinn faoi leith maidir leis na molta don tsamhail seachadta nua. Ar a bhonn seo, d'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach, ach bhí roinnt agus léi. Aithníonn an Bord na feabhsuithe atá ar an tuarascáil, ach d'iarr sé breis sonraíochtaí maidir le cosaint chruinn leis na rioscaí sainaitheanta a mhaolú. Na hathruithe atá le déanamh le riachtanais an Bhoird a chomhlíonadh, tá siad leagtha amach go soiléir in Iarscríbhinn I den tuarascáil um mheasúnú tionchair (Doiciméad Oibre Foirne).

Cuirtear roghanna éagsúla beartais i láthair sa mheasúnú tionchair, agus déantar iad a phlé ann. Níl luí le rogha faoi leith sa mheasúnú tionchair. Na codanna atá sa mholadh, cuireadh le chéile ar bhealaí éagsúla iad, agus tástáladh iad ar na roghanna éagsúla a bhí ann féachaint cén rogha ab fhearr ar fad a d'fhéadfaí a bhaint astu.

Is éard a dhéanann na roghanna go bunúsach tástáil ar an gcur chuige éagsúil atá ann leis cuspóirí sainaitheanta a ghnóthú:

1. Na leibhéil éagsúla atá ann san uaillmhian i leith an chomhshaoil agus i leith na haeráide, agus fócas ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chórais seachadta idir éigeantach agus dheonach;
2. bealaí éagsúla chun tacú le hioncaim feirmeacha, go háirithe i roinnt an ioncaim seo ar fheirmeoirí éagsúla, le fócas ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar fheirmeacha beaga agus meánmhéide.
3. Idirghabhálacha socheacnamaíocha níos leithne, go háirithe faoin mbeartas forbartha tuaithe, chomh maith le cur chuige don nuachóiriú a ghearrann trasna ar a chéile.

Is ar an acmhainn atá in éiciscéim dheonach leis an uaillmhian chomhshaoil agus aeráide a mhéadú a bhíonn tástáil a déanamh ag an gcéad rogha. Déanann sé scrúdú chomh maith ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag uirlisí bainistíochta arb ísle na híocaíochtaí díreacha atá ag dul leo i dtacaíocht d'ioncaim na bhfeirmeoirí. Tá dhá fho-rogha ann a thugann léargas ar an éagsúlacht atá sna Ballstáit i leith uaillmhianta comhshaoil agus íocaíochtaí díreacha laistigh den tsamhail seachadta nua.

I rogha eile, is fearr an t-aimsiú a dhéantar ar íocaíochtaí díreacha, agus is uaillmhianaí an forfheidhmiú coinníollachta atá ann, ar mhaithe le comhfheidhmiúocht eacnamaíoch agus comhshaoil CBT a fheabhsú, sin agus le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin san athrú aeráide. Tugtar fo-roghanna chun cinn freisin le léiriú a dhéanamh ar na difríochtaí féideartha in uaillmhian na mBallstát maidir le cuspóirí comhshaoil agus aeráide.

Maidir leis an rogha deiridh, cuirtear béim mhór ansin ar chúram an chomhshaoil, agus ar an bhfostaíocht, agus tá athrú san fhócas ar fheirmeoirí beaga agus meánmhéide mar bhealach le poist a choinneáil sna ceantair tuaithe. Tá de dhualgas ar na Ballstáit 30% de na híocaíochta

Philéar I a leithdháileadh le hairgead a chur i dtreo ceithre scéim a bhféadfadh feirmeoir a bheith páirteach iontu go deonach, an fheirmeoireacht orgánach, an féarach buan, limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu, agus eilimintí líneacha tírdhreacha.

Tugann an measúnú tionchair le fios nach féidir ach géilleadh don trádmhalartú nuair a chuirtear athrú suntasach ar na paraiméadair bhunúsacha atá i gceist leis an oiread sin spriocanna éagsúla.

Is bunpharaiméadar ríthábhachtach atá sa leibhéal tacaíochta ó CBT. An laghdú 5% a mhol an Coimisiún i dTeachtaireacht uaidh i mBealtaine 2018 don CAI 2021-2027, is rud é atá laistigh den raon atá faoi chaibidil sa mheasúnú tionchair.

Maidir le hioncam na bhfeirmeoirí, tá tábhacht le leibhéal na tacaíochta agus le dáileadh na tacaíochta araon. Áirithiú leibhéal leordhóthanach tacaíochta ionas go mbeidh ioncam na bhfeirmeoirí ina chuid bhunúsach den CBT amach anseo arís, chun gur féidir slándáil bia a áirithiú, mar aon le huailmhian i leith an chomhshaoil agus na haeráide, agus beocht na gceantar tuaithe. **Feabhas a chur ar an aimsiú tacaíochta** d'fheirmeacha beaga agus meanmhéide agus do cheantair a bhfuil srianta nádúrtha iontu, is rud é a d'fhéadfadh a bheith ina chúnaimh le tuilleadh post a choinneáil ar fheirmeacha, agus le gníomhaíocht feirmeoireachta a choinneáil sa limistéar ar fad, rud a neartóidh creatlach shocheacnamaíoch na gceantar tuaithe. Is féidir feabhas a chur ar dháileadh na n-íocaíochtaí díreacha le caidhpeáil agus le cóineasú. Rogha ar bith a dhéanfaidh athdháileadh mór ar íocaíochtaí díreacha d'fheirmeacha agus do réigiúin a bhfuil táirgiúlacht íseal iontu, is léir gur rud é sin a chuirfidh laghdú ar iomaíochas an Aontais Eorpaigh go gearrthéarmach, fad atá sé ag cur feabhais ar chosaint an chomhshaoil. Rud nach bhfuil chomh soiléir céanna áfach ná an cumasc beart a d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha ioncaim a mhaolú ach san am céanna aghaidh a thabhairt ar dhúsláin a bhfuil baint acu leis an talmhaíocht freisin - idir na hionchais chomhshaoil agus aeráide atá ann, agus na hionchais ar thaobh an stáit agus na sochaí. Chun sin a dhéanamh, teastaíonn athruithe a bheidh ina spreagadh, athruithe a chuirfidh feabhas ar fheidhmíocht na hearnála ó thaobh socheacnamaíochta de agus ó thaobh an chomhshaoil.

Léiríonn comhairle agus anailísí na ngeallsealbhóirí gur féidir é seo a dhéanamh, ach an scothchleachtas a chur i bhfeidhm (san fheirmeoireacht choinbhinsiúnach, agus i gcineálacha eile feirmeoireachta), rud a dhéanfaí trí bhíthin forálacha tionlacain a thabharfadh aird ar **uailmhian mhéadaithe i leith an chomhshaoil agus i leith gníomhaíochta aeráide** lena n-áirítear eolas, nuálaíocht agus an teicneolaíocht ábhartha is deireanaí.

Ar bhonn gach ní ar glacadh leis san anailís, agus gach rogha a rinneadh ann, d'fhéadfadh trádmhalartú a bheith ann le spriocanna eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta CBT a bhaint amach, sin agus leis an athchóiriú agus leis an simpliú atáthar ag iarraidh a dhéanamh air. Tionchar ioncaim inbhainistithe, tacaíocht don mhéadú uailmhéine don chomhshaoil, don ghníomhaíocht aeráide, agus do **shineirgí CBT eile**, sin go hachomair an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an athdháileadh. Le go dtarlódh sin áfach, níor mhór don earnáil agus don bheartas greim a bhreith ar na deiseanna atá ann de bharr na nuálaíochta agus na dteicneolaíochtaí a chuireann an nuachóiriú agus an simpliú ar a gcumas.

Má bhíonn toimhdí agus roghanna eile ann, is cinnte go gcuirfidh siad sin athrú ar thorthaí mionsonraithe, ach ní ar an bpríomhtheachtaireacht bhunúsach, is é sin go *an is rogha is fearr do CBT amach anseo an rogha a cheanglóidh na heilimintí is bisiúla le chéile ó na roghanna éagsúla, an rogha a sheachnóidh laigí na roghanna eile trí chlaí cosanta a thógáil a áiríteoidh cothromaíocht iomaíochta san Aontas Eorpach*. Tugann sin le fios go dteastaíonn

critéir shoiléire don tacaíocht do leibhéal an ioncaim agus do dháileadh an ioncaim, don uaimhian i leith an chomhshaoil agus i leith na haeráide, an gríosú atá ann chun nuachóirithe, agus coimhdeacht/simpliú de réir mar is oiriúnach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

An chastacht atá i gcur i bhfeidhm an bheartais faoi láthair, is í an bhéim ar chomhlíonadh na mionrialacha a leagtar síos ag leibhéal an Aontais Eorpaigh cuid mhaith den chúis atá léi. An tsamhail nua seachadta atá á moladh, bainfidh sí amach sraith na gcritéir incháilitheachta do thacaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, critéir a ligeann do na Ballstáit coinníollacha incháilitheachta a shainmhíniú a oireann dá gcuid dálaí sonracha féin. Meastar go dtarlóidh simpliú mór dá bharr seo.

Ó thaobh na staire de, is ó athchóiriú go hathchóiriú a cuireadh forbairt ar CBT ionas gurbh ina ionstraimí éagsúla a bhí sé. Ó am go chéile, ní rud gan dua a bhí ann comhordú a dhéanamh ar na hionstraimí seo. Faoi togra reatha, tugtar eilimintí tacaíochta CBT ar fad le chéile in aon chreat comhleanúnach amháin a laghdóidh an t-ualach riaracháin a bhaineann le CBT a chur i bhfeidhm.

- **Ceartha bunúsacha**

Urramaítear sa togra seo na ceartha bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is foráil de chuid thogra an Choimisiúin don chreat airgeadais ilbhliantúil do 2021-2027 (COM (2018) 322 críochnaitheach) gur ceart cuid mhór de bhuiséad an Aontais Eorpaigh a chur i dtreo na talmhaíochta arís, rud atá in chomhbheartas a bhfuil tábhacht straitéiseach ag roinnt leis. Dá bhrí sin, faoi mar atá na praghsanna reatha, moltar go ndéanfadh CAP fócas ar na croí-ghníomhaíochtaí, agus EUR 286.2 billiún a leithdháileadh don CERT, agus EUR 78.7 billiún don CETFT.

Tá comhlánú na gcistí talmhaíochta seo sa mhaoiniú breise ó Fhís Eorpach, ós rud é go bhfuil EUR 10 billiún sa phacáiste atá molta don chlár seo chun tacú le taighde agus le nuálaíocht i gcúrsaí bia, sa talmhaíocht, san fhorbairt tuaithe, agus sa bhitheacnamaíocht. Cuirfear cúlchiste talmhaíochta nua ar bun sa CERT le maoiniú a dhéanamh ar thacaíocht bhreise d'earnáil na talmhaíochta. Suimeanna airgid a bheidh gan úsáid bliain amháin, cuirfear ar aghaidh iad chuig an gcéad bhliain eile.

Maidir le dáileadh na n-íocaíochtaí díreacha i measc na Ballstát, moltar i gcás gach Ballstáit a bhfuil íocaíochtaí díreacha acu is lú ná 90% de mheán an Aontais Eorpaigh go leanfar den phróiseas seo a tosaíodh sa tréimhse 2014-2020, agus go ndúnfar 50% den bhearna atá ann faoi láthair go 90%. Tabharfaidh na Ballstáit ar fad rannchuidiú do mhaoiniú an chóineasaithe seo ar leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha. Is ar an mbonn seo a ríomhtar leithdháiltí na Ballstáit le haghaidh íocaíochtaí díreacha i rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT.

Moltar athchothromaíocht a chur sa mhaoiniú idir buiséid an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát le haghaidh fhorbairt na tuaithe. Beifear ábalta an tacaíocht phoiblí do cheantair tuaithe a fhágáil gan mórán athraithe de bharr ardú rátaí cómhaoinithe náisiúnta, rud atá ar aon dul leis an méid atá á thuar do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa. An dáileadh a dhéanfar ar thacaíocht EAFRD, is ar chritéir oibiachtúla atá nasctha leis na cuspóirí beartais a bhunófar é, agus tá an dáileadh reatha curtha san áireamh ann. Faoi mar atá inniu, ba cheart rátaí cómhaoinithe ní b'airde a bheith ann chun leasa na réigiún lagfhorbartha, rátaí

a chuirfear i bhfeidhm ar bhearta áirithe eile, ar Leader, cuir i gcás, agus ar íocaíochtaí ar chostais bainistíochta.

Tairgfear leibhéal áirithe solúbthachta do na Ballstáit le haghaidh aistrithe idir leithdháiltí. Is féidir suas le 15 % de na híocaíochtaí díreacha a aistriú do leithdháileadh CETFT agus vice versa. Is féidir céatadán is airde ná sin a aistriú ó íocaíochtaí díreacha go leithdháileadh CETFT i gcás idirghabhálacha a bhaineann le spriocanna comhshaoil agus aeráide, agus deontais d'fheirmeoirí óga le gnó a shocrú suas.

Tá sonraí faoi thionchar airgeadais thogra an CBT leagtha amach sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra.

5. EILIMINTÍ EILE

• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

An t-aistriú i dtreo beartais ar mó béim atá ann ar an bhfeidhmíocht, is gá creat láidir feidhmíochta a leagan síos ina choinne, é sin a bhunú a tháscairí coiteanna, rud a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin feidhmíocht an bheartais a mheasúnú, agus faireachán a dhéanamh air. Is iad an **Comhchreat Faireacháin agus Meastóireachta (CMEF)** agus an córas faireacháin ar Íocaíochtaí Díreacha agus ar Fhorbairt Tuaithe atá ann faoi láthair an bunús a bheadh le faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht an bheartais, ach beidh barr éifeachta le cur orthu, agus tuilleadh forbartha, (an chomhsheasmhacht idir an dá philéar san áireamh). Bheadh tuilleadh infheistíochta ag teastáil le táscairí oiriúnacha a thabhairt chun cinn, agus le dóthain sruthanna eolais a áirithiú.

Clúdóidh **Creat nua Faireacháin agus Meastóireachta** na hionstraimí ar fad a bheidh i CBT amach anseo: Na pleananna straitéiseacha maidir le CBT, mar aon leis na heilimintí de CBT nach gclúdaítear sna pleananna straitéiseacha maidir le CBT (roinnt codanna de Chomheagrú Na Margaí, scéimeanna faoi leith). Dhéanfaí an fheidhmíocht a mheas i dtaca le Cuspóirí Sonracha an bheartais le húsáid na dtáscairí coiteanna.

Is faoi chomaoin na bprionsabal seo a leanas a eagrófar an tsamhail nua:

- Is rud iad na táscairí comhthéacs a mbeidh baint acu leis an ábhar, mar léiríonn siad gnéithe ábhartha de na treochtaí ginearálta sa gheilleagar, sa chomhshaol, agus sa tsochaí, agus is dóigh go mbeidh tionchar acu ar an bhfeidhmíocht.
- Ba cheart tacar táscairí níba theoranta ach níba chruinne a roghnú, rogha a léireodh chomh mór agus a éiríonn leis an idirghabháil tacaíochta a cion féin a dhéanamh leis na spriocanna a bhaint amach leis an mbunlíne atá i gceist, agus de réir sainmhínte soiléire.
- Déanfar feidhmíocht an bheartais ina hiomláine a mheas go hilibhliantúil, agus is ar bhonn na dtáscairí tionchair a dhéanfar sin. Is ar liosta uileghabhálach na dtáscairí toraidh a bheidh an dara féachaint ar fheidhmíocht bhliantúil an bheartais ag brath.
- Dhéanfadh na táscairí aschuir ceangal uair sa bhliain idir caiteachas agus feidhmíocht chur i bhfeidhm an bheartais. Is obair bhliantúil atá sa rud sin, agus é ag brath ar liosta na dtáscairí aschuir (cinn atá ar fáil cheana go príomha).

- An iontaofacht atá sna táscairí feidhmíochta ábhartha, tig iad a éascú le sineirgí idir sonraí staitisticiúla agus sonraí riaracháin, ach ní féidir sin a dhéanamh gan córas rialaithe cáilíochta a bheith ann.

Go bunúsach, is éard atá á mholadh aistriú sna freagrachtaí agus sna deiseanna atá i gcreat coiteann, iad sainithe go soiléir agus iad curtha i bhfeidhm, ionas go gcuirfidh siad toradh ar níos mó ná bunspríoc amháin san am, mar atá simpliú, béim ar na torthaí (seachas ar chomhlíonadh na rialacha), ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an bheartais.

Meastar gurb é an t-athbhreithnithe bliantúil ar an bhfeidhmíocht an chuid is tábhachtaí den fhaireachán leanúnach agus den stiúradh a dhéantar ar chur chun feidhme an bheartais. Ionas gur féidir athbhreithniú bliantúil ar an bhfeidhmíocht a chur ag obair, beidh táscairí leordhóthanacha aschuir agus táscairí torthaí le comhthíolacadh i dtuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme Plean Straitéiseach CBT ar a dtugtar *An Tuarascáil Bliantúil Feidhmíochta*. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil ar fáil faoin aschur agus faoin gcaiteachas a bhí ann, mar aon le tuairisc faoin obair atá fós le déanamh le spriocanna na tréimhse uile a bhaint amach, rud a chuirfear in iúl ina luachanna de na táscairí coiteanna clárshonracha.

Is i gcomhréir le hailt 22 agus 23 den chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016⁷ a dhéanfar an mheastóireacht, áit ar dhearbhaigh an trí institiúid gur dóigh go mbeidh an mheastóireacht ar an reachtaíocht agus ar an gcomhbheartas atá ann faoi láthair ina bunús don mheasúnú tionchair agus do roghanna le haghaidh bearta eile. Is éard a dhéanfaidh na meastóireachtaí ná éifeachtaí obair an chláir ar na feirmeacha féin a mheas, rud a bheidh bunaithe ar tháscairí/spriocanna an chláir, agus ar mhionanailís ar an ábharthacht, ar an éifeachtúlacht, agus ar an éifeachtacht a mheastar a bheith sa chlár, agus mionanailís ar cé chomh mór agus atá luach breise don Aontas Eorpach ann, agus ar cé chomh mór agus atá comhleanúint idir é agus bearta eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Beidh le háireamh orthu ceachtanna a foghlaimíodh i sainaitheint easpa/fadhbanna nó aon deis eile le tuilleadh feabhais a chur ar na gníomhartha agus ar an toradh a bhíonn orthu, agus le saothrú/tionchar a bhaint astu oiread agus is féidir.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann seo le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Baineann an togra le trí rialachán:

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (eadhon: Rialachán an Phlean Straitéisigh faoi CBT)

⁷

An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14.

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoi mhaoiniú, faoi bhainistiú agus faoi fhaireachán an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (eadhon: An Rialachán Cothrománach CBT)
- Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí do tháirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 ar scéimeanna ardchaighdeáin do tháirgí talmhaíochta agus bia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 ar shainmhíniú, ar chur síos, ar chur i láthair, ar lipéadú, agus ar chosaint na dtásc geografach a bhaineann le fionta cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 a leagann síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus (AE) Uimh. 229/2013 a leagann síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach is lú (eadhon: Rialachán Leasaithe)

Na rialacháin seo agus iad a chur le chéile, is athrú iad ar CBT sa mhéid agus go ndéanann siad ailíniú ar a gcuid spriocanna le tosaíochtaí Juncker agus na SFIanna, sin agus simpliú ar chur chun feidhme an bheartais san am céanna. Cuirfear CBT in oiriúint do na dálaí áitiúla de bhrí go mbainfear amach an coinníoll incháilitheachta do thacaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Beidh ar chumas na mBallstát formhór na gcoinníollacha incháilitheachta a shainmhíniú ar an leibhéal náisiúnta chun iad a chur in oiriúint dá gcuid tosaí saineiúla féin. San am céanna, laghdófar an t-ualach riaracháin a ghabhann le rialuithe trí theorainn a chur leis an nasc díreach idir coinníollacha incháilitheachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus na tairbhíthe deiridh.

Ós éard is cuspóir do CBT leanúint den fheabhas ar fhorbairt inbhuanaithe na feirmeoireachta, an bhia, agus na gceantar tuaithe, tá fócas sna cuspóirí ginearálta atá aige ar fheabhas feidhmíochta i réimsí an chomhshaoil agus na haeráide, agus neartú an ghréasáin shocheacnamaíochta sna ceantair thuaithe. Ina theannta sin, is cuspóir a bhfuil gearradh trasna ar a chéile ann atá i gcothú an eolais, sa nuálaíocht agus sa digitiú sa talmhaíocht agus sna ceantair thuaithe.

Leanfaidh CBT nua na cuspóirí sonracha seo a leanas:

- (a) Tacaíocht d'ioncam feirme inmharthana agus don athléimneacht ar fud chríocha an Aontais chun feabhas a chur ar an tslándáil bia;
- (b) díriú níos fearr ar an margadh, agus cur leis an iomaíochas, lena n-áirítear fócas ar an taighde, ar an teicneolaíocht agus an digitiú, agus fócas níos mó ar ghlacadh na nithe sin;
- (c) Áit na bhfeirmeoirí sa slabhra luacha a fheabhsú;
- (d) Cuidiú an t-athrú aeráide a mhaolú, an cuidiú san oiriúnú don athrú sin, mar aon leis an bhfuinneamh inbhuanaithe;
- (e) An fhorbairt inbhuanaithe agus bainistiú éifeachtúil ar acmhainní nádúrtha, idir an t-uisce, an ithir agus an t-aer, a chothú;
- (f) Cuidiú an bhithéagsúlacht a chosaint, seirbhísí éiceachórais a fheabhsú agus gnáthóga agus tírdhreacha a chaomhnú;
- (g) Feirmeoirí óga a mhealladh agus forbairt gnó a éascú;

- (h) An fhostaíocht, an fás, an cuimsiú sóisialta, agus an fhorbairt áitiúil a chur chun cinn i gceantair thuaithe, lena n-áirítear an bithghéilleagar agus an fhoraoiseacht inbhuanaithe;
- (i) An chaoi a dtéann earnáil talmhaíochta an Aontais Eorpaigh i ngleic le héilimh shochoíocha ar bhia agus ar shláinte, lena n-áirítear bia sábháilte cothaitheach inbhuanaithe, agus leas ainmhithe, a fheabhsú.

Leis na spriocannaí seo a chur díobh, áiritheoidh na Ballstáit simpliú agus feidhmíocht na tacaíochta faoi CBT. Déanfaidh siad idirghabháil atá oiriúnach do na toscaí atá ann, rud a bheidh bunaithe ar na cineálacha idirghabhála a luaitear sa rialachán. Beidh ar na Ballstáit aird faoi leith a thabhairt ar na cuspóirí sonracha atá ag dul le cúrsaí comhshaoil agus le cúrsaí aeráide, agus ar athnuachan na nglún, agus ar nuachóiriú an bheartais um chur chun feidhme, agus chuige sin beidh fócas ar úsáid ab fhearr a bhaint as eolas agus as comhairle agus as teicneolaíochtaí (digiteacha) nua.

Cuirfidh na Ballstáit a gcuid moltaí idirghabhála i láthair leis na cuspóirí AE-sonracha i bPlean Straitéiseach maidir le CBT a chur i gcrích. Leagtar síos rialacha faoi Plean Straitéiseach maidir le CBT sa reachtaíocht, agus déanfaidh an Coimisiún na pleananna a sheiceáil agus a fhaomhadh. Déanfaidh Pleananna Straitéiseacha maidir le CBT cónascadh ar an gcuid is mó d'ionstraimí Tacaíochta CBT atá á maoiniú faoin CERT (lena n-áirítear na cláir earnála a bhí bunaithe faoin rialachán CMT go n-uige seo) agus faoin CETFT. Ar an gcaoi seo, déanfar straitéis cur chun feidhme comhleanúnach idirghabhála amháin a dhearadh trí obair na mBallstát. Sna Pleananna Straitéiseacha maidir le CBT, leagfaidh na Ballstáit síos spriocanna ar an méid is mian leo a chur i gcrích le linn na clárthréimhse, agus úsáidfí siad táscairí toraidh a bhfuil sainmhíniú coiteann leo.

An uair a bheidh na Pleananna Straitéiseacha maidir le CB bunaithe, cuirfidh na Ballstáit tuairisc ar fáil uair sa bhliain faoin dul chun cinn a bhí ann sa chur chun feidhme, rud a n-úsáidfí siad córas táscairí coiteanna lena aghaidh. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn, agus déanfaidh siad measúnú ar éifeachtacht na hidirghabhála.

Tá eolas sa roinn seo thíos ar an ábhar saineúil atá sa trí rialachán.

Rialachán an Phlean Straitéisigh faoi CBT

Tá foráil i dTeideal I do raon feidhme an rialacháin chomh maith le foráil a bheith ann do na sainmhínithe.

Cuirtear cuspóirí ginearálta agus cuspóirí sonracha CBT i láthair i dTeideal II, cuspóirí ar gá cloí leo san idirghabháil a dhearann na Ballstáit ina gcuid Pleananna Straitéiseacha maidir le CBT. I dTeideal III, cuirtear cuid de na ceanglais choiteanna do na Pleananna straitéiseacha maidir le CBT i láthair, mar aon le heilimintí arb infheidhme dóibh ar idirghabhálacha éagsúla. Baineann na ceanglais choiteanna le comhlíonadh na bprionsabail ginearálta agus na mbunchearta, fiaradh na hiomaíochta a sheachaint, urraim don mhargadh inmheánach, agus an neamhchlaontacht, mar aon le hurraim do rialacha tacaíochta baile na hEagraíochta Trádála Domhanda. Áirítear orthu sin chomh maith ceanglais maidir le heilimintí sonracha atá le sainmhíniú i bpleananna CBT, eadhon céard is ceantar talmhaíochta ann, céard is gníomhaíocht talmhaíochta ann, céard is feirmeoir dearbhaithe ann, agus céard is feirmeoir óg ann. Is é rud a bhfuil cur síos air sa roinn seo na dualgais faoi 'choinníollacht' (na ceanglais ar gá do gach tairbhí a bheith in oiriúint dóibh, ceanglais a bhaineann leis an dea-chleachtas talmhaíochta, ach dualgais eile chomh maith de bhun reachtaíocht an Aontais Eorpaigh), agus an gá atá le seirbhísí comhairliúcháin feirme ar fónamh.

Ar deireadh, tá cur i láthair sa Teideal seo ar na cineálacha idirghabhála i láthair a fhéadfaidh na Ballstáit a úsáid lena gcuid Pleananna Straitéiseacha maidir le CBT a chur chun feidhme. Na cineálacha idirghabhála atá ann, sin iad na catagóir leathana idirghabhála is féidir leis na Ballstáit a úsáid ina gcuid Pleananna Straitéiseacha faoi CBT.

Is forálacha airgeadais atá i dTeideal IV. Dhá rud atá ann ach go háirithe na clúdaigh airgeadais do gach Ballstát agus do gach Ciste, agus sainmhíniú ar an tsolúbthacht le leithdháiltí a aistriú idir cistí. Foráiltear ann do rátaí rannchuidithe CETFT i ndáil le caiteachas poiblí na mBallstát, agus leagtar amach ann cuid de na leithdháiltí íosta agus uasta le haghaidh críoch faoi leith.

Cuirtear na rialacha faoi Pleananna Straitéiseacha faoi CBT i láthair i dTeideal V. Luaitear ann na heilimintí is gá do na Ballstáit a chur san áireamh agus Plean Straitéiseach faoi CBT á dhréachtú acu, an phleanáil airgeadais, agus cén íosmhéid ábhair a bheidh ann. Mínítear sa teideal seo freisin cé na rialacha atá infheidhme don fhaomhadh a dhéanfaidh an Coimisiún ar Phleananna Straitéiseacha faoi CBT, agus cé mar is féidir pleananna dá leithéid a leasú.

Foráiltear i dTeideal VI do na heilimintí is gá chun comhordaithe agus chun rialachais. Leagann sé freagrachtaí ar údaráis na mBallstát le haghaidh cúraimí sonracha a bhaineann le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT. Cuireann sé coiste faireacháin ar bun a thabharfaidh na geallsealbhóirí ar fad i gceist. Cuirtear líonraí ar bun leis freisin arb é dea-chur chun feidhme Pleananna Straitéiseacha faoi CBT is éigean dó a dhéanamh. Bunófar na líonraí seo ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon. Ar deireadh, seo é an teideal lena mbunaítear an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach le borradh a chur faoin malartú eolais agus faoin nuálaíocht.

Tugtar an creat faireacháin feidhmíochta agus meastóireachta isteach le Teideal VII, áit a lena leagfar síos rialacha faoin an uair agus faoin rud is éigean do na Ballstáit tuairisc a thabhairt air, tuairisc maidir le dul chun cinn sna rialacha atá acu dá gcuid Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, agus faoin mbealach a ndéanfar faireachán agus meastóireacht air sin. Thar teideal ar bith eile, is sa teideal seo atá na rialacha ar bhónas feidhmíochta ar fheidhmíocht ar fónamh i réimsí an chomhshaoil agus na haeraíde.

Ar deireadh thiar, baineann Teidil VIII agus IX leis na rialacha iomaíochta, teidil a mhíníonn cé mar is éigean rialacha cunta a chur i bhfeidhm i Stáit ar leith, cé na rialacha infheidhme a aisghairtear, agus cén uair is infheidhme don rialachán.

An Rialachán Cothrománach Cothrománach CBT

Moltar struchtúr reatha CBT a choinneáil, struchtúr atá ina dhá philéar a bhfuil forálacha bliantúla i bPiléar I ann faoin bhforfheidhmiú ginearálta, mar aon leis na forálacha i bPiléar II a léiríonn tréithe sonracha náisiúnta agus réigiúnacha faoi chlár maoinithe ilbhliantúil. Is ar bhreis coimhdeachta a bheidh CBF ag díriú i ndiaidh 2020 áfach, ionas gur fearr a fhéadfaidh na Ballstáit na forálacha forfheidhmithe a mhúnlú faoin dá Philéar, múnla a bheidh de réir a gcuid réaltachtaí saoil féin agus de réir chúinsí saoil na bhfeirmeoirí. Is ionann breis coimhdeachta agus athchothromaíocht freagrachtaí i mbainistiú CBT ar thaobh amháin den scéal, agus caidreamh eile idir Aontas na hEorpa, na Ballstáit agus na feirmeoirí ar an taobh eile de.

Ar an mbonn seo, tá an Rialachán Cothrománach CBT reatha in oiriúint don tsamhail seachadta nua, agus léiríonn sé an bhreis solúbthachta atá sna Ballstáit ag cur an bheartais

chun feidhme dóibh (i gcomhréir lena gcuid riachtanas áitiúil, mar aon le laghdú riaracháin do na tairbhíthe, agus aistriú i dtreo beartais atá bunaithe ar chúrsaí feidhmíochta.

An t-aistriú seo ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ó chomhlíonadh na rialacha go dtí an fheidhmíocht, is rud é a dteastaíonn sainaithint shoiléir ar na spriocanna lena aghaidh, spriocanna a chaithfidh an beartas a chur i gcrích: is ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhunófar na spriocanna seo. Le dul i dtreo meicníocht bheartais ar mó an bhéim ann ar na torthaí atá á dtabhairt chun cinn, beidh aistriú á dhéanamh ó dhearbhu na dlíthiúlachta agus rialtachta a bhaineann leis na hidirbhearta chuig dearbhú na feidhmíochta agus chuig an urraim do bhuncheanglais an Aontais Eorpaigh, leithéid CCRR (An Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe), nó na comhlachtaí rialachais (ghníomhaireachtaí íocaíochta, comhlachtaí comhordaithe, údaráis inniúla, agus comhlachtaí deimhniúcháin). Coinneofar na struchtúir rialachais téagartha iontaofa ar de thréithe CBT iad.

Chomh maith leis na forálacha airgeadais, tá forálacha sa Rialachán Cothrománach fós ar na prionsabail ghinearálta a bhaineann le seiceálacha agus pionóis, ar sheiceálacha coinníollachta agus ar an gCóras Rialaithe um Uathobriú Tionsclaíoch IACS. Mar thoradh air seo, leagtar síos rialacha sa rialachán maidir le hairgeadas, le bainistiú, le córais rialaithe, le próisis imréitigh (imréiteach airgeadais bliantúil agus imréiteach feidhmíochta bliantúil) mar aon le nós imeachta an chomhlíonta.

Tá eilimintí simpliúcháin éagsúla sa rialachán seo. Ar an gcéad dul síos, léiríonn an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil nua an t-aistriú ón gcomhlíonadh a bhí ar na tairbhí aonair a dhéanamh chuig feidhmíocht bheartais sna Ballstáit.

Chomh maith leis sin, tá tuar ann ar laghdú ar líon na ngníomhaireachtaí íocaíochta, agus ar athneartú ról an chomhlachta chomhordaithe agus an chomhlachta dheimhniúcháin i gcomhréir leis an tsamhail seachadta nua. A bhuíochas leis sin, beidh an córas níos trédhearcaí agus is lú ualaí a bheidh i gceist leis do riaracháin náisiúnta agus don Choimisiún araon. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tugtar isteach coincheap seo an chur chuig aonair chun iniúcháireachta, agus dá bharr sin féadfaidh an Coimisiún gan iniúchadh a dhéanamh chomh minic.

Rialachán Leasaithe

Is dearbhú í an Teachtaireacht ar Thodhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta gur cuid bhunúsach de CBT atá i dtreocht an mhargaidh, ach tá léargas ann freisin ar na dúshláin a bhaineann le inbhuanaitheacht comhshaoil agus le hathrú aeráide. Rud eile de, cuireann sé earnáil na talmhaíochta i gceartlár na díospóireachta faoi chúrsaí bia, rud is cás leis na saoránaigh, agus meabhraíonn sé dúinn “gurb é an ról is tábhachtaí atá ag an mbeartas ná cuidiú leis na feirmeoirí na hathruithe i nósanna ithe na ndaoine a thuiscint roimh ré, agus a gcuid táirgeachta a athrú de réir chomharthaí sóirt an mhargaidh agus de réir éilimh na dtomhaltóirí”. Ó tharla gur leagadh síos rialacha mionsonraithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh gur féidir go dtiocfaidís salach ar na hathruithe riachtanacha, is deis atá san athchóiriú le roinnt athruithe riachtanacha a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart don CBT díriú ar na ceistanna atá ag déanamh buartha do na saoránaigh faoi tháirgeadh talmhaíochta atá inbhuanaithe.

Is é is dócha más ea go gcoinneofar creatlach agus príomhghnéithe Rialacháin (AE) 1308/2013, ach go leasófar líon teoranta forálacha de bharr na héabhlóide a bhí ann i gcúrsaí eacnamaíochta agus comhshaoil, mar aon le héabhlóid an stáit agus na sochaí, ó tháinig an rialachán i bhfeidhm in 2014.

Ar an gcéad dul síos, is é is dócha go gcuirfear deireadh le forálacha a bhaineann le hidirghabhálacha eárnála, forálacha a leagadh síos cheana i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, de bhrí gur faoi rialú phlean CBT a rialófar na hidirghabhálacha CBT sa todhchaí, agus de bhrí gur cuid de phleananna straitéiseacha na mBallstát a bheidh ann chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht na hidirghabhála a dhéanann CBT.

Ar an dara dul síos, cé gur chuir an dá leasú ar bheartas fíona i 2008 agus i 2018 na spriocanna a bhí i gceist leo i gcrích den chuid is mó, rud a fhágann go bhfuil biseach eacnamaíoch ar an eárnáil fíona, tá dúshlán nua tagtha chun follais ó thaobh geilleagair, comhshaoil agus aeráide de. Dá bhrí sin, le ceart a bhaint de na dúshlán sin, tá tuar sa rialachán ar líon áirithe leasuithe sonracha ar rialacha atá ann cheana féin.

Ar an tríú dul síos, bhí gairm sa Teachtaireacht ar Thodhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta ar thásca geografacha (GI) a mbeadh mealladh na bhfeirmeoirí agus na dtomhaltóirí iontu thar mar atá, agus an córas a thabhairt chun sobhainistithe. Dá bhrí sin, moltar leasú ar na rialacha reatha faoi tásca geografacha, agus sin a roinnt ar cheithre Acht bunúsach, agus é de sprioc acu an córas thásca geografacha a shimpliú, dlús a chur i gclárú na dtásca geografacha, agus breis éifeachta a chur i bhfaomhadh na leasuithe ar shonraíochtaí táirgí. Is éard is sprioc do na hathruithe sin an córas tásca geografacha a shimpliú ionas gurbh fhusa don tomhaltóir tuiscint a bhaint as, ionas gurbh fhusa é a chur chun cinn, agus ionas gur lú na costais riaracháin a bheadh i mbainistiú an chórais dá bharr.

Maidir leis na rialacha a bhaineann le fíon, rialacha a chuireann teorainn le hiniúchadh an Aontais Eorpaigh ar iarratais, ionas nach ndéantar ach botúin fhollasacha a cheartú iontu, agus rialacha maidir le maoin intleachtúil a dhealú ó cheanglais eile a leagtar síos sa tsonraíocht táirge, sin agus é a chur ar chumas na mBallstát cinneadh a dhéanamh ar leasuithe nach mbíonn tionchar acu ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, is rud e sin a chuirfeadh líofacht sna hiarratais, a ghiorródh na hamlínte, agus a dhéanfadh réasúnú ar na foinsí, i gcomhréir le dhá phrionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta. Sa tslí chéanna, má shimplítear cuid de na nósanna imeachta sonracha, an nós imeachta freasúra, mar shampla, meastar go gcuirfidh sé sin breis éifeachta sa nós imeachta formheasa.

An soiléiriú ar an sainmhíniú ar ainmniú cosanta tionscnaimh d'fhíonta, is soiléiriú é a chuirfidh ar chumas na ngrúpaí táirgeoirí cineálacha nua a úsáid, rud eile atá ag teastáil chun freagairt don athrú aeráide, agus rud a mbeidh bonn cirt cuí faoi iarratais dá bharr, i gcomhréir le réaltachtaí fionsaothraithe agus fhíoneolaíocha. Moltar freisin cosaint na dtásc geografach a neartú, mar aon le cosaint in aghaidh tásca geografacha bréige ar an idirlíon, agus cosaint ar earraí le linn dóibh a bheith á n-iompar.

An simpliú a mholtar do thásca geogracha fíona, is rud é is gá a chur i bhfeidhm ar tháirgí talmhaíochta agus ar earraí bia chomh maith: chun leibhéal réasúnach comhleanúnachais a áirithiú idir na scéimeanna, agus leis an sochar thuasluaite a chur ar fáil do lucht táirgthe tásca geografacha san eárnáil seo freisin. Níl ag scéim tásca geografacha na bhfíonta cumhraithe ach 5 thásca den 3350 tásc atá ann, tá sé do-oibrithe, agus ba cheart a tháthú le scéim eile – is oiriúnach an scéim atá i scéim na dtáirgí talmhaíochta agus bia-earraí mar clúdaíonn sí deochanna alcóil eile cheana féin.

Ina theannta sin, tá tuar forála sa rialachán nach ndéanann le gealltanais a thug an tAontas Eorpach agus na Ballstáit le deireanas ach iad a aistriú ina reachtaíocht inmheánach i gcomhthéacs Chinntí na nAirí san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus ar bhealach níos ginearálta ar bhearta um iomaíocht onnmhairithe.

Ar deireadh, moltar cuid de na forálacha atá imithe i léig a chur ar ceal, *inter alia* an córas rialachán agus ceanglas a bhaineann le hearnáil an tsiúcra, córas a chuaigh in éag ag deireadh na bliana margaíochta 2016/2017.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1306/2013

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁸,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal ‘The Future of Food and Farming’ (‘Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta’) an 29 Samhain 2017, cinnítear go leanfaidh an Comhbheartas Talmhaíochta (dá ngairtear ‘CBT’ anseo feasta) air ag cur dlús leis an gcaoi a dtugann sé faoi dhúshláin agus deiseanna na todhchaí, trí bhorradh a chur faoin bhfostaíocht, faoin bhfás agus faoin infheistíocht, trí chomhrac a chur ar an athrú aeráide agus dul in oiriúint dó san am céanna, agus trí shaothar taighde agus nuálaíochta a leathnú amach as na saotharlanna agus a chur chun tairbhe do réimsí agus margai lasmuigh. Ina theannta sin, ba cheart do CBT díriú ar na ceisteanna atá ag déanamh buartha do na saoránaigh faoi tháirgeadh talmhaíochta atá inbhuanaithe.
- (2) [Ionadchoinneálaí do rúin ábhartha ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle]
- (3) Ba cheart samhail seachadta CBT atá bunaithe ar an gcomhlíonadh a choigeartú chun a áirithiú go ndíreofar níos fearr ar thorthaí agus ar an bhfeidhmíocht. Dá réir sin ba cheart don Aontas na bunchuspóirí beartais, cineálacha idirghabhála agus bunriachtanais an Aontais a shocrú agus ba cheart freagracht agus cuntasacht níos mó a bheith ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí sin. Dá thoradh sin, is den riachtanas méadú ar an gcoimhdeacht chun na dálaí agus na riachtanais áitiúla a thabhairt sna áireamh ar dhóigh níos fearr. Dá réir sin, faoin tsamhail seachadta nua ba cheart gur ar na Ballstáit a bheadh an fhreagracht miondeisiú a dhéanamh ar a n-idirghabhálacha CBT i gcomhréir le bunriachtanais an

⁸ IO C , , lch. .

⁹ IO C , , lch. .

Aontais chun a rannchuidiú le cuspóirí CBT an Aontais a uasmhéadú agus an creat comhlíonta agus rialaithe a bhaineann leis na tairbhíthe a bhunú agus a dhearadh.

- (4) Le CBT cuimsítear idirghabhálacha agus bearta éagsúla agus cumhdaítear roinnt mhaith díobh sin leis na Pleananna Straitéiseacha faoi CBT dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ [an Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT]. Tá roinnt eile fós a leanann an loighic comhlíonta thraidisiúnta. Tá sé tábhachtach maoiniú a chur ar fáil do na hidirghabhálacha agus na bearta uile chun rannchuidiú le cuspóirí CBT a bhaint amach. Tá eilimintí áirithe i gcoiteann ag na hidirghabhálacha agus na bearta ar aon agus dá bharr sin ba cheart déileáil lena maoiniú sa tacar forálacha céanna. I gcás inar gá, áfach, ba cheart go bhféadfaí déileáil leo ar bhealach difriúil. Bhí dhá chiste talmhaíochta Eorpacha á rialú le Rialachán (CE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó gComhairle¹¹, eadhon, an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta ('CERT') agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ('CETFT') (na "Cistí" anseo feasta). Ba cheart na Cistí sin a choinneáil faoin Rialachán seo. I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe sin, is iomchuí gníomh nua a chur in áit Rialachán (CE) Uimh. 1306/2013.
- (5) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. .../.... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Airgeadais nua]¹², go háirithe na forálacha lena rialaítear an bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit, feidhmiú na gcomhlachtaí creidiúnaithe agus na prionsabail bhuiséadacha, maidir leis na hidirghabhálacha agus na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (6) Chun cleachtais na mBallstát a chomhchuihiú maidir le cur i bhfeidhm an chlásail *force majeure*, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí, do dhíolúintí ó rialacha CBT i gcásanna *force majeure* agus in imthosca eisceachtúla, agus do liosta neamh-uileghabhálach cásanna *force majeure* agus agus foráil a dhéanamh maidir le liosta imthosca eisceachtúla a d'fhéadfadh a bheith ann a bheidh le haithint ag na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart do na húdaráis inniúla ábhartha cinntí a dhéanamh maidir le *force majeure* ar bhonn gach cáis ar leith, ar bhonn na fianaise ábhartha.
- (7) Ba cheart gur le buiséad ginearálta an Aontais (buiséad an Aontais) a dhéanfaí caiteachas ar an bPlean Straitéiseach faoi CBT a mhaoiniú, lena n-áirítear caiteachas ar idirghabhálacha an Chomhbheartais Talmhaíochta faoi Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT], go díreach faoi na Cistí nó i gcomhthéacs na bainistíochta comhroinnte leis na Ballstáit. Ba cheart na cineálacha caiteachais is féidir a mhaoiniú leis na Cistí a shonrú.
- (8) Chun cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an 'Conradh') a ghnóthú, agus chun cloí le prionsabal na bainistíochta comhroinnte, dá bhforáiltear in Airteagal 59 (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gurb ann do na córais

¹⁰ Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] [...] (IO L [...], [...], lch. [...]).

¹¹ Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

¹² Rialachán (AE, Euratom) Uimh. [an Rialachán Airgeadais nua]

rialachais is gá. Dá bharr sin ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an údarás inniúil, an ghníomhaireacht íocaíochta, an comhlacht comhordaithe agus an comhlacht deimhniúcháin a ainmniú.

- (9) Is gá do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe, agus maidir le nósanna imeachta a bhunú chun na dearbhuithe bainistíochta agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla a fháil, agus maidir le deimhniú córas bainistithe agus faireacháin, agus córais tuairiscithe a fháil agus ba cheart foráil freisin go ndeimhneodh comhlachtaí neamhspleácha na cuntais bhliantúla. Ina theannta sin, chun trédhearcacht an chórais seiceálacha a bheidh le déanamh ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú, go háirithe maidir le nósanna imeachta údaráithe, bailíochtaithe agus íocaíochta, chun an t-ualach riaracháin agus iniúchta a laghdú do sheirbhísí an Choimisiúin agus do na Ballstáit chomh maith i gcás ina gceanglaítear gach gníomhaireacht íocaíochta a chreidiúnú, ba cheart líon na n-údarás agus na gcomhlachtaí a dtarmlichtear na cúraimí sin chucu a shrianadh, agus forálacha bunreachtúla gach Ballstáit á gcomhlíonadh.
- (10) I gcás ina gcreidiúnaíonn Ballstát níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta amháin, ba cheart dó comhlacht poiblí comhordaithe aonair a ainmniú chun comhsheasmhacht a áirithiú i mbainistiú na gcistí, chun foráil a dhéanamh maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh idir an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe éagsúla agus chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a iarrann an Coimisiún faoi oibríochtaí roinnt gníomhaireachtaí íocaíochta a chur ar fáil go tapa. Ba cheart don chomhlacht gníomhaíochtaí a ghlacadh agus a chomhordú d'fhonn aon easnaimh de chineál coiteann a thagann chun cinn ar an leibhéal náisiúnta a réiteach agus ba cheart an Coimisiún a choinneáil ar an eolas maidir le bearta leantacha.
- (11) Is réamhriachtanas tábhachtach deis a thabhairt do na gníomhaireachtaí íocaíochta atá creidiúnaithe ag na Ballstáit a bheith rannpháirteach faoin tsamhail seachadta nua maidir le cinnteacht réasúnta a bheith ann go gnóthófar na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach sna Pleananna Straitéiseacha faoi CBT le hidirghabhálacha a bheidh maoinithe ag buiséad an Aontais. Ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite, mar sin, sa Rialachán seo nach féidir ach caiteachas a dhéanann gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a aisíoc ó bhuiséad an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart aschur comhfhreagrach a theacht as an gcaiteachas a mhaoineoidh an tAontas maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear sa Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT, aschur i dtaca le ceanglais bhunúsacha an Aontais agus leis na córais rialachais agus ba cheart dó bheith i gcomhréir leis na ceanglais agus na córais sin freisin.
- (12) I gcomhthéacs smacht buiséadach a urramú, is gá an uasteorainn bhliantúil don chaiteachas arna maoiniú le CERT a shainiú trí na huasmhéideanna a leagtar síos don Chiste sin faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/322 ón gComhairle [COM(2018)322 final – Rialachán CAI]¹³.
- (13) Leis an smacht buiséadach ceanglaítear freisin go n-urramófar an uasteorainn bhliantúil arna maoiniú ag CERT i ngach cúinse agus ag gach céim den nós imeachta buiséid agus d'fheidhmiú an bhuiséid. Ceanglaítear leis seo go bhféachfar ar an uasteorainn d'íocaíochtaí díreacha do gach Ballstát a leagtar amach i Rialachán .../... [maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT] mar uasteorainn do na híocaíochtaí díreacha sin i gcás an Bhallstáit lena mbaineann agus go bhfanfaidh aisíoc na n-íocaíochtaí sin laistigh den uasteorainn sin.

¹³ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. [Rialachán nua CAI]

- (14) D' fhoill a áirithiú go gcomhlíonfaidh na suimeanna chun CBT a mhaoiniú na huasteorainneacha bliantúla, ba cheart an sásra smachta airgeadais a choimeád trína gcoigeartaítear leibhéil na tacaíochta díri. Mar sin féin, ba cheart deireadh a chur leis an tairseach EUR 2000. Ba cheart chúlchiste talmhaíochta a choinneáil chun tacú leis an earnáil talmhaíochta i gcás forbairtí margaidh nó géarchéimeanna móra a mbeadh tionchar acu ar an táirgeacht talmhaíochta nó ar an dáileadh talmhaíochta. In Airteagal 12(2)(d) de Rialachán (AE, Euratom) [an Rialachán Airgeadais nua] déantar foráil nach bhféadfai leithreasuithe nár gealladh a thabhairt anonn ach go dtí an chéad bhliain airgeadais eile agus chuici sin amháin. Chun an cur chun feidhme a shimpliú go suntasach do thairbhíthe agus do riaracháin náisiúnta, ba cheart sásra leantach a úsáid, trí aon mhéideanna den chúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta a bhunófar in 2020 a úsáid. Chun na críche sin is gá maolú ar phointe (d) d'Airteagal 12(2), lena gceadófar leithreasuithe nár gealladh de chuid an chúlchiste talmhaíochta a thabhairt anonn gan teorainn ama chun an cúlchiste talmhaíochta a mhaoiniú sna blianta airgeadais ina dhiaidh sin. Anuas air sin, i dtaca leis an mbliain airgeadais 2020, is gá maolú eile a dhéanamh toisc gur cheart an méid iomlán den chúlchiste nár úsáideadh a bheidh ar fáil ag deireadh 2020 a thabhairt anonn don bhliain 2021 chuig an líne comhfhreagrach den chúlchiste talmhaíochta nua gan é a chur ar ais go dtí na línte buiséadacha lena gcumhdófar idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad faoin bPlean Straitéiseach faoi CBT.
- (15) Chun nach gcuirfear ualach róthrom riaracháin ar na riaracháin náisiúnta agus ar fheirmeoirí ba cheart a fhoráil nach n-aisíofar na méideanna a thabharfar anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin i dtaca leis an smacht airgeadais a chuirfear i bhfeidhm i gcás ina gcuirfear an smacht airgeadais i bhfeidhm don dara bliain ina dhiaidh sin (bliain N+1), nó i gcás inar lú ná 0,2 % den uasteorainn bhliantúil méid iomlán na leithreasuithe nár gealladh.
- (16) Ag cur san áireamh leibhéil na n-íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí sa Chróit faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an tsásra um chéimniú isteach maidir leis na híocaíochtaí díreacha ar fad a dheonaítear sa Bhallstát sin, níor cheart feidhm a bheith ag an ionstraim um smacht airgeadais sin sa Chróit amhail ón 1 Eanáir 2022 amach.
- (17) Ní dhéanann na bearta a dhéantar chun ranníocaíocht airgeadais ó na Cistí a chinneadh chun uasteorainneacha airgeadais a ríomh difear do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh a ainmnítear leis an gConradh. Ba cheart do na bearta sin a bheith bunaithe ar na himchluádaigh airgeadais arna socrú i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an [...][COM(2018) 322 final – Rialachán CAI].
- (18) Le smacht buiséadach éilítear chomh maith go ndéanfar scrúdú leanúnach ar an staid bhuiséadach mheántéarmach. Ba cheart don Choimisiún, más gá, bearta iomchuí a mholadh don reachtóir chun a áirithiú go n-urramóidh na Ballstáit na huasteorainneacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [COM(2018) 322 final Rialachán CAI]. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún lánúsáid a bhaint as a chumhachtaí bainistithe i gcónaí chun a áirithiú go gcomhlíonfar an uasteorainn bhliantúil agus, más gá, bearta iomchuí a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó don Chomhairle chun an staid bhuiséadach a chur ina cheart. Más rud é, ag deireadh bliana buiséid, nach féidir an uasteorainn bhliantúil a chomhlíonadh de thoradh aisíocaíochtaí a d'iarr na Ballstáit, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún bearta a dhéanamh lena gceadófar an buiséad atá ar fáil a dháileadh go sealadach ar na Ballstáit i gcomhréir lena n-íarrataí ar aisíocaíochtaí nach bhfuil íoctha go fóill, agus lena gceadófar na huasteorainn arna socrú don bhliain lena mbaineann a chomhlíonadh. Ba cheart

íocaíochtaí don bhliain sin a mhuirearú ar an mbliain buiséid dár gcionn agus ba cheart suim iomlán maoinithe ón Aontas in aghaidh an Bhallstáit a shuíomh go cinntitheach, agus cúiteamh idir Bhallstáit chun an tsuim atá socraithe a chomhlíonadh.

- (19) Agus an buiséad á chur chun feidhme aige, ba cheart don Choimisiún córas míosúil luathrabhaidh agus faireacháin do chaiteachas talmhaíochta a oibriú, sa chaoi go bhféadfaidh an Coimisiún, má tá baol ann go sárófar an uasteorainn bhliantúil, bearta iomchuí a dhéanamh chomh luath agus is féidir faoi na cumhachtaí bainistithe atá aige agus bearta eile a mholadh más rud é gur léir nach bhfuil na bearta sin leordhóthanach. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil thréimhsiúil a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina ndéanfar comparáid idir éabhlóid an chaiteachais arna dhéanamh go dtí an pointe sin i ndáil leis na próifíil agus ina dtabharfar measúnú ar an gcur chun feidhme intuartha don chuid atá fágtha den bhliain buiséid.
- (20) Ba cheart don Choimisiún na hacmhainní airgeadais is gá, chun an caiteachas a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i leith CERT a chumhdach, a chur ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm aisíocaíochtaí in aghaidh gach iontrála caiteachais a dhéanann na gníomhaireachtaí sin agus a chuirtear sa leabhar. Go dtí go n-íocfar na haisíocaíochtaí sin, i bhfoirm íocaíochtaí míosúla, ní mór do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le hacmhainní airgeadais a úsáid i gcomhréir le riachtanais a ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Ba cheart a leagan síos go sainráite sa Rialachán seo gurb iad na Ballstáit féin agus na tairbhíthe féin atá gafa le feidhmiú CBT a íocfaidh costais riaracháin agus costais phearsanra CBT.
- (21) Chun modhanna a chur ar fáil don Choimisiún, go háirithe, chun na margáí talmhaíochta a bhainistiú, chun faireachán ar chaiteachas talmhaíochta a éascú agus chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le córas agraimeitéareolaíoch a úsáid agus sonraí satailíte a fháil agus a fheabhsú.
- (22) Maidir le bainistiú airgeadais CETFT, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le gealltanais bhuiséadacha, spriocdhátaí íocaíochta, saoradh agus bristeacha. Déantar idirghabhálacha forbartha tuaithe a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais ar bhonn gealltanais i dtráthchodanna bliantúla. Ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit cistí an Aontais a bhfuil foráil déanta ina leith a úsáid chomh luath agus a dhéanfar na pleananna Straitéiseacha faoi CBT a fhormheas. Tá gá mar sin le córas réamh-mhaoinithe atá srianta go hiomchuí chun sreabhadh seasta cistí á áirithiú sa chaoi is go ndéanfar íocaíochtaí leis na tairbhíthe faoi na hidirghabhálacha ag an tráth iomchuí.
- (23) Cé is moite de réamh-mhaoiniú, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéideanna arna ndéanamh ag an gCoimisiún leis na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Is gá freisin rialacha mionsonraithe a leagan síos lena rialófar na híocaíochtaí. Ba cheart do riail an tsaortha uathoibrioch cuidiú le cur i bhfeidhm na gclár a bhrostu agus cuidiú le bainistiú fóna airgeadais. Leis na rialacha lena rialaítear creataí náisiúnta Ballstát ag a bhfuil idirghabhálacha réigiúnacha mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ [an Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT] iad, déantar foráil freisin maidir le huirlis do Bhallstáit chun feidhmiú agus bainistiú fóna airgeadais a áirithiú.

¹⁴ Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] [...] (IO L [...], [...], lch. [...]).

- (24) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cabhair an Aontais a íoc le tairbhíthe in am trátha ionas go bhféadfaidh siad í a úsáid go héifeachtúil. Mura gcomhlíonfaidh na Ballstáit na sprioc-amanna íocaíochta a leagtar síos i ndlí an Aontais d'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha teacht as do na tairbhíthe agus d'fhéadfaí buiséadú bliantúil an Aontais a chur i gcontúirt. Dá bhrí sin, ba cheart caiteachas arna dhéanamh gan sprioc-amanna íocaíochta a urramú a eisiáimh ó mhaoiniú ón Aontas. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón riail ghinearálta seo i dtaca leis an dá chiste.
- (25) I gcomhréir le bonnstruchtúr agus tréithe tábhachtacha na samhla seachadta nua faoi CBT ba cheart nach mbeadh incháilitheacht na n-íocaíochta a dhéanann na Ballstáit as maoiniú ón Aontas ag brath a thuilleadh ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí le tairbhíthe aonair. Ina ionad sin, i dtaca leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) .../[an Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT], ba cheart íocaíochtaí na mBallstát a bheith incháilithe más ionann iad agus aschur comhfhreagrach agus má chomhlíonann siad bunriachtanais infheidhme an Aontais.
- (26) I Rialachán (CE) Uimh. 1306/2013 foráiltear maidir le laghduithe agus fionraí íocaíochtaí míosúla nó eatramhacha chun críche tacú le rialú maidir le dlíthiúlacht agus le rialtacht. I comhthéacs na samhla seachadta nua ba cheart na huirlisí sin a úsáid chun tacú le seachadadh atá bunaithe ar fheidhmíocht. Ba cheart an difríocht idir laghduithe agus fionraí a shoiléiriú freisin.
- (27) Ba cheart an nós imeachta maidir le híocaíochtaí CERT i leith neamhchomhlíonta a laghdú trí uasteorainneacha airgeadais atá socraithe ag dlí an Aontais a chuíchóiriú agus a ailíniú leis an nós imeachta a úsáidtear le haghaidh íocaíochtaí CETFT sa chomhthéacs seo.
- (28) Ba cheart do na Ballstáit na cuntais bhliantúla agus tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht maidir le cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh a chur chuig an gCoimisiún faoin 15 Feabhra N+1. I gcás nach seoltar na doiciméid sin, agus ar an gcaoi sin ina gcuirtear cosc ar an gCoimisiún na cuntais a imréiteach don ghníomhaireacht íocaíochta lena mbaineann nó incháilitheacht an chaiteachais i ndáil le haschuir thuairiscithe, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún íocaíochtaí míosúla a chur ar fionraí agus briseadh a chur ar an aisíocaíocht ráithiúil go dtí go bhfaighfear na doiciméid nár cuireadh isteach.
- (29) Ba cheart foirm fionraí íocaíochta nua a thabhairt isteach do staideanna ina mbeidh aschuir thar a bheith íseal. I gcás ina bhfuil na haschuir a tuairiscíodh ar leibhéal thar a bheith íseal i gcomparáid leis an gcaiteachas a dearbhaíodh, agus i gcás nach féidir leis na Ballstáit míniú fóna intuigthe a thabhairt ar an staid sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, mar aon leis an gcumhacht an caiteachas don bhliain airgeadais N-1 a laghdú, caiteachas a dhéanfar sa todhchaí i ndáil leis an idirghabháil a bhfuil aschur thar a bheith íseal ag baint leis a chur ar fionraí. Ba cheart fionraí den chineál sin a bheith faoi réir a deimhnithe sa chinneadh bliantúil maidir le himréiteach feidhmíochta.
- (30) I dtaca leis an bhfaireachán feidhmíochta ilbhliantúil ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún íocaíochtaí a fhionraí. Dá réir sin i gcásanna ina gcuirfear moill ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna, nó nach ndéanfar dul chun cinn leordhóthanach, mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach náisiúnta faoi CBT, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá a dhéanamh i gcomhréir le plean gníomhaíochta a bheidh le bunú i gcomhairle leis an gCoimisiún agus ina mbeidh táscairí dul chun cinn

soiléire, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát plean gníomhaíochta a chur isteach nó a chur chun feidhme nó inar léir nach bhfuil an plean gníomhaíochta leordhóthanach chun an cás a leigheas, ba cheart an chumhacht a bheith an gCoimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha a fhionraí, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.

- (31) Mar a rinneadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún íocaíochtaí a fhionraí i gcásanna inarb ann d'easnaimh thromchúiseacha sna córais rialachais, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh cheanglais bhunúsacha an Aontais agus neamhiontaofacht tuairiscithe. Ní mór, áfach, athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le híocaíochtaí a fhionraí chun an sásraí a dhéanamh níos éifeachtúla. Ba cheart iarmhairtí deireanacha fionraí den chineál sin a chinneadh ar bhonn nós imeachta comhlíonta *ad hoc*.
- (32) Ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta na híocaíochtaí iomlána faoi CBT dá bhforáiltear i ndlí an Aontais a dhéanamh leis na tairbhíthe.
- (33) Ionas gur féidir cineálacha áirithe d'ioncam a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta a athúsáid chun críocha CBT ba cheart iad a cháiliú mar ioncam sannta. Ba cheart an liosta suimeanna atá in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a leasú agus ba cheart na forálacha sin a chomhchuibhiú agus a nascadh leis na forálacha maidir le hioncam sannta atá ann cheana.
- (34) I Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 tá liosta de bhearta faisnéise a bhaineann le CBT agus dá gcuspóirí agus socraítear ann na rialacha maidir lena maoiniú agus maidir le cur chun feidhme na dtionscadal comhfhreagrach. Ba cheart na forálacha sonracha a bhaineann leis na cuspóirí agus leis na cineálacha bearta faisnéise a bheidh le maoiniú a thabhairt anonn chuig an Rialachán seo.
- (35) Tá maoiniú beart agus idirghabhálacha faoi CBT faoi réir phrionsabal na bainistíochta comhroinnte. Chun a áirithiú go ndéanfar cistí an Aontais a bhainistiú go fónta, ba cheart don Choimisiún seiceálacha a dhéanamh ar bhainistiú na gCistí ag na húdaráis Bhallstáit atá freagrach as íocaíochtaí a dhéanamh. Is iomchuí cineál na seiceálacha atá le cur i gcrích ag an gCoimisiún a shainiú, téarmaí a fhreagrachtaí maidir leis an buiséad an Aontais a chur chun feidhme a shonrú agus oibleagáidí comhair na mBallstát a shoiléiriú.
- (36) Chun go gcuirfear ar a chumas don Choimisiún a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le seiceáil go bhfuil córais bhainistithe agus chigireachta do chaiteachas an Aontais sna Ballstáit ann agus go bhfuil siad ag feidhmiú go cuí, ba cheart foráil a dhéanamh, gan aird ar an gcigireacht a dhéanann na Ballstáit féin, maidir le seiceálacha a bheidh le déanamh ag daoine arna a dtarmligeán ag an gCoimisiún ar ceart dóibh bheith in ann cúnaimh a iarraidh ó na Ballstáit ina gcuid oibre.
- (37) Ní foláir teicneolaíocht faisnéise a úsáid a mhéad is féidir chun go gcuirfear ar fáil an fhaisnéis atá le cur chuig an gCoimisiún. Agus seiceálacha á ndéanamh aige, ba cheart rochtain iomlán agus láithreach a bheith ag an gCoimisiún ar fhaisnéis faoi chaiteachas a thaifeadtar i bhfoirm páipéir agus i bhfoirm leictreonach araon.
- (38) Chun ceanglais an Rialacháin Airgeadais [nua] maidir le brath ar an iniúcháireacht a chur i bhfeidhm agus chun an baol go mbeidh forluí ann idir an iniúcháireacht a dhéanfaidh na hinstiúidí éagsúla, ní mór rialacha a leagan amach maidir leis an gcur chuige iniúcháireachta aonair, agus foráil maidir le deiseanna don Choimisiún muinín a chur in obair comhlachtaí deimhniúcháin iontaofa.

- (39) Chun an caidreamh airgeadais idir na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus buiséad an Aontais a bhunú, ba cheart don Choimisiún cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta a imréiteach gach bliain faoi chuimsiú imréiteach airgeadais na gcuntas. Ba cheart don chinneadh a bhaineann le himréiteach na gcuntas a bheith teoranta d'iomláine, cruinneas agus firinneacht na gcuntas a chumhdach ach gan comhréireacht an chaiteachais le dlí an Aontais a chumhdach.
- (40) I gcomhréir leis an tsamhail seachadta nua, ba cheart imréiteach feidhmíochta bliantúil a bhunú chun incháilitheacht an chaiteachais a sheiceáil i ndáil le haschuir thuairiscithe. Chun dul i ngleic le cásanna nach bhfuil aschuir thuairiscithe chomhfhreagracha ag gabháil le caiteachas a dearbhaíodh agus nach féidir leis na Ballstáit bonn cirt a chur leis an diall sin, ba cheart sásra um íocaíochtaí a laghdú a bhunú.
- (41) Tá an Coimisiún freagrach as buiséad an Aontais a chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 317 den Chonradh. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, trí bhíthin ghníomhartha chur chun feidhme, cinneadh a dhéanamh an gcomhlíonann an caiteachas a dhéanann na Ballstáit dlí an Aontais. Ba cheart é a bheith de cheart ag na Ballstáit bonn údair a thabhairt lena gcinntí íocaíochtaí a dhéanamh agus a bheith de cheart acu dul ar iontaoibh idir-réitigh i gcás nach bhfuil aon chomhthoil idir iad féin agus an Coimisiún. Chun urrúis dlí agus airgeadais a thabhairt do na Ballstáit maidir le caiteachas a rinneadh san am atá thart, ba cheart don Choimisiún tréimhse teorann a shocrú lena gcinnefear na hiarmhairtí airgeadais ba cheart a thiocthadh as neamh-chomhlíonadh.
- (42) Chun leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais a chosaint, ba cheart do na Ballstáit córais a bhunú chun a dheimhniú dóibh féin go bhfuil idirghabhálacha a mhaoinítear leis na Cistí á ndéanamh agus á gcur i gcrích i gceart agus san am céanna an creat daingean maidir le bainistíocht fhónta airgeadais a choinneáil. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013¹⁵ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95¹⁶ ón gComhairle, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96¹⁷ ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/1939¹⁸ ón gComhairle, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, Cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Anuas air sin, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear

¹⁵ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

¹⁶ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch.1).

¹⁷ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

¹⁸ Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371¹⁹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann Cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán le cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE), agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme Cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Ba cheart do na Ballstáit córais a bhunú lenar féidir leo tuarascáil a chur chuig an gCoimisiún, chun a chur ar chumas OLAF a chumhachtaí a fheidhmiú agus anailís éifeachtúil ar chásanna neamhrialtachta a áirithiú, i gcás neamhrialtachtaí a bhraitear agus i gcásanna nach gcomhlíontar na coinníollacha arna mbunú ag na Ballstáit sa Phlean Straitéiseach faoi CBT, lena n-áirítear calaois agus bearta leantacha ina dtaobh mar aon le bearta leantacha i dtaobh imscrúduithe OLAF. Chun scrúdú éifeachtach ar ar ghearáin maidir leis na Cistí a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit na socrúithe iomchuí a chur i bhfeidhm.

- (43) Tá feidhm ag rialacha cothrománacha a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an Rialachán seo. Tá na rialacha sin leagtha síos sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta chun an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus déantar foráil leo maidir le freagracht gníomhaithe airgeadais a sheiceáil. Na rialacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, baineann siad freisin le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir le smacht reachta sna Ballstáit, ós rud é gur réamhchoinníoll riachtanach urramú an smachta reachta i dtaca le bainistiú fóna airgeadais agus cistiú éifeachtach de chuid an Aontais Eorpaigh.
- (44) Maidir le diúltú d'íocaíochtaí nó aisghabháil íocaíochtaí mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí, is iomchuí a áirithiú go léireofar leo tromchúis an neamh-chomhlíonta sin agus go n-urramófar leo prionsabal na comhréireachta, mar a chuirtear in iúl, mar shampla, sna treoirlínte ábhartha arna mbunú ag an gCoimisiún le haghaidh ceartuithe airgeadais a dhéanfar ar chaiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcás neamh-chomhlíonadh na rialacha sin. Is iomchuí freisin a shoiléiriú gur faoin méid suas go dtí an leibhéal den chuid sin den chabhair nach mbeidh le híoc nó a bheidh le tarraingt siar, agus faoin méid sin amháin, a dhéanann neamh-chomhlíonadh den sórt sin difear do dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart.
- (45) I bhforálacha áirithe na reachtaíochta talmhaíochta earnálach ceanglaítear go dtaiscfear urrús chun a áirithiú go n-íocfar suim atá dlite mura gcomhlíonfar oibleagáid. Ba cheart feidhm a bheith ag rialail chothrománach aonair maidir leis na forálacha sin go léir chun go neartófar an creat le haghaidh urrús.

¹⁹ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

- (46) Ba cheart do na Ballstáit córas riaracháin agus rialaithe comhtháite (an "córas comhtháite") a bhunú agus a oibriú le haghaidh idirghabhálacha áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT] agus le haghaidh na mbearta dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰ agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ faoi seach. Chun éifeachtacht thacaíocht an Aontais agus faireachán uirthi a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a údarú úsáid a bhaint as an gcóras comhtháite sin freisin i gcás idirghabhálacha eile de chuid an Aontais.
- (47) Ba cheart príomheilimintí an chórais chomhtháite sin atá ann cheana agus, go háirithe, na forálacha maidir le bunachar sonraí ríomhairithe, córas chun dáileachtaí talmhaíochta a aithint, córas iarratais geo-spásúil agus ainmhí-bhunaithe, córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú, córas chun taifeadadh a dhéanamh ar chéannacht gach tairbhí agus córas rialaithe agus pionós, ba cheart an méid sin a choinneáil. Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'úsáid a bhaint as sonraí nó táirgí faisnéise arna soláthar ag clár Copernicus, mar aon le teicneolaíochtaí amhail GALILEO agus EGNOS chun a áirithiú go mbeidh sonraí cuimsitheacha inchomparáide ar fáil ar fud an Aontais chun críocha faireachán a dhéanamh ar an mbeartas talmhaíochta, comhshaoil agus aeráide agus chun críocha borradh a chur faoin úsáid a bhaintear as sonraí agus faisnéis iomlán, saor agus oscailte arna gceapadh ag na satailítí Sentinel de chuid chlár Copernicus agus a seirbhísí. Chun na críche sin, ba cheart gurbh é córas faireacháin limistéir a bheadh sa chóras comhtháite.
- (48) Ba cheart a áirithiú leis an gcóras comhtháite, ina cháil mar chuid de na córais rialachais is ceart a bheith i bhfeidhm chun CBT a chur chun feidhme, go mbeidh na sonraí comhiomlána a chuirtear ar fáil sa tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht iontaofa agus infhíoraithe. De bhrí gur tábhachtach córas comhtháite atá ag feidhmiú go cuí a bheith ann ní mór ceanglais cháilíochta a shocrú. Ba cheart do na Ballstáit measúnú cáilíochta bliantúil a dhéanamh ar an gcóras aitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas iarratais ar chúnamh geo-spásúil agus an córas faireacháin limistéir, Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh agus, ar a iarraidh sin don Choimisiún, plean gníomhaíochta a bhunú.
- (49) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Todhchaí an bhia agus na feirmeoireachta' leagtar amach cúram don chomhshaol agus gníomhú ar son na haeráide a dhaingniú agus rannchuidiú le cuspóirí an Aontais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a ghnóthú chun díriú straitéiseach a dhéanamh ar CBT amach anseo. Dá bharr sin, ní foláir sonraí a thagann as an gCóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talaimh agus as an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe a roinnt chun críocha comhshaoil agus aeráide ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Dá bharr sin ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis na sonraí a bhailítear tríd an gcóras comhtháite, atá ábhartha chun críocha comhshaoil agus aeráide, a roinnt le húdaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais. Chun go dtiocfaidh méadú ar éifeachtúlacht úsáid na sonraí atá ar fáil ag údaráis phoiblí éagsúla le

²⁰ Rialachán (AE) Uimh 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

²¹ Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach níos lú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

haghaidh an staidrimh Eorpaigh a thairgeadh, ba cheart foráil a dhéanamh freisin go gcuirfear sonraí ón gcóras comhtháite ar fáil chun críocha staidrimh do chomhlachtaí ar cuid den Chóras Staidrimh Eorpach iad.

- (50) Is féidir faireachán an-éifeachtach a dhéanamh ar idirbhearta atá ina gcuid de chóras maoinithe CERT ach grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála gnóthas a bhfuil íocaíochtaí á nglacadh acu nó á ndéanamh acu. Tríd an iniúchadh sin forlíontar na seiceálacha eile atá déanta ag na Ballstáit cheana. Féadfaidh forálacha náisiúnta maidir le hiniúchadh beith níos fairsinge ná forálacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais.
- (51) Ba cheart na doiciméid ar cheart iad a úsáid mar bhonn grinnscrúdaithe dá leithéid a roghnú i gcaoi is gur féidir grinnscrúdú iomlán a chur i gcrích. Ba cheart na gnóthais atá le grinnscrúdú a roghnú ar bhonn chineál na n-idirbheart arna ndéanamh faoina bhfreagracht agus ar bhonn miondealaithe ar na gnóthais a fhaigheann agus a dhéanann íocaíochtaí in aghaidh na hearnála a roghnú de réir a dtábhachta i gcóras maoinithe CERT.
- (52) Ba cheart cumhachtú na n-oifigeach atá freagrach as grinnscrúdú a dhéanamh agus na hoibleagáidí atá ar ghnóthais doiciméid tráchtála a chur ar fáil d'oifigigh den sórt sin ar feadh tréimhse sonraithe a leagan amach, chomh maith leis an oibleagáid aon fhaisnéis a iarrann siad a sholáthar. Ba cheart go bhféadfaí doiciméid tráchtála a urghabháil i gcásanna áirithe freisin.
- (53) Ag féachaint do struchtúr idirnáisiúnta na trádála talmhaíochta agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, is gá comhar a eagrú idir na Ballstáit. Is gá freisin córas láraithe doiciméadachta a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le gnóthais atá bunaithe i dtríú tíortha a fhaigheann agus a dhéanann íocaíochtaí.
- (54) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a gcláir ghrinnscrúdaithe a ghlacadh, ní mór na cláir sin a chur in iúl don Choimisiún ionas gur féidir leis a ról maoirseachta agus comhordúcháin a ghlacadh chuige féin, chun a áirithiú go nglacfar na cláir ar bhonn critéar iomchuí agus chun a ráthú go mbeidh an grinnscrúdú dírithe ar earnálacha nó ar ghnóthais ina mbeidh baol mór calaoise. Tá sé fíor-riachtanach go n-ainmneoidh gach Ballstát roinn a bheidh freagrach as grinnscrúdú doiciméad tráchtála agus as an ngrinnscrúdú sin a chomhordú. Ba cheart na ranna ainmnithe sin a eagrú gan spleáchas ar na ranna a dhéanann grinnscrúdú roimh íocaíocht a fháil. Ba cheart faisnéis a bhailítear le linn an ghrinnscrúdaithe sin a chosaint le rúndacht chun rúin ghnó a chosaint.
- (55) Is eilimint thábhachtach de CBT an choinníollacht, go háirithe i dtaca lena eilimintí comhshaoil agus aeráide ach i dtaca le saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte phoiblí agus le sláinte ainmhithe chomh maith. Tugann sin le fios gur cheart rialuithe a dhéanamh agus, i gcás inar gá, gur cheart pionóis a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht an chórais choinníollachta a áirithiú. Chun go mbeidh cóir iomaíochta ann idir tairbhithe sna Ballstáit éagsúla ba cheart rialacha ginearálta áirithe maidir le rialuithe agus pionóis choinníollachta a thabhairt ar leibhéal an Aontais.
- (56) Chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit an choinníollacht a fhorfheidhmiú ar bhealach comhchuibhithe, is gá foráil a dhéanamh maidir le ráta rialaithe íosta ar leibhéal an Aontais agus san am céanna ba cheart eagrú na gcomhlachtaí rialaithe inniúla agus na rialuithe a bheith faoi rogha na mBallstát.
- (57) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit mionsonraí na bpionós sin a leagan amach agus ba cheart na pionóis sin a bheith comhréireach éifeachtach athchomhairleach agus gan dochar do phionóis eile a leagtar síos faoi dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta. Chun

cur chuige éifeachtach comhleanúnach ó na Ballstáit a áirithiú, ní mór foráil a dhéanamh maidir le ráta pionóis íosta ar leibhéal an Aontais do neamhchomhlíonadh a tharlaíonn an chéad uair de dheasca faillí, agus má tharlaíonn sé athuair ba cheart go dtiocfadh céatadán níos airde as sin agus má dhéantar neamhchomhlíonadh d'aon ghnó d'fhéadfadh eisiámh iomlán ón íocaíocht a bheith mar thoradh air sin. Chun comhréireacht na bpionós a áirithiú, i gcás inar neamhchomhlíonadh beag a tharlaíonn agus ina sé tharlaíonn den chéad uair, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit córas luathrabhaidh a thabhairt isteach.

- (58) D'fhonn cothrom na Féinne a áirithiú idir na Ballstáit agus éifeachtacht agus éifeacht athchomhairleach an chórais pionós maidir le coinníollachta a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh maidir leis na pionóis a chur i bhfeidhm agus a ríomh.
- (59) Chun comhar comhchuí idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le maoiniú chaiteachas CBT a áirithiú agus, go háirithe, chun go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar bhainistiú airgeadais sna Ballstáit agus cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach, ní foláir do na Ballstáit faisnéis shonrach a choinneáil agus a chur in iúl don Choimisiún.
- (60) Chun sonraí a thiomsú atá le cur chuig an gCoimisiún, agus chun go bhféadfaidh an Coimisiún rochtain láithreach a fháil ar shonraí caiteachais i bhfoirm páipéir agus go leictreonach, ní foláir rialacha iomchuí maidir le tíolacadh agus tarchur sonraí, lena n-áirítear teorainneacha ama, a leagan síos.
- (61) Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag cur i bhfeidhm na gcóras rialaithe náisiúnta agus an imréitigh comhréireachta ar shonraí pearsanta nó rúin ghnó, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún rúndacht na faisnéise a gheofaí sa chomhthéacs sin a ráthú.
- (62) Ar mhaithe le bainistiú fóna airgeadais bhuiséad an Aontais agus ar mhaithe le hionramháil neamhchlaonta ar leibhéal na mBallstát agus na dtairbhíthe, ba cheart rialacha maidir le húsáid an euro a leagan síos.
- (63) Féadfaidh ráta malartaithe an euro san airgeadra náisiúnta athrú le linn na tréimhse ina gcuirtear an oibríocht i gcrích. Ba cheart, dá bhrí sin, an ráta is infheidhme maidir leis na suimeanna lena mbaineann a chinneadh agus an imeacht trína ngnóthaítear cuspóir eacnamaíoch na hoibríochta a chur san áireamh. Ba cheart gurb é an ráta malartaithe a chuirfear i bhfeidhm an ráta a bheidh ann an dáta ar a dtarlóidh an imeacht seo. Ní foláir an imeacht oibríochtúil seo a shonrú nó cur i bhfeidhm na himeachta a tharscaoileadh, ag urramú critéar áirithe agus go háirithe an luas lena gcuirtear gluaisreachtaí airgeadra ar aghaidh. Ba cheart rialacha ar leith a leagan síos chun déileáil le cásanna eisceachtúla airgeadaíochta a thiocfaidh chun cinn laistigh den Aontas nó ar an margadh domhanda agus a éileoidh beart láithreach chun a áirithiú go n-oibreoidh na socruithe a bhunaítear faoi CBT go héifeachtach.
- (64) Ba cheart go mbeadh an rogha ag na Ballstáit nár ghlac leis an euro íocaíochtaí a dhéanamh i leith caiteachas a thig as reachtaíocht CBT in euro seachas san airgeadra náisiúnta. Tá gá le rialacha sonracha chun a áirithiú nach dtiocfaidh aon bhuntáiste éagórach as an rogha seo do pháirtithe a bhfuil íocaíocht á fáil nó á déanamh acu.
- (65) Ba cheart dlí an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, go háirithe Rialachán (CE)

Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²² agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³, a bheith infheidhme maidir le sonraí pearsanta a bhailiú ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun críocha a n-oibleagáidí bainistíochta, rialaithe, iniúchta agus faireacháin agus meastóireachta a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

- (66) Cuirtear bealach ar fáil le foilsiú ainm thairbhíthe na gCistí chun an rialú poiblí ar úsáid na gCistí sin a neartú agus, bealach atá riachtanach chun leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú do leas airgeadais an Aontais. Baintear an méid sin amach go páirteach trí éifeacht choisctheach agus dhíspreagthach an fhoilsithe sin, rud a chuirfidh thairbhíthe aonair ó iompar neamhrialta, agus ag an am céanna, trí fhreagracht phearsanta na bhfeirmeoirí a athneartú maidir le húsáid a bhaint as na cistí poiblí a fhaightear. Tá foilsiú na faisnéise ábhartha comhleanúnach le cásdlí a tháinig le déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus leis an gcur chuige amhail a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.
- (67) Sa chomhthéacs sin, ba cheart an t-aitheantas ceart a thabhairt don ról atá ag an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear na meáin agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an méid a dhéanann siad le creat rialaithe na riarachán a neartú i gcoinne calaoise agus aon mhí-úsáide i ndáil leis na cistí poiblí.
- (68) Rialachán (AE) .../[Rialachán na bhForálacha Coiteanna²⁴] lena leagtar síos rialacha lean bhforáiltear maidir le trédhearcacht i ndáil le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a chur chun feidhme agus le cláir a chur in iúl faoi na Cistí. Chun comhleanúnachas a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh go mbeadh feidhm ag na Rialacha sin maidir le tairbhíthe CETFT agus CERT, i gcás inarb ábhartha.
- (69) An cuspóir maidir le rialú poiblí ar úsáid an airgid ó na Cistí a shaothraítear trí ainmneacha na dtairbhíthe a fhoilsiú, ní féidir é a bhaint amach ach trína áirithiú go gcuirfead méid áirithe faisnéise ar a súile don phobal. Ba cheart go n-áireofaí ar an bhfaisnéis sin sonraí maidir le céannacht an tairbhí, an méid a deonaíodh dó agus an ciste ónar deonaíodh é, agus cuspóir agus cineál na hidirghabhála nó an bhirt atá i dtrácht. Ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar bhealach nach gcuirfeadh isteach ró-mhór ar cheart na dtairbhíthe maidir le hurraim dá saol príobháideach, agus maidir lena sonraí pearsanta a chosaint, ar cearta iad atá aitheanta in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (70) Dá bhfoilseofaí sonraí faoin mbeart nó faoin idirghabháil faoina bhfuil an feirmeoir i dteideal cabhair a fháil, agus faoi chineál agus cuspóir na cabhrach, thabharfaí faisnéis nithiúil don phobal i dtaobh na gníomhaíochta fóirdheontais agus an chuspóra dár deonaíodh an chabhair. Bheadh éifeacht choisctheach agus dhíspreagthach ag an maoirseacht dá gcuirfí ar fáil don phobal é agus chuideodh sé le leas airgeadais an Aontais a chosaint.

²² Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

²³ Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, p. 1).

²⁴ Rialachán (AE) Uimh. .../....

- (71) Tríd an bhfaisnéis sin a fhoilsiú mar aon leis an bhfaisnéis ghinearálta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, cuirtear feabhas ar thrédhearcacht maidir le Cistí an Aontais a úsáid i CBT agus ar an gcaoi sin cuirtear le infheictheacht an bhirt sin agus le tuiscint níos fearr air. Cuireann sé ar chumas saoránach páirt níos mó a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta agus ráthaíonn sé go mbíonn an riarachán níos dlisteanáil, níos éifeachtaí agus níos freagraí don saoránach. Bheadh sé ina chabhair freisin do shaoránaigh samplaí nithiúla a fheiceáil "d'earraí poiblí" bheith á soláthar ag earnáil na feirmeoireachta, agus bheadh sé ina bhunús le dlisteanacht na tacaíochta stáit d'earnáil na talmhaíochta.
- (72) Tuigtear, dá bharr sin, nach dtéitear thar a bhfuil riachtanach i sochaí dhaonlathach i bhfianaise an ghá atá ann leas airgeadais an Aontais a chosaint trí fhoráil a dhéanamh maidir le foilsiú ginearálta na faisnéise ábhartha agus cuspóir sáraitheach an rialaithe phoiblí ar úsáid an airgid ó na Cistí.
- (73) Chun na ceanglais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, ba cheart tairbhíthe na gCistí a chur ar an eolas sula bhfoilseofar a sonraí go ndéanfar a sonraí a fhoilsiú. Ba cheart a chur in iúl dóibh freisin go bhféadfaidh comhlachtaí iniúchta agus imscrúdúcháin an Aontais agus na mBallstát na sonraí sin a phróiseáil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ina theannta sin, ba cheart na tairbhíthe a chur ar an eolas faoina gcearta faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.
- (74) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile san am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (75) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Ba cheart an cumhacht a dhéanamh maidir le creidiúnú na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus na gcomhlachtaí comhordaithe, oibleagáidí i ndáil le hidirghabháil phoiblí, na rialacha maidir lena bhfuil i bhfreagrachtaí bainistithe agus rialaithe na ngníomhaireachtaí íocaíochta, na rialacha maidir leis an smacht airgeadais atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit ar fheirmeoirí a ríomh, na coinníollacha beart atá le maoiniú le buiséad an Aontais faoi idirghabháil phoiblí agus na coinníollacha maidir le haisíocaíocht, na coinníollacha incháilitheachta agus na modhanna ríomha bunaithe ar an bhfaisnéis arna breathnú go hiarbhir ag na ngníomhaireachtaí íocaíochta nó bunaithe ar rátaí comhréidhe arna gcinneadh ag an gCoimisiún, nó bunaithe ar mhéideanna comhréidhe nó neamh-chomhréidhe a bhfuil foráil déanta maidir leo sa reachtaíocht talmhaíochta earnálach, luacháil na n-oibríochtaí i ndáil le hidirghabháil phoiblí agus na bearta a bheidh le déanamh i gcás ina gcaillfear táirgí nó ina dtiocfaidh meath orthu faoin idirghabháil phoiblí agus na méideanna a bheidh le maoiniú a chinneadh. Ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhacht sin maoluithe ar neamhcháilitheacht i

gcomhair íocaíochtaí a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta leis na tairbhíthe roimh an dáta íocaíochta is luaithe is féidir nó tar éis an dáta íocaíochta is déanaí is féidir. Ina theannta sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin ráta fhionraíocht na n-íocaíochtaí i ndáil leis na himréitigh bhliantúla, ráta agus fad fionraíochta na n-íocaíochtaí agus an coinníoll maidir leis na méideanna sin a aisíoc nó a laghdú faoin bhfaireachán feidhmíochta ilbhliantúil. Ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin na hidirghabhálacha nó na bearta a bhféadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh ina leith agus na coinníollacha faoina mbeidh cineálacha áirithe caiteachais agus ioncaim faoi na Cistí le cúiteamh. Anuas air sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin na modhanna is infheidhme maidir leis na gealltanais agus íocaíocht na suimeanna i gcás nach mbeidh buiséad an Aontais glactha ag tús na bliana airgeadais nó i gcás ina sáróidh méid iomlán na réamhgealltanais an tairseach a leagtar síos in Airteagal 170(3) den Rialachán Airgeadais.

Ina theannta sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin na hoibleagáidí sonracha a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit i dtaca le seiceálacha agus rochtain ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis, na critéir le haghaidh na réasúinithe ó na Ballstáit, agus an mhodheolaíocht agus na critéir chun laghduithe a chur i bhfeidhm i dtaca leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil, agus na critéir agus an mhodheolaíocht chun ceartúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an nós imeachta imréitigh comhréireachta.

Anuas air sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin, i gcás ina dteastaíonn sin chun an córas a bhainistiú go cuí, rialacha maidir le ceanglais bhreise i dtaca le nósanna imeachta custaim, agus go háirithe i dtaca leis na ceanglais sin a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵, rialacha maidir le hurrúis, lena n-áiríteofar cóir neamh-idirdhealaitheach, lena sonrófar an páirtí atá freagrach i gcás nach gcomhlíonfar oibleagáid, lena leagfar síos na cásanna sonracha ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús a tharscaoileadh, na coinníollacha is infheidhme maidir leis an urrús atá le taiseadh agus leis an ráthóir, na coinníollacha maidir leis an urrús sin a thaiseadh agus a scaoileadh, na coinníollacha sonracha a bhaineann leis an urrús arna thaiseadh i ndáil le réamhíocaíochtaí, agus maidir le leagan amach na n-iarmhairtí a bhaineann le sárú na n-oibleagáidí dár taiseadh urrús.

Ina theannta sin, i dtaca leis an gcóras comhtháite, ba cheart go gcumhdófaí le rialacha maidir le measúnú ar cháilíocht an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas iarratais ar chúnamh geo-spásúil agus an córas faireacháin limistéir, agus sainmhínte, gnéithe bunúsacha agus rialacha breise maidir leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas chun tairbhíthe a aithint agus an córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú.

Anuas air sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gcumhachtú sin na rialacha maidir leis an imeacht feidhme agus an ráta malartaithe atá le húsáid ag na Ballstáit nach n-úsáideann an euro, agus maidir leis an ráta malairte is infheidhme nuair a tharraingítear suas dearbhuithe caiteachais agus nuair a thaifeadtar oibríochtaí stórála poiblí i gcuntais na gníomhaireachta íocaíochta, agus bearta a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chosaint más rud é gur dóchúil go ndéanfaidh cleachtais

²⁵

Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann leis an airgeadra náisiúnta an cur i bhfeidhm sin a chur i mbaoil

Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis an tairseach faoi nár cheart grinnscrúdú a dhéanamh ar ghnóthais ach ar chúiseanna sonracha amháin.

- (76) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶. Ba cheart go mbainfeadh na cumhachtaí leis na rialacha maidir leis an méid seo a leanas: na nósanna imeachta chun an creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe a eisiúint agus a aistarraingt agus athbhreithniú a dhéanamh air, agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chreidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta; an obair agus na seiceálacha atá mar bhunús le dearbhú bainistithe na ngníomhaireachtaí íocaíochta; feidhmiú an chomhlachta chomhordaithe agus an comhlacht comhordaithe sin fógra a thabhairt i dtaobh faisnéise don Choimisiún, maidir le cúraimí na gcomhlachtaí deimhniúcháin, lena n-áirítear na seiceálacha atá le déanamh agus na comhlachtaí atá faoi réir na seiceálacha sin, agus maidir leis na deimhnithe agus na tuarascálacha, mar aon leis na doiciméid a ghabhann leo, atá le tarraingt suas ag na comhlachtaí sin.
- (77) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: prionsabail iniúchóireachta a bhfuil tuairimí na gcomhlachta deimhniúcháin bunaithe orthu, lena n-áirítear measúnú rioscaí, rialú inmheánach agus an leibhéal d'fhianaise iniúchóireachta a bhfuil gá leis, na modhanna iniúchóireachta a bheidh le húsáid ag na comhlachtaí deimhniúcháin, ag féachaint do chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht, chun a dtuairim a thabhairt.
- (78) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: socrú na méideanna a bhaineann le bearta a mhaoiniú faoin idirghabháil phoiblí, rialacha a bhaineann le maoiniú maidir le fáil an Choimisiúin ar na híomhánna satailíte atá riachtanach don chóras faireacháin limistéir agus na bearta a dhéanann an Coimisiún trí mheán feidhmchláir chianbhraiteacha a úsáidtear don chóras faireacháin limistéir, an nós imeachta maidir leis an gCoimisiún fáil a bheith aige ar na sonraí satailíte sin agus an córas faireacháin limistéir, an creat lena rialaítear fáil, beachtú agus úsáid na n-íomhánna satailíte agus na sonraí meitéareolaíocha, agus na sprioc-amanna is infheidhme.
- (79) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: i gcomhthéacs an nós imeachta le haghaidh smacht airgeadais, ráta coigeartaithe na n-idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad a shocrú mar aon lena oiriúnú chomh maith leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le leithreasáí arna dtabhairt anonn i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(d) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh.[Rialachán Airgeadais Nua] chun na hidirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad a mhaoiniú; i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le smacht buiséadach, méid na n-íocaíochtaí a shocrú go sealadach agus dáileadh sealadach an bhuiséid atá ar fáil ar

²⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

na Ballstáit agus cinneadh na n-íocaíochtaí míosúla a dhéanfaidh an Coimisiún ar bhonn dearbhú caiteachais.

- (80) Ina theannta sin sin, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: an tréimhse ama a shocrú faoina mbeidh ar na gníomhaireachtaí íocaíochta dearbhuithe idirmheánacha caiteachais a bhaineann le cláir forbartha tuaithe a bhunú agus a sheoladh chuig an gCoimisiún mar aon le rialacha maidir leis an nós imeachta agus socruithe praiticiúla eile a bhaineann le dea-fheidhmiú an tsásra um sprioc-amanna íocaíochta; fionraí íocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis na Ballstáit mar aon le rialacha maidir le heilimintí pleananna gníomhaíochta agus an cur chuige chun iad a bhunú. Ba cheart go gcumhdófaí leo chomh maith rialacha atá riachtanach agus a mbeidh údar leo i gcás éigeandála chun fadhbanna sonracha a réiteach maidir le tréimhsí íocaíochta agus réamhíocaíochtaí, sonraí maidir le cuntais faoi leith a bheith á gcoinneáil ag na gníomhaireachtaí íocaíochta; na coinníollacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis atá le cur sna cuntais a choinníonn na gníomhaireachtaí íocaíochta; maoiniú agus cuntasáíocht beart idirghabhála i bhfoirm stórála poiblí, agus caiteachas eile a mhaoineítear leis na Cistí, na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear cur chun feidhme nós imeachta an tsaortha uathoibríoch.
- (81) Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: na nósanna imeachta a bhaineann leis na hoibleagáidí comhair a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit i ndáil leis na seiceálacha a dhéanfaidh an Coimisiún agus rochtain ar fhaisnéis; na coinníollacha faoina gceanglaítear go gcoimeádfar doiciméid tacaíochta a bhaineann le híocaíochta atá déanta, an t-imréiteach airgeadais bliantúil lena n-áirítear na bearta atá le déanamh i dtaca le glacadh agus cur chun feidhme na gníomhartha tarmligthe sin, an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil lena n-áirítear na bearta atá le déanamh i dtaca le glacadh agus cur chun feidhme na gníomhartha tarmligthe sin, agus an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit, na nósanna imeachta agus na sprioc-amanna a bheidh le comhlíonadh, an nós imeachta imréitigh comhréireachta lena n-áirítear na bearta atá le déanamh i dtaca le glacadh agus cur chun feidhme na gníomhartha tarmligthe sin, an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit, na sprioc-amanna a bheidh le hurráim agus na rialacha maidir leis an nós imeachta idir-réitigh, suimeanna arna ngearradh ar bhuiséad an Aontais a eisiáimh ó mhaoiniú an Aontais agus na cineálacha fógra agus cumarsáide a bheidh le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún maidir le haisghabhálacha neamhchomhlíonta.
- (82) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach oibleagáidí na mBallstát i ndáil le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn go gcuirfear seiceálacha i bhfeidhm go haonfhoirmeach san Aontas.
- (83) Ina theannta sin sin, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: an cineál urrúis atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis an urrús a thaisceadh, maidir le glacadh leis, agus maidir le hurrús nua a chur in ionad an bhunurrúis; na nósanna imeachta a bhaineann le hurrús a scaoileadh agus an fógra a thabharfaidh Ballstáit nó an Coimisiún i gcomhthéacs urrús.
- (84) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin: rialacha maidir le foirm, inneachar agus socruithe na dtuarascálacha measúnuithe ar cháilíocht an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an chórais iarratais geo-spásúil agus an chórais faireacháin limistéir a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó, agus ar na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le

cur chun feidhme ag na Ballstáit i ndáil le heasnamh a nochtfar sna córais sin. agus gnéithe bunúsacha agus rialacha maidir leis an gcóras iarratais geo-spásúil agus leis an gcóras faireacháin limistéir.

- (85) Ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin freisin rialacha atá dírithe ar na rialacha maidir le grinnschrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Ba cheart go gcumhdófaí leo freisin rialacha a bhaineann le Ballstáit a chuireann faisnéis in iúl don gCoimisiún agus bearta maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chosaint más dealraitheach go gcuirfeadh cleachtais airgeadaíochta eisceachtúla i ndáil le hairgeadra náisiúnta an méid sin i mbaol.
- (86) Anuas air sin, ba cheart go gcumhdófaí le cumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin rialacha maidir le foirm agus amscála tairbhíthe na gCistí a fhoilsiú, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na hoibleagáide na tairbhíthe a chur ar an eolas go ndéanfar a sonraí a phoibliú agus an comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhthéacs phoibliú liosta tairbhíthe na gCistí.
- (87) Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme áirithe a ghlacadh. Maidir le gníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann ríomh na suimeanna a dhéanann an Coimisiún, cuireann an nós imeachta comhairleach ar chumas an Choimisiúin freagracht a ghlacadh go hiomlán as bainistiú an bhuiséid agus díríonn sé ar éifeachtúlacht mhéadaithe, intuarthacht agus luas, agus na teorainneacha ama agus na nósanna imeachta buiséadacha á gcomhlíonadh. Maidir le gníomhartha cur chun feidhme laistigh de chreat na n-íocaíochtaí a dhéantar leis na Ballstáit agus maidir le hoibriú an nós imeachta um imréiteach cuntas agus an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil, cuireann an nós imeachta comhairleach ar chumas an Choimisiúin freagracht a ghlacadh go hiomlán as bainistiú an bhuiséid agus as cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta náisiúnta a fhíorú d'fhonn glacadh leis na cuntais sin nó, i gcás caiteachais nár tabhaíodh i gcomhréir le rialacha an Aontais, an caiteachas sin a eisiáil ó mhaoiniú an Aontais. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na gníomhartha cur chun feidhme eile a ghlacadh.
- (88) Ba cheart go dtabharfaí don Choimisiún an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, ar gníomhartha iad a bhaineann leis an nglan-iarmhéid atá ar fáil do chaiteachas CERT a shocrú, agus leis an gcinneadh maidir leis na híocaíochtaí breise nó asbhaintí ba cheart dóibh a dhéanamh ar bhonn an dearbhaithe caiteachais ó na Ballstáit agus na n-íocaíochtaí agus na n-asbhaintí faoi chuimsiú an nós imeachta le haghaidh íocaíochtaí míosúla gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chur i bhfeidhm.
- (89) Ar an ábhar sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a aisghairm.
- (90) Chun aistriú rianúil a áirithiú idir na rialacha a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus na rialacha a leagtar síos leis an Rialachán seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le forálacha eatramhacha.
- (91) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ghlac sé tuairim.²⁷
- (92) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú ar bhealach leordhóthanach i bhfianaise na nasc idir é agus ionstraimí eile CBT agus na srianta ar

²⁷ IO C , , lch. [...]. .

acmhainní airgeadais na mBallstát, ach gur féidir, na cuspóirí sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, de bharr ráthaíocht ilbhliantúil maoinithe ón Aontas agus trí dhíriú isteach ar a thosaíochtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Teideal I

Raon feidhme agus sainmhínithe

Airteagal 1 ***Raon Feidhme***

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) maoiniú caiteachais faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), lena n-áirítear caiteachas ar fhorbairt tuaithe;
- (b) na córais bhainistíochta agus rialaithe atá le cur ar bun ag na Ballstáit;
- (c) nósanna imeachta imreítigh agus comhréireachta.

Airteagal 2 ***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “neamhrialtacht” neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95;
- (b) ciallaíonn “córais rialachais” comhlachtaí rialachais dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal II den Rialachán seo agus na ceanglais bhunúsacha de chuid an Aontais a leagtar síos sa Rialachán seo agus Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], lena n-áirítear an córas tuairiscithe a cuireadh ar bun chun críocha na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 121 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];
- (c) ciallaíonn “ceanglais bhunúsacha de chuid an Aontais” na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus sa Rialachán seo.

Airteagal 3 ***Díolúintí i gcásanna force majeure agus in imthosca eisceachtúla***

Chun críocha CBT a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, féadfar “force majeure” agus “imthosca eisceachtúla” a aithint, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

- (a) tubaiste thromchúiseach nádúrtha a dhéanann dochar mór don ghabháltas;
- (b) scrios foirgneamh beostoic ar an ngabháltas trí thimpiste;
- (c) galar eipeasótach nó galar plandaí a dhéanann difear do chuid de stoc an tairbhí nó don stoc ar fad nó dá bharraí faoi seach;
- (d) díshealbhú an ghabháltais go léir nó cuid mhór de más rud é nárbh fhéidir a bheith ag súil leis an díshealbhú sin ar an lá a taisceadh an t-iarratas.

Teideal II

Forálacha ginearálta maidir le Cistí talmhaíochta

CAIBIDIL I

Cistí Talmhaíochta

Airteagal 4

Cistí lena maoinítear caiteachas talmhaíochta

Is leis na cistí seo a mhaoineofar na hidirghabhálacha agus bearta éagsúla a thagann faoi CBT ó bhuiséad ginearálta an Aontais (buiséad an Aontais):

- (a) an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT);
- (b) an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

Airteagal 5

Caiteachas CERT

1. Cuirfear CERT chun feidhme trí bhainistíocht chomhpháirteach idir na Ballstáit agus an tAontas nó go díreach, mar a leagtar síos i mír 2 agus mír 3.
2. I gcomhthéacs na bainistíochta comhpháirtí, is le CERT a mhaoineofar an caiteachas seo a leanas:
 - (a) bearta lena rialáiltear margaí talmhaíochta nó lena a dtacaítear leo, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013²⁸;
 - (b) idirghabhálacha earnálacha dá dtagraítear i gCaibidil 3 de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];
 - (c) idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí iad faoin bPlean Straitéiseach faoi CBT dá dtagraítear faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];
 - (d) ranníocaíocht airgeadais an Aontais le bearta faisnéise agus cur chun cinn do tháirgí talmhaíochta ar mhargadh inmheánach an Aontais agus i dtríú tíortha, arna gcur i gcrích ag Ballstáit agus arna roghnú ag an gCoimisiún;
 - (e) ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis na bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus leis na bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach níos lú dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.
3. Is le CERT a mhaoineofar an caiteachas seo a leanas faoi bhainistíocht dhíreach:
 - (a) cur chun cinn táirgí talmhaíochta, ag an gCoimisiún go díreach nó trí eagraíochtaí idirnáisiúnta;

²⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

- (b) bearta a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais chun caomhnú, tréithriú, bailiú agus úsáid acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht a áirithiú;
- (c) bunú agus cothabháil córas faisnéise cuntasáíochta talmhaíochta;
- (d) córais suirbhéanna talmhaíochta, lena n-áirítear suirbhéanna ar struchtúr gabháltas talmhaíochta.

Airteagal 6 **Caiteachas CETFT**

Déanfar CETFT a chur chun feidhme trí bhainistiú comhpháirteach idir na Ballstáit agus an tAontas. Maoineofar leis ranníocaíocht airgeadais an Aontais le hidirghabhálacha forbartha tuaithe faoin bPlean Straitéiseach faoi CBT dá dtagraítear i gCaibidil 4 de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

Airteagal 7 **Caiteachas eile, lena n-áirítear cúnamh teicniúil**

Féadfaidh gach Ciste, ar thionscnamh an Choimisiúin nó thar a cheann, maoiniú díreach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus tacaíochta teicniúla, agus ar an meastóireacht, iniúchóireacht agus cigireacht, is gá chun CBT a chur chun feidhme. Go háirithe, áireofar sna bearta sin:

- (a) bearta a bhfuil gá leo chun anailís, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar CBT, chun faisnéis ina thaobh a mhalartú agus chun CBT a chur chun feidhme, chomh maith le bearta a bhaineann le cur chun feidhme córas rialaithe agus le cúnamh teicniúil agus riaracháin;
- (b) fáil an Choimisiúin ar shonraí satailíte a bhfuil gá leo maidir leis an gcóras faireacháin limistéir i gcomhréir le hAirteagal 22;
- (c) na gníomhaíochtaí a dhéanann an Coimisiún trí mheán feidhmchláir chianbhraiteacha a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 23;
- (d) bearta a bhfuil gá leo chun modhanna agus bealaí teicniúla a fhorbairt agus a chothabháil ar mhaithe le faisnéis i leith bhainistíocht airgeadais na gCistí a úsáidtear chun CBT a mhaoiniú, ar mhaithe le hidirnascadh na bainistíochta, faireachán uirthi agus rialú na bainistíochta;
- (e) soláthar faisnéise maidir le CBT i gcomhréir le hAirteagal 44;
- (f) staidéir ar CBT agus meastóireacht ar bhearta arna maoiniú ag na Cistí, lena n-áirítear feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta agus ar mhalartú faisnéise maidir le cleachtais faoi CBT, chomh maith le staidéir arna ndéanamh in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI);
- (g) i gcás inarb ábhartha, ranníocaíocht le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin arna gcur ar bun i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle²⁹, a ghníomhaíonn i ndáil le CBT;

²⁹ Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L11, 16.1.2003, lch. 1).

- (h) ranníocaíocht le bearta a bhaineann le scaipeadh faisnéise, ardú feasachta, cur chun cinn comhair agus malartú taithí ar leibhéal an Aontais, agus a dhéantar i gcomhthéacs idirghabhálacha forbartha tuaithe, lena n-áirítear líonrú na bpáirtithe lena mbaineann;
- (i) líonraí teicneolaíochta faisnéise arb é is fócas dóibh próiseáil agus malartú faisnéise, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha a bhfuil gá leo i ndáil le bainistíocht CBT;
- (j) bearta a bhfuil gá leo chun lógónna a fhorbairt, a chlárú agus a chosaint faoi chreat bheartais cháilíochta an Aontais mar a leagtar síos in Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰ agus chun cearta maoine intleachtúla a bhfuil baint acu leis a chosaint, agus ar mhaithe leis na forbairtí is gá i dteicneolaíocht na faisnéise (TF).

CAIBIDIL II

Comhlachtaí rialachais

Airteagal 8

Gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe

1. Is é a bheidh sna gníomhaireachtaí íocaíochta ranna nó comhlachtaí de chuid na mBallstát atá freagrach as bainistiú agus rialú an chaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6.

Cé is moite d'íocaíocht a dhéanamh, féadfar cur i gcrích na gcúraimí sin a tharmligean.

2. Déanfaidh na Ballstáit na ranna nó na comhlachtaí sin, a bhfuil eagrúchán riaracháin agus córas rialaithe inmheánaigh acu lena soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha go bhfuil na híocaíochtaí dleathach agus rialta agus go dtugtar cuntas ceart orthu, a chreidiúnú mar ghníomhaireachtaí íocaíochta. Chun na críche sin, cloífidh gníomhaireachtaí íocaíochta leis na coinníollacha íosta le haghaidh an chreidiúnaithe maidir leis an timpeallacht inmheánach, gníomhaíochtaí rialaithe, faisnéis agus cumarsáid, agus faireachán arna leagan síos ag an gCoimisiún de bhun phointe (a) d'Airteagal 10(1).

Déanfaidh gach Ballstát líon a ghníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a theorannú mar seo a leanas:

- (a) go dtí gníomhaireacht amháin ar an leibhéal náisiúnta nó, i gcás inarb infheidhme, gníomhaireacht amháin in aghaidh an réigiúin; agus
- (b) go dtí gníomhaireacht amháin chun caiteachas CERT agus CETFT araon a bhainistiú.

I gcás, áfach, ina mbunófar gníomhaireachtaí íocaíochta ar an leibhéal réigiúnach, déanfaidh na Ballstáit gníomhaireacht íocaíochta a chreidiúnú freisin ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh scéimeanna cabhrach nach mór, de bharr chineál na scéimeanna, iad a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta nó cuirfidh na Ballstáit bainistiú na scéimeanna sin de chúram ar a ghníomhaireachtaí íocaíochtaí réigiúnacha.

³⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

Bainfear a gcreidiúnú de na gníomhaireachtaí íocaíochta sin nach mbeidh caiteachas CERT ná CEFTF bainistithe acu ar feadh trí bliana ar a laghad.

Ní cheapfaidh na Ballstáit aon ghníomhaireacht íocaíochta nua bhreise tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Chun críocha Airteagal 63(5) agus (6) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/... [an Rialachán Airgeadais nua] (“an Rialachán Airgeadais”), déanfaidh an duine atá i gceannas ar an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe, faoin 15 Feabhra den bhliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann, na nithe seo a leanas a tharraingt suas agus a chur ar fáil don Choimisiún:

- (a) na cuntais bhliantúla i leith an chaiteachais a tabhaíodh i gcur i gcrích na dtascanna a cuireadh de chúram ar a ghníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe, dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 63(5) den Rialachán Airgeadais, mar aon leis an bhfaisnéis is gá dá n-imríteach i gcomhréir le hAirteagal 51;
- (b) an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 52(1) ina léirítear go ndearnadh an caiteachas i gcomhréir le hAirteagal 35;
- (c) dearbhú bainistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 63(6) den Rialachán Airgeadais, maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (i) an fíoras go bhfuil an fhaisnéis curtha i láthair mar is ceart, iomlán agus cruinn, dá bhforáiltear i bpointe (a) d’Airteagal 63(6) den Rialachán Airgeadais,
 - (ii) feidhmiú cuí na gcóras rialachais arna gcur ar bun, lena dtugtar na ráthaíochtaí riachtanacha maidir leis na haschuir arna dtuairisciú sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, dá bhforáiltear i bpointí (b) agus (c) d’Airteagal 63(6) den Rialachán Airgeadais,
 - (iii) anailís ar chineál agus méid na n-earráidí agus na laigí arna sainathint i gcórais trí bhíthin iniúchóireachta agus rialuithe, mar aon le gníomhaíocht cheartaitheach a glacadh nó a beartaíodh, dá bhforáiltear i bpointe (b) d’Airteagal 63(5) den Rialachán Airgeadais.

I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur le sprioc-am an 15 Feabhra dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an 1 Márta, ar iarratas ón mBallstát lena mbaineann, dá dtagraítear sa dara fhomhír d’Airteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais.

4. I gcás ina gcreidiúnófar níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta amháin, ceapfaidh na Ballstáit comhlacht poiblí comhordaithe, dá sannfaidh siad na cúraimí seo a leanas:

- (a) an fhaisnéis atá le soláthar don Choimisiún a bhailiú agus an fhaisnéis sin a sheoladh chuig an gCoimisiún;
- (b) an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 52(1) a thabhairt;
- (c) gníomhaíochtaí a ghlacadh nó a chomhordú d’fhonn aon easnaimh de chineál coiteann a réiteach agus d’fhonn an Coimisiún a choinneáil ar an eolas maidir le bearta leantacha;
- (d) cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialacha de chuid an Aontais a chur chun cinn agus a áirithiú.

Maidir le próiseáil na faisnéise airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, beidh an comhlacht comhordaithe faoi réir creidiúnú sonrach ag na Ballstáit.

Beidh an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht arna soláthar ag an gcomhlacht comhordaithe cumhdaithe faoi raon feidhme na tuairime dá dtagraítear in Airteagal 11(1) agus beidh dearbhú bainistíochta lena gcumhdófar an tuarascáil iomlán sin ag gabháil léi nuair a tharchuirfear í.

5. I gcás nach gcomhlíonfaidh gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe ceann amháin nó níos mó de na critéir chreidiúnaithe dá dtagraítear i mír 2, nó nach gcomhlíonfaidh sí na critéir sin a thuilleadh, aistarraingeoidh an Ballstát, ag gníomhú dó ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón gCoimisiún, an creidiúnú sin mura ndéanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta na hathruithe is gá laistigh de thréimhse a bheidh le cinneadh ag an údarás inniúil de réir thromchúis na faidhbe.
6. Déanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta rialú na n-oibríochtaí a bhfuil baint acu le hidirghabháil phoiblí, ar oibríochtaí iad a bhfuil siad freagrach astu, a bhainistiú agus a áirithiú agus coinneoidh siad freagracht fhoriomlán sa réimse sin.

I gcás ina gcuirfear tacaíocht ar fáil trí ionstraim airgeadais a gcuireann BEI nó institiúid idirnáisiúnta airgeadais eile ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir chun feidhme í, cuirfidh an ghníomhaireacht íocaíochta muintín sa tuarascáil ar rialú lena dtacaítear leis na hiarratais ar íocaíocht arna gcur isteach ag BEI nó institiúid idirnáisiúnta eile.

Airteagal 9 **Údarás inniúil**

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás ar leibhéal na n-airí atá freagrach as an méid seo a leanas:
 - (a) creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 8(2), a eisiúint, a athbhreithniú agus a aistarraingt;
 - (b) an comhlachta comhordaithe, dá dtagraítear in Airteagal 8(4), a chreidiúnú;
 - (c) an comhlachta deimhniúcháin, dá dtagraítear in Airteagal 11, a cheapadh;
 - (d) na cúraimí a shanntar don údarás inniúil faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh.
2. Cinnfidh an t-údarás inniúil, trí bhíthin gníomh foirmiúil, ar chreidiúnú na gníomhaireachta íocaíochta agus an chomhlachta chomhordaithe a eisiúint nó, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, a aistarraingt ar bhonn scrúdú ar na critéir chreidiúnaithe atá le glacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 10(1). Cuirfidh an t-údarás inniúil an Coimisiún ar an eolas faoi chreidiúnuithe agus faoi aistarraingt chreidiúnaithe gan mhoill.

Airteagal 10 **Cumhachtaí an Choimisiúin**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na coinníollacha íosta maidir leis na gníomhaireachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus leis na comhlachtaí comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 8(4) a chreidiúnú;
 - (b) oibleagáidí na ngníomhaireachtaí íocaíochta maidir le hidirghabháil phoiblí agus na rialacha a bhaineann le hábhar a bhfreagrachtaí bainistithe agus rialaithe.
2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) na nósanna imeachta chun creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe a eisiúint, a athbhreithniú agus a aistarraingt, chomh maith leis na nósanna imeachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chreidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta;
 - (b) an obair agus na seiceálacha atá mar bhunús le dearbhú bainistíochta na ngníomhaireachtaí íocaíochta, dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 8(3);
 - (c) feidhmiú an chomhlachta chomhordaithe agus fógra maidir le faisnéis a thabhairt don Choimisiún dá dtagraítear in Airteagal 8(4).
- Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Airteagal 11 **Comhlachtaí deimhniúcháin**

1. Is é a bheidh sa chomhlacht deimhniúcháin comhlacht iniúcháireachta poiblí nó príobháideach a n-ainmneoidh an Ballstát é ar feadh tréimhse íosta trí bliana, gan dochar don dlí náisiúnta. I gcás inarb é comhlacht iniúcháireachta príobháideach a bheidh i gceist, agus i gcás ina n-éileofar é faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme, is é an Ballstát a roghnóidh é trí bhíthin nós imeachta tairisceana poiblí.
- Chun críocha na chéad fhomhíre d'Airteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais, soláthróidh an comhlacht deimhniúcháin tuairim, arna tarraingt suas i gcomhréir le caighdeán iniúcháireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta, lena suífear an méid seo a leanas:
- (a) an dtugann na cuntais seasamh fíor agus cothrom;
 - (b) an bhfuil córais rialachais na mBallstát a cuireadh ar bun ag feidhmiú i gceart;
 - (c) an bhfuil an tuairisciú feidhmíochta maidir le táscairí aschuir chun críocha an imréitigh feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 52 agus an tuairisciú feidhmíochta maidir le táscairí toraidh le haghaidh an fhaireacháin feidhmíochta ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 115 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], lena léirítear go bhfuil Airteagal 35 den Rialachán seo comhlíonta, ceart;
 - (d) an bhfuil an caiteachas ar na bearta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, as a bhfuil aisíocaíocht iarrtha ar an gCoimisiún, dlíthiúil agus rialta.
- Luafar sa tuairim freisin an gceistítear leis an scrúdú na dearbhuithe a dhéantar sa dearbhú bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 8(3).

I gcás ina gcuirfear tacaíocht ar fáil trí ionstraim airgeadais a gcuireann an Banc Eorpach Infheistíochta nó institiúid idirnáisiúnta airgeadais eile ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir chun feidhme í, cuirfidh an ghníomhaireacht deimhniúcháin muinín sa tuarascáil bhliantúil ar iniúcháireacht arna tarraingt suas ag iniúcháirí seachtracha na n-institiúidí sin.

2. Beidh an saineolas teicniúil is gá ag an gcomhlacht deimhniúcháin. Beidh sé neamhspleách go hoibríochtúil ar an ngníomhaireacht íocaíochta agus ar an gcomhlacht comhordaithe lena mbaineann agus ar an údarás a chreidiúnaigh an ghníomhaireacht sin agus ar na comhlachtaí atá freagrach as CBT a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air.
3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le cúraimí na gcomhlachtaí deimhniúcháin, lena n-áirítear na seiceálacha atá le déanamh agus na comhlachtaí atá faoi réir na seiceálacha sin, agus maidir leis na deimhnithe agus na tuarascálacha, mar aon leis na doiciméid a ghabhann leo, atá le tarraingt suas ag na comhlachtaí sin.

Leagfar amach sna gníomhartha cur chun feidhme freisin:

- (a) na prionsabail iniúcháireachta ar a bhfuil tuairimí na gcomhlachtaí deimhniúcháin bunaithe, lena n-áirítear measúnú rioscaí, seiceálacha inmheánacha agus an leibhéal d'fhianaise iniúcháireachta atá ag teastáil;
- (b) na modhanna iniúcháireachta atá le húsáid ag na comhlachtaí deimhniúcháin, ag féachaint do chaighdeáin idirnáisiúnta iniúcháireachta, chun a dtuairimí a thabhairt.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

TEIDEAL III

Bainistiú airgeadais na gCistí

CAIBIDIL I

CERT

ROINN 1

SMACHT BUISÉADACH

Airteagal 12

Uasteorainn bhuiséadach

1. Is é a bheidh san uasteorainn bhliantúil do chaiteachas CERT na huasmhéideanna atá socraithe ina leith faoi Rialachán (AE, Euratom) [COM (2018) 322 final].
2. I gcás ina ndéanfar foráil i ndlí an Aontais maidir le suimeanna a chur leis na méideanna dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaint de na méideanna sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 101 a chur i bhfeidhm, lena socrófar an glan-iarmhéid atá ar fáil do chaiteachas CERT ar bhonn na sonraí dá dtagraítear i ndlí an Aontais.

Airteagal 13

Comhlíonadh na huasteorann

1. I gcás ina ndéanfar foráil i ndlí an Aontais maidir le huasteorainn airgeadais in euro do chaiteachas talmhaíochta i ndáil le Ballstát, aisíocfar an caiteachas sin faoi réir na teorann sin arna socrú in euro, agus, i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagail 37 go 40, déanfar aon choigeartú is gá.
2. Measfar gur uasteorainneacha in euro iad leithdháiltí na mBallstát le haghaidh idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad dá dtagraítear in Airteagal 81 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], arna gceartú ag na coigeartuithe a leagtar síos in Airteagal 15 den Rialachán seo.

Airteagal 14

Cúlchiste talmhaíochta

1. Ag tús gach bliana i gcás CERT, bunófar cúlchiste chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil don earnáil talmhaíochta chun críocha bainistiú agus cobhsú margaidh nó i gcás géarchéimeanna a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó dáileadh talmhaíochta (“an cúlchiste talmhaíochta”).

Iontrálfar na leithreasuithe le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta díreach isteach i mbuiséad an Aontais.

Cuirfear cistí ón gcúlchiste talmhaíochta ar fáil do bhearta faoi Airteagail 8 go 21 agus Airteagal 219, Airteagal 220 agus Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le haghaidh na bliana nó na mblianta a bhfuil an tacaíocht bhreise ag teastáil ina leith.
2. EUR 400 milliún ar a laghad, ag na praghsanna reatha, a bheidh i méid an chúlchiste talmhaíochta ag tús gach bliana sa tréimhse 2021-2027. Féadfaidh an Coimisiún

méid an chúlchiste talmhaíochta a choigeartú le linn na bliana nuair is iomchuí i bhfianaise forbairtí nó peirspictíochtaí margaidh sa bhliain reatha nó sa bhliain ina dhiaidh agus na leithreasuithe atá ar fáil faoi CERT á gcur san áireamh.

De mhaolú ar phointe (d) d'Airteagal 12(2) den Rialachán Airgeadais nua, tabharfar leithreasuithe nár gealladh de chuid an chúlchiste talmhaíochta anonn gan teorainn ama chun an cúlchiste talmhaíochta a mhaoiniú sna blianta airgeadais ina dhiaidh sin.

Ar a bharr sin, de mhaolú ar phointe (d) d'Airteagal 12(2) den Rialachán Airgeadais, tabharfar an méid iomlán nár úsáideadh den chúlchiste talmhaíochta atá ar fáil ag deireadh na bliana 2020 anonn chuig an mbliain 2021 gan é a chur ar ais go dtí na línte buiséadacha lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 5(2) agus cuirfear ar fáil é chun an cúlchiste talmhaíochta a mhaoiniú.

Airteagal 15 **Smacht airgeadais**

1. Cinnfidh an Coimisiún ráta coigeartaithe d'idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 5(2) den Rialachán seo agus ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis na bearta sonracha dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 5(2) den Rialachán seo agus arna ndeonú faoi Chaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus Caibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013, (“an ráta coigeartaithe”) i gcás ina léireofar sna réamhaisnéisí do mhaoiniú na n-idirghabhálacha agus na mbeart arna maoiniú faoin bhfo-uasteorainn sin le haghaidh bliain airgeadais áirithe go sárófar na huasteorainneacha bliantúla is infheidhme.

Faoin 30 Meitheamh den bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an ráta coigeartaithe ina leith, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar an ráta coigeartaithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

2. Go dtí an 1 Nollaig den bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an ráta coigeartaithe ina leith, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn faisnéis nua, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-oiriúnófar an ráta coigeartaithe arna shocrú i gcomhréir le mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

3. I gcás ina mbeidh smacht airgeadais curtha i bhfeidhm, úsáidfear na leithreasuithe a thugtar anonn i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 12(2) den Rialachán Airgeadais chun caiteachas airgeadais faoi phointe (c) d'Airteagal 5(2) den Rialachán seo a mhaoiniú, a mhéid is gá chun a sheachaint go gcuirfear smacht airgeadais i bhfeidhm arís agus arís eile.

I gcás ina mbeidh leithreasuithe atá le tabhairt anonn, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, fós ar fáil, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach, in aghaidh an Bhallstáit, méideanna na leithreasuithe nár gealladh atá le haisíoc leis na tairbhíthe deiridh ach amháin más ionann méid iomlán na leithreasuithe nár gealladh atá ar fáil le haghaidh aisíoc agus níos lú ná 0,2 % den uasteorainn bhliantúil le haghaidh chaiteachas CERT.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

4. Aisíocfaidh na Ballstáit na méideanna atá socraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 3 leis na tairbhíthe deiridh i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha. Féadfaidh na Ballstáit tairseach íosta i dtaca le méideanna aisíocaíochta in aghaidh an tairbhí deiridh a chur i bhfeidhm.
Ní bheidh feidhm ag an aisíocaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír ach amháin maidir le tairbhíthe deiridh sna Ballstáit sin ina raibh feidhm ag smacht airgeadais sa bhliain airgeadais roimhe sin.
5. Mar thoradh ar idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad a bheith á dtabhairt isteach de réir a chéile, dá bhforáiltear in Airteagal 140(2) de Rialachán .../... [céimniú i bPlean Straitéiseach faoi CBT], beidh feidhm ag smacht airgeadais maidir leis an gCróit ón 1 Eanáir 2022.
6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le ríomh a dhéanamh ar an smacht airgeadais atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit ar fheirmeoirí.

Airteagal 16

Nós imeachta maidir le smacht buiséadach

1. I gcás ina ndealróidh sé, agus an dréachtbhuiséad don bhliain airgeadais N á tharraingt suas, go bhfuil riosca ann go sárófar an méid dá dtagraítear in Airteagal 12 don bhliain airgeadais N, molfaidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó don Chomhairle na bearta is gá chun comhlíonadh an méid sin a áirithiú.
2. Má mheasann an Coimisiún aon tráth go bhfuil riosca ann go sárófar an méid dá dtagraítear in Airteagal 12 agus nach féidir leis bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun an scéal a leigheas, molfaidh sé bearta eile chun comhlíonadh an méid sin a áirithiú. Glacfaidh an Chomhairle na bearta sin nuair is é Airteagal 43(3) den Chonradh an bunús dlí leis an mbeart ábhartha nó glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iad nuair is é Airteagal 43(2) den Chonradh an bunús dlí leis an mbeart ábhartha.
3. Más rud é, ag deireadh na bliana airgeadais N, go sáraíonn iarratais ar aisíocaíochtaí ó na Ballstáit an méid dá dtagraítear in Airteagal 12, nó más dóchúil go sáróidh siad an méid sin, déanfaidh an Coimisiún:
 - (a) na hiarratais a bheidh curtha isteach ag na Ballstáit a bhreithniú ar bhonn *pro rata* faoi réir an bhuiséid atá ar fáil, agus glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar méid na n-íocaíochtaí don mhí lena mbaineann go sealadach;
 - (b) a chinneadh, i gcás gach Ballstáit, an 28 Feabhra den bhliain airgeadais N + 1 nó roimhe, cén staid ina bhfuil sé maidir le maoiniú ón Aontas do bhliain airgeadais N;
 - (c) gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh lena socrófar méid iomlán an mhaoinithe ón Aontas arna mhiondealú de réir Ballstáit, ar bhonn ráta aonair, laistigh de theorainn an bhuiséid a bhí ar fáil do na híocaíochtaí míosúla;
 - (d) aon chúiteamh atá le déanamh i leith na mBallstát, nuair a dhéantar na híocaíochtaí míosúla do mhí an Mhárta sa bhliain N+1 ar a dhéanaí.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i bpointe (a) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

Airteagal 17

Córas luathrabhaidh agus faireacháin

Chun a áirithiú nach sárófar an uasteorainn bhuiséadach dá dtagraítear in Airteagal 12, déanfaidh an Coimisiún córas míosúil luathrabhaidh agus faireacháin a chur chun feidhme i dtaobh chaiteachas CERT.

Chun na críche sin, ag tús gach bliana airgeadais, déanfaidh an Coimisiún próifílí míosúla caiteachais a chinneadh, próifílí a bheidh bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar an meánchaiteachas míosúil sna trí bliana roimhe sin.

Ó am go chéile, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdófar forbairt an chaiteachais arna dhéanamh i ndáil leis na próifílí agus ina mbeidh measúnú ar an gcur chun feidhme tuartha don bhliain airgeadais reatha.

ROINN 2

CAITEACHAS A MHAOINIÚ

Airteagal 18

Íocaíochtaí míosúla

1. Cuirfidh an Coimisiún na leithreasuithe is gá chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a mhaoiniú ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm íocaíochtaí míosúla, ar bhonn an chaiteachais arna dhéanamh ag na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith tréimhse tagartha.
2. Go dtí go n-aistreoidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla, is iad na Ballstáit a chuirfidh ar fáil na hacmhainní is gá chun caiteachas a dhéanamh de réir riachtanais a gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe.

Airteagal 19

Nós imeachta maidir le híocaíochtaí míosúla

1. Gan dochar d'Airteagal 51, Airteagal 52 agus Airteagal 53, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí míosúla do chaiteachas a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith na míosa tagartha.
2. Déanfar íocaíochtaí míosúla le gach Ballstát ar an tríú lá oibre den dara mí tar éis na míosa ina ndéantar an caiteachas, nó roimhe sin, agus na laghduithe nó fionraíochtaí ag a bhfuil feidhm faoi Airteagail 37 go 40 á gcur san áireamh. Measfar gur i mí Dheireadh Fómhair a dhéanfar caiteachas arna dhéanamh na Ballstáit idir an 1 agus an 15 Deireadh Fómhair. Measfar gur i mí na Samhna a dhéanfar caiteachas arna ndéanamh idir an 16 agus an 31 Deireadh Fómhair.
3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinntear na híocaíochtaí míosúla a dhéanann sé ar bhonn dearbhú caiteachais ó na Ballstáit agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 88(1).
4. Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas láithreach i gcás ina sáróidh an Ballstát na huasteorainneacha airgeadais.

5. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme lena gcinntear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear i mír 3, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 101 a chur i bhfeidhm.
6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinntear íocaíochtaí nó asbhaintí breise lena leasaítear na híocaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le mír 3, gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 101 a chur i bhfeidhm.

Airteagal 20

Costais riaracháin agus phearsanra

Ní íocfaidh an Ciste as caiteachas a bhaineann le costais riaracháin agus phearsanra arna ndéanamh ag na Ballstáit agus ag tairbhíthe na cabhrach ó CERT.

Airteagal 21

Caiteachas idirghabhála poiblí

1. Nuair, i gcomhthéacs chomheagrú na margaí, nach bhfuil suim in aghaidh an aonaid cinntithe maidir le hidirghabháil phoiblí, is le CERT a mhaoineofar an beart lena mbaineann ar bhonn méideanna caighdeánacha aonfhoirmeacha, go háirithe i dtaca le cistí ó na Ballstáit a úsáidtear chun táirgí a cheannach isteach, le haghaidh oibríochtaí ábhair a eascraíonn as stóráil agus, i gcás inarb iomchuí, chun táirgí atá incháilithe d'idirghabháil a phróiseáil, dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) an cineál beart atá incháilithe do mhaoiniú an Aontais agus na coinníollacha aisíocaíochta;
 - (b) na coinníollacha incháilitheachta agus na modhanna ríomha bunaithe ar an bhfaisnéis arna breathnú go hiarbhír ag na gníomhaireachtaí íocaíochta nó bunaithe ar rátaí comhréidhe arna gcinneadh ag an gCoimisiún, nó bunaithe ar mhéideanna comhréidhe nó neamh-chomhréidhe a bhfuil foráil déanta maidir leo sa reachtaíocht talmhaíochta earnálach.
3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha a bhaineann le hoibríochtaí idirghabhála poiblí a luacháil, na bearta atá le déanamh i gcás ina gcaillfear táirgí nó ina dtiocfaidh meath orthu faoin idirghabháil phoiblí agus na méideanna atá le maoiniú a chinneadh.
4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena socrófar na méideanna dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

Airteagal 22

Sonraí satailíte a fháil

Aontóidh an Coimisiún agus na Ballstáit, i gcomhréir leis an tsonraíocht arna hullmhú ag gach Ballstát, liosta na sonraí satailíte is gá le haghaidh an chórais faireacháin limistéir dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 64(1).

I gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 7, soláthróidh an Coimisiún na sonraí satailíte saor in aisce do na húdaráis atá inniúil don chóras faireacháin limistéir nó do sholáthraithe seirbhísí atá údaraithe ag na comhlachtaí sin chun ionadaíocht a dhéanamh orthu.

Beidh úinéireacht na sonraí satailíte fós ag an gCoimisiún agus gheobhaidh sé ar ais iad nuair a bheidh an obair críochnaithe.

Féadfaidh an Coimisiún cúram a chur ar eintitis speisialaithe cúraimí a dhéanamh a bhaineann le teicnící nó modhanna oibre i ndáil leis an gcóras faireacháin limistéir dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 64(1).

Airteagal 23

Faireachán ar acmhainní talmhaíochta

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí arna maoiniú de bhun phointe (c) d'Airteagal 7 cur ar chumas an Choimisiúin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) margáí talmhaíochta an Aontais a bhainistiú i gcomhthéacs domhanda;
- (b) faireachán agra-namaíoch agus agra-chomhshaoil-aeráide ar úsáid talún talmhaíochta agus ar athrú ar an úsáid talún talmhaíochta, lena n-áirítear agra-ghoraoiseacht, a áirithiú, chomh maith le faireachán ar bhail na mbarr a áirithiú d'fhonn meastacháin a dhéanamh, go háirithe maidir le táirgeacht agus táirgeadh talmhaíochta agus na tionchair thalmhaíochta a bhaineann le himthosca eisceachtúla;
- (c) rochtain ar na meastacháin sin a roinnt i gcomhthéacs idirnáisiúnta, amhail na tionscnaimh arna gcomhordú ag eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear fardail maidir le gás ceaptha teasa a bhunú, nó ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile;
- (d) rannchuidiú le trédhearcacht margáí domhanda;
- (e) bearta leantacha teicneolaíochta faoin gcóras agraimeitéareolaíoch a áirithiú.

De bhun phointe (c) d'Airteagal 7, maoineoidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí a bhaineann le bailiú nó ceannach sonraí is gá chun CBT a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear sonraí satailíte, sonraí geo-spásúla agus sonraí meitéareolaíocha, infreastruchtúr sonraí spásúla agus suíomh gréasáin a chur ar bun, staidéir shonracha ar dhálaí aeráide a dhéanamh, cianbhraiteacht a úsáidtear chun cabhrú le faireachán a dhéanamh ar an athrú ar úsáid talún talmhaíochta, sláinte ithreach agus samhlacha agraimeitéareolaíocha agus eacnaiméadracha a nuashonrú. I gcás inar gá, déanfar na bearta sin i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, an tIonad Comhpháirteach Taighde, saotharlanna agus comhlachtaí náisiúnta nó le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí.

Airteagal 24

Cumhachtaí cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an méid seo a leanas:

- (a) rialacha maidir leis an maoiniú de bhun phointe (b) agus phointe (c) d'Airteagal 7;
- (b) an nós imeachta faoina ndéanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 22 agus Airteagal 23 chun na cuspóirí sannta a ghnóthú;
- (c) an creat lena rialaítear fáil, beachtú agus úsáid sonraí satailíte agus sonraí meitéareolaíocha, agus na sprioc-amanna is infheidhme.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Caibidil II

CETFT

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE CETFT

Airteagal 25

Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach íocaíocht

1. Ní rachaidh íocaíochtaí an Choimisiúin maidir leis an ranníocaíocht CETFT dá dtagraítear in Airteagal 6 thar na gealltanais bhuiséadacha.
Gan dochar d'Airteagal 32(1), sannfar na híocaíochtaí sin don ghealltanais buiséadach is luaithe a bheidh oscailte.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais.

ROINN 2

MAOINIÚ CETFT FAOIN BPLEAN STRAITÉISEACH CBT

Airteagal 26

Ranníocaíocht airgeadais ó CETFT

Cinnfear an ranníocaíocht ó CETFT le caiteachas faoi Phleananna Straitéiseacha faoi CBT do gach Plean Straitéiseach faoi CBT, laistigh de na huasteorainneacha arna mbunú ag dlí an Aontais maidir le tacaíocht ó CETFT d'idirghabhálacha an Phlean Straitéisigh faoi CBT.

Airteagal 27

Gealltanais bhuiséadacha

1. Is é a bheidh sa chinneadh ón gCoimisiún lena nglactar Plean Straitéiseach faoi CBT cinneadh maoinithe de réir bhrí Airteagal 110(1) den Rialachán Airgeadais agus, nuair a thabharfar fógra don Bhallstát lena mbaineann, gealltanais dlíthiúil de réir bhrí an Rialacháin sin. Sonrófar leis an gcinneadh an ranníocaíocht in aghaidh na bliana.
2. Is i dtráthchodanna bliantúla idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2027 a dhéanfar ghealltanais bhuiséadacha an Aontais i leith gach Plean Straitéiseach faoi CBT.

Le haghaidh gach Plean Straitéiseach faoi CBT, déanfar na gealltanais bhuiséadacha don chéad tráthchuid tar éis an Plean Straitéiseach faoi CBT a bheith glactha ag an gCoimisiún.

I gcás na ngealltanais buiséadach do thráthchodanna ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún iad roimh an 1 Bealtaine gach bliain, ar bhonn an chinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal seo, ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 16 den Rialachán Airgeadais.

ROINN 3

RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS LE HIDIRGHABHÁLACHA FORBARTHA TUAITHE

Airteagal 28

Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le híocaíochtaí le hidirghabhálacha forbartha tuaithe

1. Cuirfear na leithreasuithe is gá chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 6 a mhaoiniú ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm réamh-mhaoinithe, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéid, mar a thuairiscítear sa Roinn seo.
2. Ní rachaidh comhiomlán na n-íocaíochtaí réamh-mhaoinithe agus eatramhacha thar 95 % de ranníocaíocht CETFT le gach Plean Straitéiseach faoi CBT.

Nuair a shroichfear uasteorainn 95 %, leanfaidh na Ballstáit de bheith ag tarchur iarratais ar íocaíochtaí chuig an gCoimisiún.

Airteagal 29

Socruithe réamh-mhaoinithe

1. I ndiaidh chinneadh an Choimisiúin an Plean Straitéiseach faoi CBT a fhorghnó, íocfaidh an Coimisiún méid réamh-mhaoinithe tosaigh don Bhallstát le haghaidh thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh faoi CBT. Íocfar an méid réamh-mhaoinithe tosaigh sin i dtráthchodanna mar a leanas:
 - (a) in 2021: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh faoi CBT;
 - (b) in 2022: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh faoi CBT;
 - (c) in 2023: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh faoi CBT.

I gcás ina nglacfar Plean Straitéiseach faoi CBT in 2022 nó níos déanaí, íocfar na tráthchodanna níos luaithe gan mhoill tar éis an ghlactha sin.

2. Aisíocfar an méid iomlán arna íoc mar réamh-mhaoiniú leis an gCoimisiún mura ndéanfar aon chaiteachas agus mura seolfar aon dearbhú caiteachais don Phlean Straitéiseach faoi CBT laistigh de 24 mhí ón dáta a íocann an Coimisiún an chéad tráthchuid den mhéid réamh-mhaoinithe. Fritháireofar an réamh-mhaoiniú i gcoinne an chaiteachais is luaithe a dhearbhófar don Phlean Straitéiseach faoi CBT.
3. Ní íocfar ná ní ghnóthófar aon réamh-mhaoiniú breise más rud é go ndéanfar aistriú go CETFT nó ó CETFT i gcomhréir le hAirteagal 90 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].
4. Úsáidfear ús arna ghiniúint ar an réamh-mhaoiniú don Phlean Straitéiseach faoi CBT lena mbaineann agus asbhainfear é ó mhéid an chaiteachais phoiblí arna shonrú ar an dearbhú caiteachais deiridh.
5. Imréiteofar an méid iomlán réamh-mhaoinithe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 51 sula ndúnfar an Plean Straitéiseach faoi CBT.

Airteagal 30
Íocaíochtaí eatramhacha

1. Déanfar íocaíochtaí eatramhacha do gach Plean Straitéiseach faoi CBT. Déanfar iad a ríomh tríd an ráta ranníocaíochta do gach cineál idirghabhála a chur i bhfeidhm ar an gcaiteachas poiblí arna dhéanamh a bhaineann leis dá dtagraítear in Airteagal 85 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].
2. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, déanfaidh an Coimisiún, agus laghduithe nó fionraíochtaí arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagail 37 go 40 á gcur san áireamh, íocaíochtaí eatramhacha chun aisíocaíocht a dhéanamh ar an gcaiteachas arna dhéanamh ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i gcur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT.
3. I gcás ina gcuirfear ionstraimí airgeadais chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) .../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna], áireofar sa dearbhú caiteachais na méideanna iomlána arna n-íoc amach ag an údarás bainistíochta nó, i gcás ráthaíochtaí, na méideanna arna gcur i leataobh ag an údarás bainistíochta, mar a aontaíodh i gconarthaí ráthaíochta, le faighteoirí deiridh dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de [Airteagal 74(5) de Rialachán (AE) .../... an Plean Straitéiseach faoi CBT – rialacha incháilitheachta nó ionstraimí airgeadais].
4. I gcás ina gcuirfear ionstraimí airgeadais chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) .../... [Rialachán na bhForálacha Coitianta], is i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas a chuirfear isteach dearbhuithe caiteachais a chuimsíonn caiteachas le haghaidh ionstraimí airgeadais:
 - (a) is gá an méid a áirítear sa chéad dearbhú caiteachais a bheith íoctha cheana leis an ionstraim airgeadais agus is féidir suas le 25 % de mhéid iomlán ranníocaíochta an Phlean Straitéisigh faoi CBT geallta do na hionstraimí airgeadais faoin gconradh cistiúcháin ábhartha a bheith ann;
 - (b) áireofar an caiteachas incháilithe dá dtagraítear in [Airteagal 74(5) den Phlean faoi CBT – rialacha incháilitheachta nó ionstraimí airgeadais] sa mhéid a áirítear i ndearbhuithe caiteachais a chuirfear isteach ina dhiaidh sin le linn na tréimhse incháilitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 80(3) de Rialachán (AE) .../... [an Plean Straitéiseach faoi CBT].
5. Imréiteofar an méid a áirítear sa chéad dearbhú caiteachais, dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4, ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná sna cuntais bhliantúla don bhliain dheireanach de chur i gcrích an Phlean Straitéisigh ábhartha faoi CBT.
6. Déanfar an Coimisiún gach íocaíocht eatramhach, faoi réir chomhlíonadh na gceanglas seo a leanas:
 - (a) dearbhú caiteachais arna shíniú ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe a tharchur chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 88(1)(c);
 - (b) gan aon sárú a bheith ann ar ranníocaíocht iomlán CETFT le gach cineál idirghabhála don tréimhse iomlán atá cumhdaithe ag an bPlean Straitéiseach faoi CBT lena mbaineann;
 - (c) na doiciméid atá le cur isteach a tharchur chuig an gCoimisiún, dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus Airteagal 11(1);
 - (d) na cuntais bhliantúla a tharchur.

7. Mura gcomhlíonfar ceann amháin de na ceanglais a leagtar síos i mír 6, cuirfidh an Coimisiún an ghníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó an comhlacht comhordaithe, i gcás inar ceapadh ceann, ar an eolas láithreach. Mura gcomhlíonfar ceann amháin de na ceanglais a leagtar síos i bpointe (a), (c) nó (d) de mhír 6, measfar an dearbhú caiteachais a bheith doghlactha.
8. Gan dochar d'Airteagal 51, Airteagal 52 agus Airteagal 53, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha laistigh de 45 lá tar éis do dhearbhuí caiteachais, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 6 den Airteagal seo, a bheith cláraithe.
9. Suífidh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe dearbhuithe caiteachais eatramhacha a bhaineann le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT agus cuirfidh siad ar aghaidh iad seo chuig an gCoimisiún, go díreach nó tríd an gcomhlacht comhordaithe a úsáid mar idirghabhálaí, i gcás inar ceapadh ceann, laistigh de thréimhsí atá le socrú ag an gCoimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na tréimhsí do ghníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe dearbhuithe caiteachais idirmheánacha a shuí agus a chur ar aghaidh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Le dearbhuithe caiteachais, cumhdófar caiteachas a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta le linn gach ceann de na tréimhsí lena mbaineann. I gcásanna, áfach, nach féidir caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 107(8) de Rialachán (AE) Uimh. .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] a dhearbhuí leis an gCoimisiún sa tréimhse lena mbaineann de bhrí go bhfuiltear ag feitheamh ar fhorghabháil ón gCoimisiún maidir le leasú ar an bPlean Straitéiseach faoi CBT, féadfar é a dhearbhuí i dtréimhsí ina dhiaidh sin.

Déanfar dearbhuithe caiteachais eatramhacha maidir le caiteachas a dhéanfar ón 16 Deireadh Fómhair ar aghaidh a chlárú faoi bhuiséad na bliana ina dhiaidh sin.

10. I gcás ina mbeidh fíorú breise ag teastáil ón oifigeach údarúcháin trí fhotharmligeán, de bharr gur soláthraíodh faisnéis neamhiomlán nó dhoiléir nó mar gheall ar easaontas, difríochtaí léirmhíntithe nó aon neamhréireacht eile a bhaineann le dearbhú caiteachais do thréimhse thagartha, a thagann chun cinn go háirithe mar nár cuireadh in iúl an fhaisnéis is gá faoi Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus faoi gníomhartha de chuid an Choimisiúin a glacadh faoin Rialachán sin, soláthróidh an Ballstát lena mbaineann, ar iarratas ón oifigeach údarúcháin trí fhotharmligeán, faisnéis bhreise laistigh de thréimhse ama a shocrófar san iarratas sin de réir thromchúis na faidhbe.

Féadfar an teorainn ama d'íocaíochtaí eatramhacha a leagtar síos i mír 8 a bhriseadh le haghaidh an méid iomláin a n-éilítear íocaíocht ina leith nó le haghaidh cuid den mhéid sin, ar feadh uastréimhse sé mhí, ón dáta a sheoltar an t-iarratas ar íocaíocht agus go dtí go bhfaightear an fhaisnéis iarrtha a mheastar a bheith sásúil. Féadfaidh an Ballstát aontú tréimhse an bhriste a shíneadh trí mhí eile.

I gcás nach bhfreagróidh an Ballstát lena mbaineann an t-iarratas ar fhaisnéis bhreise laistigh den tréimhse arna socrú san iarratas sin nó ina measfar nach bhfuil an freagra sásúil nó ina gcuirfidh an Ballstát in iúl nár comhlíonadh na rialacha is infheidhme nó gur baineadh úsáid mhíchuí as Cistí an Aontais, féadfaidh an Coimisiún íocaíochtaí a chur ar fionraí nó a laghdú i gcomhréir le hAirteagail 37 go 40 den Rialachán seo.

Airteagal 31

An iarmhéid a íoc agus idirghabhálacha forbartha tuaithe sa Phlean Straitéiseach faoi CBT a dhúnadh

1. Tar éis dó an tuarascáil bhliantúil deiridh ar fheidhmíocht a fháil maidir le Plean Straitéiseach faoi CBT a chur chun feidhme, íocfaidh an Coimisiún, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil agus ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm ag leibhéal na gcineálacha idirghabhála de chuid CETFT, iarmhéid na gcuntas bliantúil don bhliain dheireanach de chur i gcrích an Phlean Straitéisigh faoi CBT agus iarmhéid na gcinntí comhfhreagracha maidir le himréiteach. Cuirfear na cuntais sin faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá bhforáiltear in Airteagal 80(3) de Rialachán (AE) Uimh. .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus cumhdófar sna cuntais sin an caiteachas arna dhéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta suas go dtí an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas.
2. Íocfar an t-iarmhéid tráth nach déanaí ná sé mhí ón dáta a mheas an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 inghlactha agus a imréitíodh an cuntas bliantúil deiridh. Gan dochar d'Airteagal 32(5), saorfaidh an Coimisiún, laistigh de thréimhse sé mhí, na méideanna a bhfuil gealltanais fós déanta ina leith tar éis an t-iarmhéid a íoc.
3. Más rud é, faoin teorainn ama a leagtar amach i mír 1, nach mbeidh an tuarascáil bhliantúil deiridh ar fheidhmíocht agus na doiciméid is gá chun na cuntais don bhliain dheireanach de chur i gcrích an Phlean a imréiteach faighte ag an gCoimisiún, déanfar an t-iarmhéid a shaoradh go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 32.

Airteagal 32

Saoradh uathoibríoch i bPleananna Straitéiseacha faoi CBT

1. Saorfaidh an Coimisiún go huathoibríoch aon chuid de ghealltanais buiséadach d'idirghabhálacha forbartha tuaithe i bPlean Straitéiseach faoi CBT nár úsáideadh chun críocha íocaíochtaí eatramhacha a réamh-mhaoiniú nó a dhéanamh, nó aon chuid nár cuireadh isteach aon dearbhú caiteachais ina leith lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 30(3) maidir le caiteachas arna dhéanamh, faoin 31 Nollaig sa dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh.
2. Saorfar go huathoibríoch an chuid sin de ghealltanais bhuiséadacha atá fós oscailte ar an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 80(3) de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] nó nach ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith laistigh de shé mhí tar éis an dáta sin.
3. I gcás imeachtaí dlíthiúla nó i gcás achomharc riaracháin ag a mbeidh éifeacht fionraíochta, brisfear an tréimhse um shaoradh uathoibríoch dá dtagraítear i mír 1 nó 2, i leith an méid a bhaineann leis na hoibríochtaí i gceist, ar feadh fhad na n-imeachtaí sin nó ar feadh fhad an achomhairc riaracháin sin, ar choinníoll go bhfaighidh an Coimisiún fógra réasúnaithe ón mBallstát faoin 31 Eanáir den bhliain $N + 3$.
4. Déanfar neamhaird den mhéid seo a leanas agus an saoradh uathoibríoch á ríomh:

- (a) an chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha a ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith ach ar laghdaigh an Coimisiún a haisíocaíocht nó ar chuir sé ar fionraí í an 31 Nollaig sa bhliain $N + 2$;
- (b) an chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha nach raibh gníomhaireacht íocaíochta in ann a íoc amach ar chúiseanna *force majeure*, rud a bhfuil tionchar tromchúiseach aige ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh faoi CBT. Taispeánfaidh na húdaráis náisiúnta sin a mhaíonn *force majeure* na hiarmhairtí díreacha ar chur chun feidhme cuid den Phlean Straitéiseach faoi CBT nó an Phlean iomláin.

Faoi 31 Eanáir, seolfaidh an Ballstát faisnéis chuig an gCoimisiún i dtaobh na n-eisceachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir leis na méideanna a dearbhaíodh faoi dheireadh na bliana roimhe sin.

5. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas in am trátha má tá riosca saortha uathoibríoch ann. Cuirfidh sé ar an eolas iad faoin méid atá i gceist mar a shonraítear san fhaisnéis atá ina sheilbh. Beidh dhá mhí ag na Ballstáit ón uair a bhfaigheann siad an fhaisnéis sin chun aontú leis an méid i gceist nó chun barúlacha a chur i láthair. Déanfaidh an Coimisiún an saoradh uathoibríoch tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis an sprioc-ama dheireanaí atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm mhír 1, mír 2 agus mír 3.
6. I gcás saoradh uathoibríoch, déanfar ranníocaíocht CETFT leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT lena mbaineann a laghdú, don bhliain atá i gceist, bunaithe ar an méid a saoradh go huathoibríoch. Déanfaidh an Ballstát plean maoinithe athbhreithnithe lena roinnfear laghdú na cabhrach idir na cineálacha idirghabhála a bheidh le formheas ag an gCoimisiún. Mura ndéanfaidh an Ballstát amhlaidh, laghdóidh an Coimisiún na méideanna a leithdháiltear le haghaidh gach cineál idirghabhála ar bhonn *pro rata*.

CAIBIDIL III

Forálacha comhchoiteanna

Airteagal 33

An bhliain airgeadais talmhaíochta

Gan dochar do na forálacha speisialta maidir le dearbhuithe caiteachais agus ioncain a bhaineann le hidirghabháil phoiblí arna leagan síos ag an gCoimisiún de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 45(3), cumhdófar leis an mbliain airgeadais talmhaíochta caiteachas arna íoc agus ioncam arna fháil agus arna iontráil ag na gníomhaireachtaí íocaíochta i gcuntais bhuiséad na gCistí i leith na bliana airgeadais “N” dar tús an 16 Deireadh Fómhair den bhliain “N-1” agus dar críoch an 15 Deireadh Fómhair den bhliain “N”.

Airteagal 34

Cosc ar chistiú dubailte

Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh caiteachas a mhaoinítear faoi CERT nó faoi CETFT faoi réir aon mhaoiniú eile faoi bhuiséad an Aontais.

Faoi CETFT, ní thabharfar foirmeacha éagsúla tacaíochta faoin bPlean Straitéiseach faoi CBT ná faoi Chistí eile Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE) ná ionstraimí eile de chuid an Aontais d'oibríocht ach amháin nach sárófar leis an méid iomlán cabhrach carnaí a dheonaítear faoi na foirmeacha éagsúla tacaíochta an déine cabhrach ná an méid cabhrach is

airde is infheidhme maidir leis an gcineál idirghabhála sin dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) Uimh. .../... (an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT). Sna cásanna sin, ní dhearbhoídís na Ballstáit caiteachas leis an gCoimisiún i leith an méid seo a leanas:

(a) tacaíocht ó Chiste SIE eile nó ó ionstraim eile de chuid an Aontais; nó

(b) tacaíocht ón bPlean Straitéiseach céanna faoi CBT.

Féadfar méid an chaiteachais atá le hiontráil sa dearbhú caiteachais a ríomh ar bhonn *pro rata*, i gcomhréir leis an doiciméad lena leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.

Airteagal 35

Incháilitheacht caiteachais arna thabhtú ag na gníomhaireachtaí íocaíochta

Ní fhéadfaidís an tAontas an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 a mhaoiniú ach amháin:

(a) más gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a rinne é,

(b) má rinneadh é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais, nó

(c) maidir leis na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT],

(i) má mheaitseáiltear é le haschur tuairiscithe comhlántach, agus

(ii) má rinneadh é i gcomhréir leis na córais is infheidhme de chuid an Aontais, nach gcuimsítear leo na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh tairbhíthe aonair a leagtar síos sna Pleananna Straitéiseacha náisiúnta faoi CBT.

Ní bheidís feidhm ag pointe (c)(i) den chéad mhír maidir le réamhíocaíochtaí arna n-íoc le tairbhíthe faoi chineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

Airteagal 36

Comhlíonadh sprioc-amanna íocaíochta

I gcás ina mbeidís sprioc-amanna íocaíochta leagtha síos ag dlí an Aontais, aon íocaíocht a dhéanfaidís na gníomhaireachtaí íocaíochta leis na tairbhíthe roimh an dáta íocaíochta is luaithe is féidir agus tar éis an dáta íocaíochta is déanaí is féidir, ní bheidís sí incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na cúinsí agus coinníollacha inar féidir na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo a mheas a bheith incháilithe, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.

Airteagal 37

Íocaíochtaí míosúla agus eatramhacha a laghdú

1. I gcás ina suífidís an Coimisiún ó dhearbhuíthe caiteachais nó ón bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 88 go bhfuil uasteorainneacha airgeadais atá socraithe ag dlí an Aontais sáraithe, laghdóidís an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis an mBallstát i gceist i gcreat na ngníomhartha tarmligthe a bhaineann leis na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 19(3) nó i gcreat na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 30.

2. I gcás ina suífidh an Coimisiún ó dhearbhuirthe caiteachais nó ón bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 88 nár comhlíonadh na sprioc-amanna íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 36, tabharfar an deis don Bhallstát a bharúlacha a chur isteach laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá. I gcás nach gcuirfidh an Ballstát a bharúlacha isteach laistigh den thréimhse sin nó i gcás go measfaidh an Coimisiún nach bhfuil an freagra sásúil, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis an mBallstát lena mbaineann a laghdú i gcreat na ngníomhartha tarmligthe a bhaineann leis na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 19(3) nó i gcreat na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 30.
3. Beidh laghduithe faoin Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 51.
4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha breise maidir leis an nós imeachta agus le socruithe praiticiúla eile i dtaca le feidhmiú cuí an tsásra dá bhforáiltear in Airteagal 36. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Airteagal 38

Íocaíochtaí maidir leis an imreiteach bliantúil a chur ar fionraí

1. I gcás nach gcuirfidh na Ballstáit na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus Airteagal 11(1) isteach faoi na sprioc-amanna, dá bhforáiltear in Airteagal 8(3), féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear méid iomlán na n-íocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 19(3) ar fionraí. Aisiocfaidh an Coimisiún na méideanna a cuireadh ar fionraí nuair a gheobhaidh sé na doiciméid ar iarraidh ón mBallstát lena mbaineann, ar choinníoll nach bhfuil an dáta fála níos déanaí ná sé mhí tar éis an sprioc-ama.

Maidir leis na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 30, measfar dearbhuithe caiteachais a bheith doghlactha i gcomhréir le mír 6 den Airteagal sin.
2. I gcás, i gcreat an imreitigh feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 52, go suífidh an Coimisiún go bhfuil an éagsúlacht idir an caiteachas a deimhníodh agus an méid a bhaineann leis an aschur tuairiscithe ábhartha níos mó ná 50 % agus nach féidir leis an mBallstát cúiseanna cuí-réasúnaithe a thabhairt, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 19(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 30 ar fionraí.

Cuirfear an fhionraíocht i bhfeidhm ar an gcaiteachas ábhartha i dtaca leis na hidirghabhálacha ar a ndearnadh an laghdú dá dtagraítear in Airteagal 52(2) agus ní sháróidh an méid atá le cur ar fionraí an céatadán a chomhfhreagraíonn don laghdú arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 52(2). Aisiocfaidh an Coimisiún na méideanna curtha ar fionraí leis na Ballstáit nó laghdófar iad go buan trí bhíthin an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 52.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le ráta fionraíochta na n-íocaíochtaí.
3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear san Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

Roimh don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh, cuirfidh sé an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus tabharfaidh sé deis don Bhallstát a bharúlacha a chur isteach laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá.

Sna gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 19(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 30, cuirfear na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin mír seo san áireamh.

Airteagal 39

Íocaíochtaí maidir leis an bhfaireachán ilbhliantúil ar fheidhmíocht a chur ar fionraí

1. I gcás ina gcuirfear moill ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna, nó nach ndéanfar dul chun cinn leordhóthanach, mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach náisiúnta faoi CBT agus ar a ndéantar faireachán i gcomhréir le hAirteagal 115 agus Airteagal 116 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá a chur chun feidhme i gcomhréir le plean gníomhaíochta ina bhfuil táscairí dul chun cinn soiléire, atá le bunú i gcomhairle leis an gCoimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos breis rialacha maidir leis na gnéithe de phleananna gníomhaíochta agus an nós imeachta chun na pleananna gníomhaíochta a bhunú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

2. I gcás nach cuirfidh an Ballstát an plean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 isteach nó chun feidhme, nó i gcás inar soiléir nach bhfuil an plean gníomhaíochta sin leordhóthanach chun an cás a leigheas, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 19(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 30 ar fionraí.

Cuirfear an fhionraíocht i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta ó thaobh an chaiteachais ábhartha a bhaineann leis na hidirghabhálacha a bhí le bheith cumhdaithe ag an bplean gníomhaíochta sin. Aisíocfaidh an Coimisiún na méideanna curtha ar fionraí nuair, de bhonn an athbhreithnithe feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 121 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], a dhéanfar dul chun cinn sásúil i dtreo spriocanna. Mura leigheasfar an cás faoin tráth a dhúnfar an Plean Straitéiseach náisiúnta faoi CBT, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena laghdaítear go deifnídeach an méid curtha ar fionraí le haghaidh an Bhallstáit lena mbaineann.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le ráta agus fad fionraíochta na n-íocaíochtaí agus an coinníoll maidir leis na méideanna sin a aisíoc nó a laghdú faoin bhfaireachán feidhmíochta ilbhliantúil.

3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

Roimh don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh, cuirfidh sé an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus iarrfaidh sé air freagra a thabhairt laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá.

Airteagal 40

Íocaíochtaí maidir le heasnaimh i gcórais rialachais a chur ar fionraí

1. I gcás ina mbeidh easnaimh thromchúiseacha ar fheidhmiú na gcórais rialachais, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá a chur chun feidhme i gcomhréir le plean gníomhaíochta ina bhfuil táscairí dul chun cinn soiléire, atá le bunú i gcomhairle leis an gCoimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos breis rialacha maidir leis na gnéithe de na pleananna gníomhaíochta agus an nós imeachta chun na pleananna gníomhaíochta a bhunú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

2. I gcás nach gcuirfidh an Ballstát an plean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 isteach nó chun feidhme, nó i gcás inar soiléir nach bhfuil an plean gníomhaíochta sin leordhóthanach chun an cás a leigheas, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 19(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 30 ar fionraí.

Cuirfear an fhionraíocht i bhfeidhm maidir le prionsabal na comhréireachta ó thaobh an chaiteachais ábhartha arna dhéanamh ag an mBallstát ina bhfuil na heasnaimh, ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ar tréimhse í nach mbeidh níos faide ná 12 mhí. Má leantar de chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir leis an bhfionraíocht, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sínítear an tréimhse sin ar feadh tréimhsí eile nach mbeidh níos faide ná 12 mhí. Cuirfear na méideanna curtha ar fionraí san áireamh nuair a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 53.

3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear san Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

Roimh don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear de mhír 2 a ghlacadh, cuirfidh sé an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus iarrfaidh sé air freagra a thabhairt laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá.

Sna gníomhartha cur chun feidhme lena socraítear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 19(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 30, cuirfear na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin gcéad fhomhír den mhír seo san áireamh.

Airteagal 41

Cuntais ar leith a choinneáil

Coinneoidh gach gníomhaireacht íocaíochta tacar cuntas ar leith do na leithreasuithe a iontrálfar i mbuiséad an Aontais do na Cistí.

Airteagal 42
Íocaíocht le tairbhíthe

1. Mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite i ndlí an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go n-íocfar amach íocaíochtaí a bhaineann leis an maoiniú dá bhforáiltear sa Rialachán seo ina n-iomláine leis na tairbhíthe.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na híocaíochtaí faoi na hidirghabhálacha agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 63(2) sa tréimhse idir an 1 Nollaig agus an 30 Meitheamh sa bhliain féilire ina dhiaidh sin.

D'ainneoin na chéad fomhíre, féadfaidh na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) roimh an 1 Nollaig ach ní roimh an 16 Deireadh Fómhair, réamhíocaíochtaí suas le 50 % a dhéanamh i leith na n-idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad;
 - (b) roimh an 1 Nollaig, réamhíocaíochtaí suas le 75 % a dhéanamh i leith na tacaíochta arna deonú faoi idirghabhálacha forbartha tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 63(2).
3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh réamhíocaíochtaí suas le 50 % a dhéanamh faoi na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 68 agus Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].
 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na hidirghabhálacha nó bearta a bhféadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh ina leith.
 5. I gcás éigeandála, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun fadhbanna sonracha a réiteach maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo. D'fhéadfadh maolú ar mhír 2 a bheith i gceist leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, ach ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach a mhéid agus ar feadh tréimhse atá fíor-riachtanach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Airteagal 43
Ioncam a shannadh

1. “Ioncam sannta” a bheidh sa mhéid seo a leanas de réir bhrí Airteagal 21 den Rialachán Airgeadais:
 - (a) maidir le caiteachas faoi CERT agus CETFT araon, suimeanna faoi Airteagal 36, Airteagal 52 agus Airteagal 53 den Rialachán seo agus Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 102 den Rialachán seo agus, maidir le caiteachas faoi CERT, suimeanna faoi Airteagal 51 agus Airteagal 54 den Rialachán seo, nach mór a íoc le buiséad an Aontais, mar aon le hús ar na nithe seo a leanas;
 - (b) méideanna ar pionóis iad arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha ar choinníollacht dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], maidir le caiteachas faoi CERT;

- (c) aon urrús, taisce nó ráthaíocht arna soláthar de bhun dhlí an Aontais arna glacadh faoi chreat CBT, lena n-eisiatar idirghabhálacha forbartha tuaithe, agus a forghéilleadh ina dhiaidh sin. Coimeádfaidh na Ballstáit, áfach, na hurrúis forghéillte arna dtaisceadh agus ceadúnais onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin á n-eisiúint nó faoi nós imeachta tairisceana chun a áirithiú go gcuireann tairgeoirí tairiscintí dáiríre isteach agus chuige sin amháin;
- (d) suimeanna arna laghdú go deifnídeach i gcomhréir le hAirteagal 39(2);
- 2. Íocfar na suimeanna dá dtagraítear i mír 1 le buiséad an Aontais agus, i gcás ina n-athúsáidfear iad, úsáidfear iad chun caiteachas CERT agus CETFT amháin a mhaoiniú.
- 3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo *mutatis mutandis* maidir le hioncam sannta dá dtagraítear i mír 1.
- 4. Maidir le CERT, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 113 den Rialachán Airgeadais maidir le cuntais ar ioncam sannta dá dtagraítear sa Rialachán seo a choinneáil.

Airteagal 44 **Bearta faisnéise**

- 1. Is í an aidhm a bheidh le soláthar faisnéise a mhaoineofar de bhun phointe (e) d'Airteagal 7, go háirithe, cuidiú le CBT a mhíniú, a chur chun feidhme agus a fhorbairt agus feacht an phobail i dtaobh a ábhair agus a chuspóirí a ardú chun muinín tomhaltóirí a spreagadh arís tar éis géarchéimeanna trí fheachtais faisnéise, feirmeoirí agus daoine eile atá gníomhach i gceantair thuaithe a chur ar an eolas agus múnla Eorpach na talmhaíochta a chur chun cinn, chomh maith le cuidiú le saoránaigh é a thuiscint.

Soláthrófar faisnéis chomhtháite oibiachtúil chuimsitheach, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon.
- 2. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith sna bearta dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) cláir bhliantúla oibre nó bearta sonracha eile arna gcur i láthair ag tríú páirtithe;
 - (b) gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ar thionscnamh an Choimisiúin.
 Eisiafar na bearta sin a cheanglaítear le dlí nó na bearta sin a fhaigheann maoiniú cheana faoi ghníomh eile de chuid an Aontais.

Chun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír a chur chun feidhme, féadfaidh saineolaithe seachtracha a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún.

Cuideoidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin le cumarsáid chorparáideach a áirithiú maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid is go mbaineann na tosaíochtaí sin le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.
- 3. Uair amháin gach bliain, foilseoidh an Coimisiún gairm ar thograí lena n-urramaítear na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais.
- 4. Tabharfar fógra don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 101(1) i leith beart a bheartaítear agus a dhéantar de bhun an Airteagail seo.
- 5. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Airteagail seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach dhá bhliain.

Airteagal 45
Cumhachtaí an Choimisiúin

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh maidir leis na coinníollacha faoina bhfuil cineálacha áirithe caiteachais agus ioncaim faoi na Cistí le cúiteamh.

I gcás nach mbeidh buiséad an Aontais glactha faoi thús na bliana airgeadais nó i gcás ina sáróidh méid iomlán na ngealltanais an tairseach a leagtar síos in Airteagal 11(2) den Rialachán Airgeadais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an modh is infheidhme i dtaca leis na gealltanais agus na méideanna a íoc.
2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos breis rialacha maidir leis an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 41 agus na coinníollacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis atá le cur sna cuntais a gcoinníonn na gníomhaireachtaí íocaíochta iad. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).
3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) maoiniú agus cuntaisíocht beart idirghabhála i bhfoirm stóráil phoiblí, agus caiteachas eile arna mhaoiniú ag na Cistí;
 - (b) na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear cur chun feidhme nós imeachta an tsaortha uathoibríoch.Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Caibidil IV
Imréiteach cuntas

ROINN 1
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 46
Cur chuige iniúchóireachta aonair

Chun críocha Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún muinín in obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán seo, ach amháin má chuireann sé in iúl don Bhallstát nach féidir leis muinín a chur in obair an chomhlachta deimhniúcháin do bhliain airgeadais áirithe, agus cuirfidh sé san áireamh sa mheasúnú riosca an gá le hiniúchóireachtaí de chuid an Aontais a dhéanamh sa Bhallstát lena mbaineann.

Airteagal 47
Seiceálacha ag an gCoimisiún

1. Gan dochar do na seiceálacha a dhéanann na Ballstáit faoi dhlí, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta nó faoi Airteagal 287 den Chonradh nó d'aon seiceáil a

eagraítear faoi Airteagal 322 den Chonradh nó bunaithe ar Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle, féadfaidh an Coimisiún seiceálacha a eagrú sna Ballstáit d'fhonn an méid seo a leanas, go háirithe, a fhíorú:

- (a) an gcomhlíonfar leis na cleachtais riaracháin rialacha an Aontais;
- (b) cé acu atá nó nach bhfuil aschur comhfhreagrach, mar a thuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, ag caiteachas a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 agus atá i gcomhréir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];
- (c) an ndéanfar obair an chomhlachta deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 11 agus chun críocha Roinn 2 den Chaibidil seo;
- (d) an gcomhlíonfaidh gníomhaireacht íocaíochta na critéir chreidiúnaithe a leagtar síos in Airteagal 8(2) agus an gcuirfidh an Ballstát Airteagal 8(5) i bhfeidhm i gceart.

Na daoine atá údaraithe ag an gCoimisiún chun seiceálacha a dhéanamh ar a shon, nó na gníomhairí de chuid an Choimisiúin atá ag feidhmiú laistigh de raon feidhme na gcumhachtaí arna dtabhairt dóibh, beidh rochtain acu ar na leabhair agus ar na doiciméid ar fad eile, lena n-áirítear doiciméid agus meiteashonraí arna dtarraingt suas nó arna bhfáil agus arna dtaifeadadh ar mheán leictreonach, a bhaineann le caiteachas a mhaoinítear faoi CERT nó CETFT.

Ní dhéanfaidh na cumhachtaí maidir le seiceálacha difear do chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta lena gcoimeádtar gníomhartha áirithe le haghaidh gníomhairí atá ainmnithe go sonrach sa dlí náisiúnta. Gan dochar d'fhorálacha sonracha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, ní bheidh na daoine atá údaraithe ag an gCoimisiún chun gníomhú ar a shon páirteach, *inter alia*, i gcuariteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine ar bhonn dhlí an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh rochtain acu, áfach, ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an mbealach sin.

2. Tabharfaidh an Coimisiún réamhfhógra leordhóthanach maidir le seiceáil don Bhallstát lena mbaineann nó don Bhallstát a bhfuil an tseiceáil le déanamh ar a chríoch, agus an tionchar riaracháin ar ghníomhaireachtaí íocaíochta á chur san áireamh agus seiceálacha á n-eagrú. Féadfaidh gníomhairí ón mBallstát lena mbaineann páirt a ghlacadh sna seiceálacha sin.

Ar iarratas ón gCoimisiún agus le comhaontú ón mBallstát, déanfaidh comhlachtaí inniúla an Bhallstáit sin seiceálacha breise nó fiosrúcháin faoi na hoibríochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Féadfaidh gníomhairí an Choimisiúin nó daoine atá údaraithe ag an gCoimisiún chun gníomhú ar a shon páirt a ghlacadh sna seiceálacha sin.

Chun na seiceálacha a fheabhsú, féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, cúnamh a iarraidh ó údaráis na mBallstát sin le haghaidh seiceálacha nó fiosrúcháin áirithe.

Airteagal 48
Rochtain ar fhaisnéis

1. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis ar fad is gá le haghaidh fheidhmiú rianúil na gCistí, agus déanfaidh siad na bearta iomchuí ar fad is gá chun go n-éascófar na seiceálacha a mheasann an Coimisiún atá oiriúnach i ndáil le maoiniú an Aontais a bhainistiú.
2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, ar iarratas uaidh, na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a ghlac siad chun gníomhartha dlíthiúla an Aontais a bhaineann le CBT a chur chun feidhme, i gcás ina mbeidh tionchar airgeadais ag na gníomhartha sin ar CERT nó ar CETFT.
3. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún faisnéis faoi neamhrialtachtaí de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2988/95 agus faoi chásanna eile neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha arna leagan síos ag na Ballstáit sa Phlean Straitéiseach faoi CBT, faoi chalaois amhrasta a braitheadh, agus an fhaisnéis faoi na bearta a glacadh de bhun Roinn 3 den Chaibidil seo chun íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil i ndáil leis na neamhrialtachtaí agus na calaoisí sin.

Airteagal 49
Rochtain ar dhoiciméid

Coinneoidh na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe doiciméid tacaíochta a bhaineann le híocaíochtaí a dhéantar agus doiciméid a bhaineann le feidhmiú na seiceálacha a cheanglaítear le dlí an Aontais, agus cuirfidh siad na doiciméid agus an fhaisnéis sin ar fáil don Choimisiún.

Féadfar na doiciméid tacaíochta sin a choinneáil i bhfoirm leictreonach faoi na coinníollacha atá leagtha síos ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 50(2).

I gcás ina gcoinneoidh údarás, atá ag gníomhú faoi tharmligean ó ghníomhaireacht íocaíochta agus atá freagrach as caiteachas a údarú, na doiciméid sin, cuirfidh an t-údarás sin tuarascálacha chuig an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe maidir le líon na seiceálacha a rinneadh, ábhar na seiceálacha agus na bearta a glacadh i bhfianaise thorthaí na seiceálacha sin.

Beidh feidhm ag an Airteagal seo *mutatis mutandis* maidir leis na comhlachtaí deimhniúcháin.

Airteagal 50
Cumhachtaí an Choimisiúin

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le hoibleagáidí sonracha atá le comhlíonadh ag na Ballstáit faoin gCaibidil seo agus le rialacha maidir leis na critéir go háirithe chun na cásanna neamhrialtachta a chinneadh de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2988/95, agus cásanna eile neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha arna leagan síos ag na Ballstáit sa Phlean Straitéiseach faoi CBT, atá le tuairisciú agus atá le cur ar fáil.
2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) na nósanna imeachta a bhaineann leis na hoibleagáidí comhair atá le comhlíonadh ag na Ballstáit chun Airteagal 47 agus Airteagal 48 a chur chun feidhme;

- (b) na coinníollacha faoina gcoinneofar na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 49, lena n-áirítear foirm na ndoiciméad agus an tréimhse ama a stórálfar iad.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

ROINN 2

IMRÉITEACH

Airteagal 51

An t-imréiteach airgeadais bliantúil

1. Roimh an 31 Bealtaine sa bhliain tar éis na bliana buiséadaí i gceist agus ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d’Airteagal 8(3), glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina mbeidh a chinneadh maidir le cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach, le haghaidh an chaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6.

Cumhdófar leis na gníomhartha cur chun feidhme sin sláine, cruinneas agus fírinne na gcuntas bliantúil arna gcur isteach agus beidh siad gan dochar d’ábhar na ngníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 52 agus Airteagal 53.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le himréiteach na gcuntas dá bhforáiltear i mír 1 i ndáil leis na bearta atá le déanamh i dtaca le gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1 a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na sprioc-amanna atá le comhlíonadh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Airteagal 52

An t-imréiteach feidhmíochta bliantúil

1. I gcás nach mbeidh aschur comhfhreagrach, mar a thuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, ag an gcaiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 agus atá i gcomhréir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme roimh an 15 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na bliana buiséadaí i gceist lena gcinnfear na méideanna atá le laghdú ó mhaoiniú an Aontais. Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin gan dochar d’ábhar na ngníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 53 den Rialachán seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

2. Measúnóidh an Coimisiún na méideanna atá le laghdú ar bhonn na héagsúlachta idir an caiteachas bliantúil a deimhníodh le haghaidh idirghabhála agus an méid a chomhfhreagraíonn leis an aschur tuairiscithe ábhartha i gcomhréir leis an bPlean

Straitéiseach náisiúnta faoi CBT agus na réasúinithe a thug an Ballstát á gcur san áireamh.

3. Roimh don Choimisiún an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh, tabharfaidh sé deis don Bhallstát a bharúlacha a chur isteach agus aon éagsúlacht a dhlísteaí.
4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na critéir le haghaidh na réasúinithe ón mBallstát lena mbaineann agus leis an modheolaíocht agus na critéir le haghaidh lagduithe a chur i bhfeidhm.
5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir leis na bearta atá le déanamh i dtaca leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit, an nós imeachta agus na sprioc-amanna atá le comhlíonadh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Airteagal 53

An t-imréiteach comhréireachta

1. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach nach ndearnadh an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 i gcomhréir le dlí an Aontais, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear na méideanna atá le heisiáimh ó mhaoiniú an Aontais.

Mar sin féin, maidir leis na cineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], ní bheidh feidhm ag na heisiaimh ó mhaoiniú an Aontais dá dtagraítear sa chéad fhomhír ach amháin i gcás ina mbeidh easnaimh thromchúiseacha ar fheidhmiú chórais rialachais na mBallstát.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le cásanna neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta le haghaidh tairbhíthe aonair a leagtar síos sna Pleananna Straitéiseacha náisiúnta faoi CBT agus sna rialacha náisiúnta.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 101(2).

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na méideanna atá le heisiáimh ar bhonn thromchúis na n-easnamh a fhaightear.
3. Sula nglacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, déanfar torthaí an Choimisiúin agus freagraí an Bhallstáit a chur in iúl i scríbhinn agus, ina dhiaidh sin, féachfaidh an dá pháirtí le teacht ar chomhaontú i leith na ngníomhaíochta atá le déanamh. Ina dhiaidh sin, tabharfar an deis do na Ballstáit a léiriú gur lú ná an measúnú ón gCoimisiún méid iarbhir an neamhchomhlíonta.

Mura dtiocfar ar chomhaontú, féadfaidh an Ballstát a iarraidh go n-osclofar nós imeachta atá dírithe ar sheasamh an dá pháirtí a thabhairt chun réitigh laistigh de thréimhse ceithre mhí. Cuirfear tuarascáil ar thoradh an nós imeachta faoi bhráid an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na moltaí sa tuarascáil sula

ndéanfaidh sé cinneadh maoiniú a dhiúltú agus soláthróidh sé réasúnú i gcás go gcinnfidh sé nach leanfaidh sé na moltaí sin.

4. Ní dhiúltófar maoiniú i gcás na nithe seo a leanas:

- (a) caiteachas mar atá léirithe in Airteagal 5(2) a dhéantar níos mó ná 24 mhí roimh don Choimisiún fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhallstát faoina thorthaí;
- (b) caiteachas ar idirghabhálacha ilbhliantúla a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(2) nó faoi raon feidhme na n-idirghabhálacha forbartha tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 6, i gcás ina gcuirfear an oibleagáid dheireanach ar an tairbhí níos mó ná 24 mhí roimh don Choimisiún fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhallstát faoina thorthaí;
- (c) caiteachas ar idirghabhálacha forbartha tuaithe, dá dtagraítear in Airteagal 6, seachas iad sin dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, i gcás ina ndéanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta an íocaíocht nó, de réir mar a bheidh, an íocaíocht dheireanach níos mó ná 24 mhí roimh don Choimisiún fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhallstát faoina thorthaí.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) cabhracha ar dheonaigh Ballstát iad a bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún leis an nós imeachta ina leith a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh nó sáruithe a bhfuil fógra ina leith tugtha ag an gCoimisiún don Bhallstát lena mbaineann, trí bhíthin tuairim réasúnaithe, i gcomhréir le hAirteagal 258 den Chonradh;
- (b) sáruithe na mBallstát ar a n-oibleagáidí faoi Chaibidil III de Theideal IV den Rialachán seo, ar choinníoll go dtugann an Coimisiún fógra i scríbhinn don Bhallstát faoina thorthaí laistigh de 12 mhí ón uair a fhaigheann sé tuarascáil an Bhallstáit maidir le torthaí na seiceálacha ar an gcaiteachas lena mbaineann.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na critéir agus modheolaíocht le haghaidh ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm.

7. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir leis na bearta atá le déanamh i dtaca leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na sprioc-amanna atá le comhlíonadh agus an nós imeachta idir-réitigh dá bhforáiltear i mír 3, lena n-áirítear suíomh, cúraimí, déanamh agus socruithe oibre an chomhlachta idir-réitigh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

ROINN 3

AISGHABHÁLACHA NEAMHCHOMHLÍONTA

Airteagal 54

Forálacha a bhaineann go sonrach le CERT

Íocfar na suimeanna a aisghabhfaidh na Ballstáit tar éis do neamhrialtachtaí tarlú nó do chásanna eile neamhchomhlíonta ag tairbhíthe i leith choinníollacha na n-idirghabhálacha dá dtagraítear sa Phlean Straitéiseach faoi CBT tarlú, agus an t-ús ar na suimeanna sin, leis an ngníomhaireacht íocaíochta agus cláróidh an ghníomhaireacht iad mar ioncam arna shannadh do CERT sa mhí chéanna a fuarthas na suimeanna go hiarbhir.

Nuair a chuirfear buiséad an Aontais chun sochair dá dtagraítear sa chéad mhír, féadfaidh an Ballstát 20 % de na méideanna comhfhreagracha a choinneáil mar chostais aisghabhála ar ráta comhréidh, ach amháin i gcás neamhchomhlíonadh arb iad údaráis riaracháin nó comhlachtaí oifigiúla eile is cúis leis.

Airteagal 55

Forálacha a bhaineann go sonrach le CETFT

1. I gcás ina mbraithfear neamhrialtachtaí nó cásanna eile nár chomhlíon tairbhíthe coinníollacha na n-idirghabhálacha forbartha tuaithe dá dtagraítear sa Phlean Straitéiseach faoi CBT, déanfaidh na Ballstáit coigeartuithe airgeadais tríd an maoiniú ón Aontas lena mbaineann a chur ar ceal ina iomláine nó i bpáirt. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh cineál agus tromchúis an neamhchomhlíonta a bhraitear agus leibhéal an chaillteanais airgeadais do CETFT.

Déanfar na méideanna de mhaoiniú an Aontais faoi CETFT a chuirtear ar ceal agus na méideanna a aisghabhfar, agus an t-ús ar na méideanna sin, a athdháileadh ar idirghabhálacha forbartha tuaithe eile sa Phlean Straitéiseach faoi CBT. Mar sin féin, ní fhéadfaidh na Ballstáit na Cistí Aontais a cuireadh ar ceal nó a aisghabhadh a athúsáid ach amháin le haghaidh oibríocht forbartha tuaithe faoin bPlean Straitéiseach náisiúnta faoi CBT agus ar choinníoll nach n-athdháilfear na cistí ar oibríochtaí forbartha tuaithe a bhí faoi réir coigeartú airgeadais.

2. Maidir le hidirghabhálacha forbartha tuaithe a fhaigheann cabhair ó ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i Rialachán (AE) .../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna, Airteagal 52], féadfar ranníocaíocht, a cuireadh ar ceal i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo mar thoradh ar neamhchomhlíonadh aonair, a athúsáid laistigh den ionstraim airgeadais chéanna, mar seo a leanas:

- (a) más ar leibhéal an fhaighteora deiridh dá dtagraítear in [Rialachán na bhForálacha Coiteanna, Airteagal 2(17)] de Rialachán (AE) .../... a bhraitear an neamhchomhlíonadh is cúis le cealú na ranníocaíochta, ní fhéadfar an ranníocaíocht a athúsáid ach d'fhaighteoirí deiridh eile laistigh den ionstraim airgeadais chéanna;
- (b) más ar leibhéal an Chiste shonraigh dá dtagraítear in [Rialachán na bhForálacha Coiteanna, Airteagal 2(21)] de Rialachán (AE) .../... laistigh de Chistí sealbhaíochta dá dtagraítear in [Rialachán na bhForálacha Coiteanna, Airteagal 2(20)] de Rialachán (AE) a bhraitear an neamhchomhlíonadh is cúis le cealú na ranníocaíochta, ní fhéadfar an ranníocaíocht a athúsáid ach amháin le haghaidh Cistí sonracha eile.

Airteagal 56
Cumhachtaí cur chun feidhme

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir leis na cineálacha fógra agus cumarsáide a bheidh le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún i dtaca leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Roinn seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

TEIDEAL IV

Córais rialaithe agus pionóis

Caibidil I

Rialacha ginearálta

Airteagal 57

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Glacfaidh na Ballstáit, faoi chreat CBT, na forálacha reachtacha, rialúcháin agus riaracháin ar fad is gá agus déanfaidh siad aon bheart eile is gá chun cosaint éifeachtach a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais. Bainfidh na forálacha agus bearta sin leis na nithe seo a leanas go háirithe:
 - (a) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-oibríochtaí a mhaoinítear faoi na Cistí a sheiceáil;
 - (b) cosaint éifeachtach a áirithiú ar chalaois, go háirithe sna réimsí a mbaineann leibhéal níos airde riosca leo, ar díspreagadh í an chosaint sin, ag féachaint do na costais agus do na sochair agus do chomhréireacht na mbeart;
 - (c) neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú;
 - (d) pionóis a ghearradh atá éifeachtach athchomhairleach agus comhréireach i gcomhréir le dlí an Aontais, nó ina éagmais sin, leis an dlí náisiúnta, agus imeachtaí dlí a thionscnamh chuige sin, de réir mar is gá;
 - (e) íocaíochtaí neamhdhlite móide ús a aisghabháil, agus imeachtaí dlí a thionscnamh chuige sin de réir mar is gá.
2. Bunóidh na Ballstáit córais éifeachtacha bhainistíochta agus rialaithe d'fhonn comhlíonadh reachtaíocht an Aontais lena rialaítear idirghabhálacha an Aontais a áirithiú.
3. Glacfaidh na Ballstáit mar réamhchúram cuí orthu féin a áirithiú go mbeidh na pionóis arna gcur i bhfeidhm dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 comhréireach agus céimnithe maidir le déine, méid, fad agus atarlú an neamhchomhlíonta a fhaightear.

Áiritheofar, go háirithe, leis na socruithe arna leagan amach ag na Ballstáit nach bhforchuirfear pionóis sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás inarb é *force majeure* is cúis leis an neamhchomhlíonadh;
- (b) i gcás inarb é is cúis leis an neamhchomhlíonadh earráid a rinne an t-údarás inniúil nó údarás eile, agus i gcás nach raibh ar chumas an duine lena mbaineann an pionós riaracháin an earráid a bhrath go réasúnach;
- (c) i gcás inar féidir leis an duine lena mbaineann a léiriú go sásúil don údarás inniúil nach bhfuil locht air maidir le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 nó ina mbeidh an t-údarás inniúil sásta ar bhealach eile nach bhfuil locht ar an duine lena mbaineann.

Nuair is é *force majeure* is cúis le neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha faoina ndeonaítear an chabhair, coinneoidh an tairbhí an ceart chun cabhair a fháil.

4. Tabharfaidh na Ballstáit socruithe isteach chun scrúdúchán éifeachtach na ngearán a bhaineann leis na Cistí a áirithiú agus, ar iarratas ón gCoimisiún, scrúdóidh siad gearáin arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin a thagann faoi raon feidhme a bPlean Straitéisigh faoi CBT. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi thorthaí na scrúduithe sin.
5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na forálacha arna nglacadh agus faoi na bearta arna ndéanamh faoi mhír 1 agus mír 2.

Gach coinníoll arna bhunú ag na Ballstáit chun fhorlíonadh a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar síos le rialacha an Aontais maidir le tacaíocht a fháil ó CERT nó ó CETFT, beidh na coinníollacha sin infhíoraithe.
6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha is gá maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo mar a bhaineann leis an méid seo a leanas:
 - (a) na nósanna imeachta, na sprioc-amanna, an malartú faisnéise i ndáil leis na hoibleagáidí mar a leagtar amach iad i mír 1 agus mír 2;
 - (b) an fógra agus an chumarsáid atá le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún i ndáil leis na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 3 agus mír 4.Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Airteagal 58

Rialacha maidir le seiceálacha atá le déanamh

1. Áireofar sa chóras arna bhunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 57(2) seiceálacha córasacha lena ndíreofar freisin ar na réimsí ina bhfuil an riosca is mó earráidí.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leibhéal seiceálacha is gá ann ar mhaithe le bainistiú éifeachtach na rioscaí.
2. Ní dhéanfar seiceálacha ar oibríochtaí a fhaigheann cabhair ó ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i [Rialachán na bhForálacha Coiteanna, Airteagal 52] de Rialachán (AE) .../... ach amháin ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme.

Ní dhéanfar seiceálacha ar leibhéal BEI ná ar leibhéal institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát.
3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha, i gcás inar gá chun an córas sin a bhainistiú go cuí, maidir le ceanglais bhreise i dtaca le nósanna imeachta custaim, agus go háirithe i dtaca leo sin a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
4. Maidir le bearta dá dtagraítear sa reachtaíocht talmhaíochta earnálach seachas Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na rialacha is gá ar mhaithe le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo, agus go háirithe:
 - (a) maidir le cnáib dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], rialacha

maidir le bearta sonracha rialaithe agus modhanna chun leibhéil teitrihidreacannaibionóil a chinneadh;

- (b) maidir le cadás dá dtagraítear i bhforoinn 2 de Roinn 2 de Chaibidil II de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], córas le haghaidh seiceálacha ar na heagraíochtaí idirchraoibhe formheasta;
- (c) maidir le fion dá dtagraítear in Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, rialacha maidir le limistéir a thomhas, agus le seiceálacha agus rialacha lena rialaítear na nósanna imeachta airgeadais sonracha chun seiceálacha a fheabhsú;
- (d) na tástálacha agus na modhanna atá le cur i bhfeidhm chun incháilitheacht táirgí le haghaidh idirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach a shuí, agus úsáid nósanna imeachta tairisceana, le haghaidh idirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach araon;
- (e) rialacha eile maidir leis na seiceálacha atá le déanamh ag na Ballstáit, i dtaca leis na bearta a leagtar síos i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 faoi seach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Airteagal 59

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí

I gcás ina mbainfidh an neamhchomhlíonadh le rialacha náisiúnta nó rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí, áiríteoidh na Ballstáit go gcinnefar an chuid den chabhair nach bhfuil le híoc nó atá le tarraingt siar ar bhonn thromchúis an neamhchomhlíonta agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

Áiríteoidh na Ballstáit nach ndéanfar difear do dhlíthiúlacht ná do rialtacht an idirbhirt ach suas go dtí an leibhéal den chuid sin den chabhair nach bhfuil le híoc ná atá le tarraingt siar.

Airteagal 60

Clásal imchéimniúcháin

Gan dochar d'fhorálacha sonracha, déanfaidh na Ballstáit bearta éifeachtacha agus comhréireacha chun forálacha de dhlí an Aontais ar a bhfuiltear le dul timpeall a sheachaint agus chun a áirithiú nach ndeonófar aon bhuntáiste dá bhforáiltear faoin reachtaíocht talmhaíochta earnálach i bhfabhar duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé suite ina leith gur go saorga, agus contrártha do chuspóirí na reachtaíochta sin, a cruthaíodh na dálaí is gá chun na buntáistí sin a fháil.

Airteagal 61

Comhoiriúnacht idirghabhálacha chun críocha seiceálacha in earnáil an fhíona

Chun críocha na hidirghabhálacha a chur i bhfeidhm in earnáil an fhíona dá dtagraítear i Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe a chuirtear i bhfeidhm ar na hidirghabhálacha sin comhoiriúnach leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II den Teideal seo maidir leis na heilimintí seo a leanas:

- (a) an córas aitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;

- (b) na seiceálacha.

Airteagal 62

Urrúis

1. Déanfaidh na Ballstáit, nuair a fhoráiltear amhlaidh leis an reachtaíocht talmhaíochta earnálach, iarratas ar urrús a thaisceadh agus ráthaíocht á tabhairt go n-íocfar suim airgid nó go bhforghéillfear í d'údarás inniúil mura gcomhlíonfar oibleagáid ar leith faoi reachtaíocht talmhaíochta earnálach.
2. Seachas i gcásanna *force majeure*, forghéillfear an t-urrús ina iomláine nó i bpáirt i gcás nach gcuirfear oibleagáid ar leith i gcrích nó mura gcuirfear i gcrích í ach i bpáirt.
3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) lena n-áiritheofar cóir neamh-idirdhealaitheach, cothromas agus urramú phrionsabal na comhréireachta nuair a bheidh urrús á thaisceadh;
 - (b) lena sonrófar an páirtí atá freagrach i gcás nach gcomhlíonfar oibleagáid;
 - (c) lena leagfar síos na cásanna sonracha ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús a tharscaoileadh;
 - (d) lena leagfar síos na coinníollacha is infheidhme maidir leis an urrús atá le taisceadh agus leis an ráthóir agus na coinníollacha chun an t-urrús sin a thaisceadh agus a scaoileadh;
 - (e) lena leagfar síos na coinníollacha sonracha a bhaineann leis an urrús arna thaisceadh i ndáil le réamhíocaíochtaí;
 - (f) lena leagfar amach na hiarmhairtí a bhaineann le sárú na n-oibleagáidí dár taisceadh urrús, dá bhforáiltear i mír 1, lena n-áirítear urrúis a fhorghéilleadh, an ráta laghdaithe le cur i bhfeidhm nuair a scaoiltear urrúis le haghaidh aisíocaíochtaí, ceadúnas, tairiscintí nó iarratas ar leith agus nuair nár comhlíonadh oibleagáid arna cumhdach leis an urrús sin ina hiomláine nó i bpáirt, agus cineál na hoibleagáide, an méid lenar sáraíodh an oibleagáid, an tréimhse thar an teorainn ama faoinar cheart an oibleagáid a chomhlíonadh agus an tráth faoinar tugadh an fhianaise gur comhlíonadh an oibleagáid, á gcur san áireamh.
4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) an cineál urrúis atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis an urrús a thaisceadh, maidir le glacadh leis, agus maidir le hurrús nua a chur in ionad an bhunurrúis;
 - (b) na nósanna imeachta maidir le hurrús a scaoileadh;
 - (c) na fógraí atá le tabhairt ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún.Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Caibidil II

Córas comhtháite riaracháin agus rialaithe

Airteagal 63

Raon feidhme agus sainmhínthe

1. Bunóidh agus oibreoidh gach Ballstát córas comhtháite riaracháin agus rialaithe (an “córas comhtháite”).
2. Beidh feidhm ag an gcóras comhtháite maidir le hidirghabhálacha limistéar-bhunaithe agus ainmhi-bhunaithe a liostaítear i gCaibidil II agus i gCaibidil IV de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus leis na bearta dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013³¹ agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) 229/2013³² faoi seach.
3. A mhéid is gá, úsáidfear an córas comhtháite ar mhaithe le bainistiú agus rialú na coinníollachta agus na mbeart in earnáil an fhíona dá leagtar síos i dTeideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].
4. Chun críocha na Caibidle seo:
 - (a) ciallaíonn “iarratas geo-spásúil” foirm iarratais leictreonach ina gcuimsítear feidhmchlár TF atá bunaithe ar chóras faisnéise geografaí lena gcuirtear ar chumas tairbhíthe dáileachtaí talmhaíochta an ghabháilais agus na limistéar neamhthalmhaíochta a bhfuil íocaíocht éilithe ina leith a dhearbhu;
 - (b) ciallaíonn “córas faireacháin limistéir” nós imeachta maidir le breathnóireacht, rianú agus measúnú rialta córasach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cleachtais talmhaíochta ar limistéir thalmhaíochta trí bhíthin sonraí satailíte ó na satailítí Sentinel de chuid chlár Copernicus nó sonraí eile dar luach atá comhionann ar a laghad;
 - (c) ciallaíonn “córas chun ainmhithe a shainaithint agus a chlárú” an córas chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³³ nó an córas chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle³⁴;
 - (d) ciallaíonn “dáileacht talmhaíochta” aonad talún ar limistéar talmhaíochta é mar a shainmhínítear é in Airteagal 4 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];

³¹ Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

³² Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach níos lú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

³³ Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córas chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 ón gComhairle (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

³⁴ Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle an 17 Nollaig 2003 lena mbunaítear córas chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8).

- (e) ciallaíonn “córas faisnéise geografaí” córas ríomhaireachta atá in ann faisnéis ina bhfuil tagairtí geografacha a ghabháil, a stóráil, a anailísiú agus a thaispeáint;
- (f) ciallaíonn “córas gan éilimh” córas iarratais le haghaidh idirghabhálacha limistéar-bhunaithe nó ainmhí-bhunaithe ina bhfuil na sonraí a theastaíonn ón rialtas maidir le, ar a laghad, limistéir nó ainmhithe aonair a n-éilítear cúnamh ina leith ar fáil i mbunachair sonraí ríomhairithe oifigiúla arna mbainistiú ag an mBallstát.

Airteagal 64

Eilimintí den chóras comhtháite

1. Beidh na heilimintí seo a leanas sa chóras comhtháite:
 - (a) córas aitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;
 - (b) córas iarratais geo-spásúil agus ainmhí-bhunaithe;
 - (c) córas faireacháin limistéir;
 - (d) córas chun tairbhíthe idirghabhálacha agus beart dá dtagraítear in Airteagal 63(2) a aithint;
 - (e) córas rialaithe agus pionós;
 - (f) i gcás inarb infheidhme, córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú;
 - (g) i gcás inarb infheidhme, córas chun ainmhithe a aithint agus a chlárú.
2. Oibreoidh an córas comhtháite ar bhonn bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografaí agus cumasófar leis malartú agus comhtháthú na sonraí idir bunachair sonraí leictreonacha agus na córais faisnéise geografaí.
3. Gan dochar d'fhreagrachtaí na mBallstát maidir leis an gcóras comhtháite a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún cabhair a lorg ó chomhlachtaí nó daoine speisialaithe chun bunú, faireachán agus oibriú an chórais comhtháite a éascú, go háirithe d'fhonn comhairle theicniúil a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát.
4. Déanfaidh na Ballstáit gach beart a mbeidh gá leis chun an córas comhtháite a bhunú agus a oibriú i gceart agus tabharfaidh siad an cúnamh frithpháirteach is gá chun críocha na Caibidle seo.

Airteagal 65

Sonraí a choinneáil agus a roinnt

1. Taifeadfaidh agus coinneoidh na Ballstáit aon sonraí agus doiciméadacht ar na cuntais bhliantúla a thuairiscítear i gcomhthéacs an imréitigh feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 52, agus ar an dul chun cinn arna thuairisciú i dtreo spriocanna mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach faoi CBT agus ar a ndéantar faireachán i gcomhréir le hAirteagal 115 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

Maidir leis na sonraí agus doiciméadacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus a bhaineann leis an mbliain féilire nó bliain mhargaíochta reatha agus leis na deich

mbliana féilire nó margaíochta roimhe sin, beidh rochtain ar mhaithe le comhairliúchán orthu trí bhunachair shonraí an údaráis inniúil sa Bhallstát.

De mhaolú ar an dara fomhír, ní cheanglófar ar na Ballstáit a chuaigh isteach san Aontas in 2013 nó níos déanaí a áirithiú go mbeidh na sonraí ar fáil ar mhaithe le comhairliúchán ach ón mbliain a chuaigh siad isteach.

De mhaolú ar an dara fomhír, ní cheanglófar ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na sonraí agus an doiciméadacht a bhaineann leis an gcóras faireacháin limistéir dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 64(1) ar fáil ar mhaithe le comhairliúchán ach ó dháta cur chun feidhme an chórais faireacháin limistéir.

2. Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais a leagtar síos i mír 1 a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach ar choinníoll go bhfuil na ceanglais sin agus na nósanna imeachta riaracháin maidir le sonraí a thaifeadadh agus a rochtain deartha chun a bheith aonfhoirmeach ar fud chríoch an Bhallstáit agus chun gur féidir sonraí a chomhiomlánú ar an leibhéal náisiúnta.
3. Maidir leis na tacair sonraí arna mbailiú tríd an gcóras comhtháite agus atá ábhartha chun críocha Threoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵ nó ábhartha maidir le faireachán a dhéanamh ar bheartais an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go roinnfear na tacair sonraí sin saor in aisce idir a n-údaráis phoiblí agus go gcuirfear ar fáil iad go poiblí ar an leibhéal náisiúnta. Chomh maith leis sin, tabharfaidh na Ballstáit rochtain ar na tacair sonraí sin do na hinstiúidí agus na comhlachtaí de chuid an Aontais.
4. Maidir leis na tacair sonraí arna mbailiú tríd an gcóras comhtháite agus atá ábhartha maidir le staidreamh Eorpach a tháirgeadh dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009³⁶, áiritheoidh na Ballstáit go roinnfear iad saor in aisce le húdarás staidrimh an Chomhphobail, na hinstiúidí staidrimh náisiúnta agus, i gcás inar gá, na húdaráis náisiúnta eile atá freagrach as staidreamh Eorpach a tháirgeadh.
5. Teorannóidh na Ballstáit rochtain phoiblí ar na tacair sonraí dá dtagraítear i mír 3 agus mír 4 i gcás ina ndéanfaí leis an rochtain sin dochar do rúndacht sonraí pearsanta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

Airteagal 66

Córas aitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta

1. Is é a bheidh sa chóras aitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta córas faisnéise geografaí arna bhunú agus arna nuashonrú go rialta ag na Ballstáit ar bhonn orta-íomhánna aeróige nó spásúla, ag a bhfuil caighdeán aonfhoirmeach lena ráthaítear leibhéal cruinnis atá comhionann ar a laghad le cruinneas cartagrafaíochta ar scála 1:5 000.

³⁵ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

³⁶ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir leis an gcóras aitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta:
 - (a) go n-aithneofar go sainiúil leis an gcóras gach dáileacht talmhaíochta agus aonaid talún ina bhfuil limistéir neamhthalmhaíochta a mheasann na Ballstáit a bheith incháilithe chun an chabhair le haghaidh na n-idirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] a fháil;
 - (b) go mbeidh luachanna suas chun dáta ann ar na limistéir a mheasann na Ballstáit a bheith incháilithe chun an chabhair le haghaidh na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 63(2) a fháil;
 - (c) go gcumasófar leis logánú ceart na ndáileachtaí talmhaíochta agus na limistéar talmhaíochta a bhfuil íocaíocht éilithe ina leith;
 - (d) go mbeidh gach faisnéis ann atá ábhartha maidir le tuairisciú ar na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];
3. Gach bliain déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cháilíocht an chórais aitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bhunú ar leibhéal an Aontais.

I gcás ina léireofar sa mheasúnú go bhfuil easnaimh sa chóras, déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha cuí nó iarrfar orthu plean gníomhaíochta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 40.

Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil mheasúnachta agus, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme faoin 15 Feabhra tar éis na bliana féilire lena mbaineann.

Airteagal 67

Córas iarratais gheo-spásúil agus ainmhi-bhunaithe

1. Maidir leis an gcabhair le haghaidh idirghabhálacha limistéar-bhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 63(2) agus arna cur chun feidhme faoi na Pleananna Straitéiseacha náisiúnta faoi CBT, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfear isteach iarratas trí úsáid a bhaint as an iarratas geo-spásúil arna sholáthar ag an údarás inniúil chun iarratas a dhéanamh.
2. Maidir leis an gcabhair le haghaidh idirghabhálacha ainmhi-bhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 63(2) agus arna cur chun feidhme faoi na Pleananna Straitéiseacha náisiúnta faoi CBT, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfear isteach iarratas.
3. Réamhlíonfaidh na Ballstáit na hiarratais dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 leis an bhfaisnéis ó na córais dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 64(1) agus in Airteagail 66, 68, 69 agus 71 nó ó aon bhunachar sonraí poiblí ábhartha eile.
4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go gcumhdófar le córas gan éilimh aon iarratas amháin nó níos mó ná aon iarratas amháin dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2.
5. Gach bliain déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cháilíocht an chórais iarratais gheo-spásúil i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bhunú ar leibhéal an Aontais.

I gcás ina léireofar sa mheasúnú go bhfuil easnaimh sa chóras, déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha cuí nó iarrfaidh an Coimisiún orthu plean gníomhaíochta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 40.

Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil mheasúnachta agus, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme faoin 15 Feabhra tar éis na bliana féilire lena mbaineann.

Airteagal 68

An córas faireacháin limistéir

1. Bunóidh agus oibreoidh na Ballstáit córas faireacháin limistéir.
2. Gach bliain déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cháilíocht an chórais faireacháin limistéir i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bhunú ar leibhéal an Aontais.

I gcás ina léireofar sa mheasúnú go bhfuil easnaimh sa chóras, déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha cuí nó iarrfar orthu plean gníomhaíochta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 40.

Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil mheasúnachta agus, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme faoin 15 Feabhra tar éis na bliana féilire lena mbaineann.

Airteagal 69

Córas chun tairbhíthe a aithint

Ráthófar leis an gcóras chun céannacht gach tairbhí de na hidirghabhálacha agus na bearta dá dtagraítear in Airteagal 63(2) a thaifeadadh gur féidir gach iarratas a chuireann an tairbhí céanna isteach a aithint amhlaidh.

Airteagal 70

Córas rialaithe agus pionós

Bunóidh na Ballstáit córas rialaithe agus pionós i leith an chúinimh dá dtagraítear in Airteagal 63.

Beidh feidhm ag míreanna 1 go 5 d'Airteagal 57 *mutatis mutandis*.

Airteagal 71

Córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú

Faoin gcóras chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú, beifear in ann na teidlíochtaí a fhíorú leis na hiarratais agus leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta.

Airteagal 72

Cumhachtaí tarmligthe

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) rialacha breise maidir leis an measúnú cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 66, Airteagal 67 agus Airteagal 68;
- (b) sainmhínithe, gnéithe bunúsacha agus rialacha breise maidir leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas chun tairbhíthe a aithint agus an córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú dá dtagraítear in Airteagal 66, Airteagal 69 agus Airteagal 71.

Airteagal 73
Cumhachtaí cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) an fhoirm, an t-ábhar agus na socruithe maidir leis an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó:
 - (i) na tuarascálacha measúnaithe ar chaighdeán an chórais aitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, caighdeán an chórais iarratais gheo-spásúil agus caighdeán an chórais faireacháin limistéir;
 - (ii) na gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 66, Airteagal 67 agus Airteagal 68;
- (b) gnéithe bunúsacha agus rialacha maidir leis an gcóras iarratais gheo-spásúil agus leis an gcóras faireacháin limistéir dá dtagraítear in Airteagal 67 agus Airteagal 68.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Caibidil III
Grinnscrúdú ar idirbhearta

Airteagal 74
Raon feidhme agus sainmhínthe

1. Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha sonracha maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála na n-eintiteas sin a fhaigheann íocaíochtaí nó a dhéanann íocaíochtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le córas maoinithe CERT nó ionadaithe na n-eintiteas sin, (“gnóthais” anseo feasta) chun a fháil amach ar cuireadh chun críche idirbhearta atá mar chuid de chóras maoinithe CERT i ndáiríre agus an ndearnadh i gceart iad.
2. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hidirghabhálacha atá cumhdaithe ag an gcóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II den Teideal seo agus ag Caibidil III de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT]. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le bunú liosta de bhearta nach n-oireann do rialuithe breise *ex post* trí dhoiciméid tráchtála a ghrinnscrúdú, de bharr a ndeartha agus a gceanglas rialaithe, agus dá bhrí sin, níl siad le bheith faoi réir grinnscrúdú den sórt sin faoin gCaibidil seo.
3. Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínthe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “doiciméad tráchtála” na leabhair, na cláir, na dearbháin agus na doiciméid tacaíochta, na cuntais, na taifid táirgthe agus cháilíochta agus an comhfhreagras a bhaineann le gníomhaíocht gnó an ghnóthais, mar aon le sonraí tráchtála, pé cló a bheidh orthu, lena n-áirítear sonraí a stóráiltear go leictreonach, a mhéid a bhaineann na doiciméid nó na sonraí sin go díreach nó go hindíreach leis na hidirbhearta dá dtagraítear i mír 1;

- (b) ciallaíonn “tríú páirtí” aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bainteach go díreach nó go hindíreach le hidirbhearta arna ndéanamh ag CERT laistigh den chóras maoinithe.

Airteagal 75

Grinnscrúdú ó na Ballstáit

1. Déanfaidh na Ballstáit grinnscrúdú córasach ar dhoiciméid tráchtála na ngnóthas, agus cuirfidh siad san áireamh na cineálacha idirbheart a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar le rogha na ngnóthas a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu, a mhéid is féidir, éifeachtacht na mbeart chun neamhrialtachtaí a bhrath agus a chosc. Cuirfear san áireamh sa rogha, *inter alia*, an tábhacht airgeadais a bhaineann leis na gnóthais sa chóras sin agus le fachtóirí riosca eile.
2. I gcás inarb iomchuí, leathnófar an grinnscrúdú dá bhforáiltear i mír 1 chun daoine nádúrtha agus dlítheanacha a luaitear gnóthais leo a áireamh, agus chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile a áireamh a d’fhéadfadh a bheith ábhartha chun na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 76 a ghnóthú.
3. Ní dhéanfaidh an grinnscrúdú a dhéanfar de bhun na Caibidle seo dochar do na seiceálacha a dhéanfar de bhun Airteagal 47 agus Airteagal 48.

Airteagal 76

Cros-seiceálacha

1. Fíorófar cruinneas na bpríomhshonraí atá faoi ghrinnscrúdú trí roinnt cros-seiceálacha a dhéanamh lena n-áirítear, nuair is gá, doiciméid tráchtála tríú páirtithe, atá oiriúnach do leibhéal an riosca atá i gceist, lena n-áirítear:
 - (a) comparáidí le doiciméid tráchtála soláthraithe, custaiméirí, iompróirí agus tríú páirtithe eile;
 - (b) seiceálacha fisiciúla, nuair is iomchuí, ar chainníocht agus ar chineál na stoc;
 - (c) comparáid le taifid na sreafaí airgeadais is bunús leis na hidirbhearta a dhéanann CERT laistigh den chóras maoinithe, nó atá mar thoradh orthu;
 - (d) seiceálacha, i ndáil le leabharchoimeád, nó taifid ar ghluaiseachtaí airgeadais lena léirítear, tráth an ghrinnscrúdaithe, gur doiciméid chruinne iad na doiciméid atá i seilbh na gníomhaireachta íocaíochta mar údar leis an gcabhair a íoctar leis an tairbhí.
2. I gcás ina gceanglófar ar ghnóthais taifid leabhair ar leith a choinneáil ar stoc i gcomhréir le forálacha an Aontais nó le forálacha náisiúnta, áireofar i ngrinnscrúdú na dtaifead sin, i gcásanna iomchuí, comparáid leis na doiciméid tráchtála agus, nuair is iomchuí, leis na cainníochtaí iarbhir atá i stoc.
3. I rogha na n-idirbheart atá le seiceáil, cuirfear an leibhéal riosca atá ann san áireamh ina iomláine.

Airteagal 77

Rochtain ar dhoiciméid tráchtála

1. Áiritheoidh na daoine atá freagrach as an ngnóthas, nó tríú páirtí, go soláthrófar na doiciméid tráchtála ar fad agus an fhaisnéis bhreise do na hoifigigh atá freagrach

as an ngrinnschrúdú nó do na daoine atá údaraithe chun é a dhéanamh ar a son. Soláthrófar na sonraí a stóráiltear go leictreonach ar mheán iomchuí um thacaíocht sonraí.

2. Féadfaidh na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnschrúdú, nó na daoine atá údaraithe chun é a dhéanamh ar a son, a cheangal go soláthrófar sleachta as na doiciméid nó cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 dóibh.
3. I gcás ina meastar, le linn an ghrinnschrúdaithe a dhéantar de bhun na Caibidle seo, nach bhfuil na doiciméid tráchtála arna gcoinneáil ag an ngnóthas leordhóthanach chun críocha grinnschrúdaithe, iarrfar ar an ngnóthas na taifid a theastaíonn ón mBallstát atá freagrach as an ngrinnschrúdú a choinneáil amach anseo, gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialacháin eile maidir leis an earnáil lena mbaineann.

Cinnfidh na Ballstáit an dáta óna bhfuil na taifid sin le coinneáil.

I gcás ina mbeidh na doiciméid tráchtála ar fad is gá a ghrinnschrúdú de bhun na Caibidle seo lonnaithe ag gnóthas atá sa ghrúpa tráchtála céanna, sa chomhpháirtíocht chéanna nó sa chomhlachas gnóthas céanna, arna mbainistiú ar bhonn aontaithe, leis an ngnóthas ar a bhfuil grinnschrúdú á dhéanamh, cibé acu an bhfuil sé lonnaithe laistigh de chríoch an Aontais nó lasmuigh di, cuirfidh an gnóthas na doiciméid tráchtála sin ar fáil do na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnschrúdú, ag áit agus ag am a bheidh le cinneadh ag an mBallstát atá freagrach as an ngrinnschrúdú a dhéanamh.

4. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnschrúdú i dteideal doiciméid tráchtála a urghabháil, nó a chinntiú go n-urghabhfar iad. Feidhmeofar an ceart sin ag féachaint go cuí do na forálacha ábhartha náisiúnta agus beidh sé gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha lena rialaítear imeachtaí i gcúrsaí coiriúla a bhaineann le doiciméid a urghabháil.

Airteagal 78

Cúnamh frithpháirteach

1. Tabharfaidh na Ballstáit cúnamh dá chéile chun críocha an grinnschrúdú, dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina mbeidh gnóthas nó tríú páirtí suite i mBallstát seachas an Ballstát inar íocadh nó ina bhfuarthas an tsuim atá i gceist, nó inar cheart í a bheith íoctha nó faighte;
 - (b) i gcás ina mbeidh gnóthas nó tríú páirtí suite i mBallstát seachas an Ballstát sin ina bhfuil na doiciméid agus an fhaisnéis is gá le haghaidh grinnschrúdaithe le fáil.

Féadfaidh an Coimisiún comhghníomhaíochtaí a chomhordú ina mbeidh cúnamh frithpháirteach idir dhá Bhallstát nó níos mó.

2. Cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún liosta de ghnóthais atá bunaithe i dtríú tír ar íocadh an méid atá i gceist leo nó a fuair an méid atá i gceist, nó ar cheart é a bheith íoctha leo nó faighte acu, sa Bhallstát sin.
3. Má tá faisnéis bhreise de dhíth i mBallstát eile mar chuid den ghrinnschrúdú atá á dhéanamh ar ghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 75, agus go háirithe maidir le cros-seiceálacha i gcomhréir le hAirteagal 76, féadfar iarratais shonracha ar ghrinnschrúdú a dhéanamh agus na cúiseanna leis an iarratas a lua.

Comhlíonfar an t-iarratas ar ghrinnscrúdú sé mhí ar a dhéanaí tar éis é a fháil; cuirfear torthaí an ghrinnscrúdaithe in iúl gan mhoill don Bhallstát iarrthach.

Airteagal 79

Cláreagrú

1. Tarraingeoidh na Ballstáit suas cláir le haghaidh grinnscrúdú a bheidh le déanamh de bhun Airteagal 75 le linn na tréimhse grinnscrúdaithe ina dhiaidh sin.
2. Gach bliain, roimh an 15 Aibreán, cuirfidh na Ballstáit a gclár, dá dtagraítear i mír 1, chuig an gCoimisiún agus sonróidh siad:
 - (a) líon na ngnóthas a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu agus miondealú de réir earnála ar bhonn na méideanna a bhaineann leo;
 - (b) na critéir a glacadh chun an clár a tharraingt suas.
3. Na cláir a bheidh bunaithe ag na Ballstáit agus a bheidh curtha ar aghaidh acu chuig an gCoimisiún, cuirfidh siad chun feidhme iad, mura mbeidh a bharúlacha curtha in iúl ag an gCoimisiún laistigh d'ocht seachtaine.
4. Beidh feidhm ag mír 3 *mutatis mutandis* maidir leis na leasuithe a dhéanann na Ballstáit ar an gclár.
5. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go gcuirfear catagóir gnóthais ar leith san áireamh i gclár Ballstáit, aon tráth.
6. Maidir le gnóthais ar lú ná EUR 40 000 suim na n-admhálacha nó na n-íocaíochtaí, ní dhéanfar grinnscrúdú orthu i gcomhréir leis an gCaibidil seo ach ar chúiseanna sonracha a bheidh le léiriú ag na Ballstáit ina gclár bliantúil dá dtagraítear i mír 1 nó ag an gCoimisiún in aon leasú atá beartaithe ar an gclár sin.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 101 chun an tairseach a leagtar amach sa chéad fhomhír a leasú.

Airteagal 80

Ranna speisialta

1. Beidh roinn speisialta i ngach Ballstát a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Caibidle seo. Beidh na ranna sin freagrach, go háirithe, as an méid seo a leanas:
 - (a) feidhmiú an ghrinnscrúdaithe, dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, arna dhéanamh ag oifigigh atá fostaithe go díreach ag an roinn speisialta sin; nó
 - (b) an comhordú agus faireachas ginearálta ar an ngrinnscrúdú arna dhéanamh ag oifigigh ó ranna eile.
- Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil freisin go ndéanfar an grinnscrúdú atá le déanamh de bhun na Caibidle seo a leithdháileadh idir na ranna speisialta agus ranna náisiúnta eile, ar choinníoll go bhfuil na ranna speisialta freagrach as an gcomhordú.
2. Déanfar an roinn nó na ranna atá freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm a eagrú ar bhealach a bheidh neamhspleách ar na ranna nó ar chraobhacha na rann atá freagrach as na híocaíochtaí agus as na seiceálacha grinnscrúdaithe a dhéantar roimh íocaíocht.

3. Déanfaidh an roinn speisialta dá dtagraítear i mír 1 na bearta uile is gá, agus tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann na cumhachtaí uile is gá di, chun na cúraimí dá dtagraítear sa Chaibidil seo a dhéanamh.
4. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun pionós a ghearradh ar na daoine nádúrtha nó dlítheanacha nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo.

Airteagal 81
Tuarascálacha

1. Roimh an 1 Eanáir, tar éis na tréimhse grinnscrúdaithe, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

Áireofar freisin sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír forléargas ar na hiarratais shonracha ar ghrinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 78(3) agus ar thorthaí an ghrinnscrúdaithe ag teacht ó na hiarratais sin.
2. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún a dtuairimí a mhalartú go minic maidir le cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

Airteagal 82
Rochtain an Choimisiúin ar fhaisnéis agus grinnscrúdú

1. I gcomhréir leis na dlíthe ábhartha náisiúnta, beidh rochtain ag oifigigh an Choimisiúin ar na doiciméid ar fad a ullmhaítear don ghrinnscrúdú nó tar éis an ghrinnscrúdaithe a eagraítear faoin gCaibidil seo, agus ar na sonraí ar fad a choinnítear, lena n-áirítear na sonraí a stóráiltear sna córais próiseála sonraí. Ar iarratas, soláthrófar na sonraí sin trí mheán iomchuí um thacaíocht sonraí.
2. Déanfaidh oifigigh de chuid na mBallstát an grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 75. Féadfaidh oifigigh de chuid an Choimisiúin páirt a ghlacadh sa ghrinnscrúdú sin. Ní fhéadfaidh siad féin na cumhachtaí grinnscrúdaithe atá tugtha d'oifigigh náisiúnta a fheidhmiú. Mar sin féin, beidh rochtain acu ar na háitribh chéanna agus ar na doiciméid chéanna is atá ag oifigigh na mBallstát.
3. I gcás grinnscrúdú a dhéantar faoi Airteagal 78, féadfaidh oifigigh an Bhallstáit iarrthaigh a bheith i láthair, le comhaontú an Bhallstáit iarrtha, ag an ngrinnscrúdú sa Bhallstát iarrtha, agus beidh rochtain acu ar na háitribh chéanna agus ar na doiciméid chéanna is atá ag oifigigh an Bhallstáit sin.

Beidh oifigigh an Bhallstáit iarrthaigh atá i láthair ag an ngrinnscrúdú sa Bhallstát iarrtha in ann cruthúnas ar a gcúram oifigiúil a thaispeáint aon tráth. Is iad oifigigh an Bhallstáit iarrtha a dhéanfaidh an grinnscrúdú i gcónaí.
4. Gan dochar d'fhorálacha Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, (Euratom, CE) Uimh. 2988/95, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE) 2017/1939, i gcás ina bhfágfar le forálacha náisiúnta a bhaineann le himeachtaí coiriúla nach féidir ach le hoifigigh atá ainmnithe go sonrach sa dlí náisiúnta gníomhartha áirithe a dhéanamh, ní ghlacfaidh oifigigh an Choimisiúin, ná oifigigh an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3, páirt sna gníomhartha sin. Ar chaoi ar bith, ní ghlacfaidh siad páirt, go háirithe, i gcuirteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine i gcomhthéacs dhlí coiriúil an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh rochtain acu, áfach, ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an mbealach sin.

Airteagal 83
Cumhachtaí cur chun feidhme

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Caibidle seo agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) feidhmíocht an ghrinnscrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 75 i ndáil le gnóthais, ráta agus amscála an ghrinnscrúdaithe a roghnú;
- (b) doiciméid tráchtála a chaomhnú agus na cineálacha doiciméad atá le coinneáil nó na cineálacha sonraí atá le taifeadadh;
- (c) feidhmíocht agus comhordú comhghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 78(1);
- (d) sonraí agus sonraíochtaí maidir le hábhar agus cló na n-iarratas agus an bealach a chuirtear isteach iad, ábhar agus cló an fhógra agus an bealach a chuirtear isteach é agus an bealach a chuirtear isteach agus a mhalartaítear an fhaisnéis atá ag teastáil faoin gCaibidil seo;
- (e) dálaí agus modhanna foilsithe nó rialacha agus dálaí sonracha faoin gcaoi a scaipfidh an Coimisiún an fhaisnéis atá ag teastáil faoin Rialachán seo ar údarais inniúla na mBallstát nó faoin gcaoi a gcuirfidh an Coimisiún ar fáil dóibh í;
- (f) freagrachtaí na roinne speisialta dá dtagraítear in Airteagal 80;
- (g) ábhar na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 81 agus aon fhógra eile atá ag teastáil faoin gCaibidil seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Caibidil IV
An córas rialaithe agus pionóis maidir le coinníollacht

Airteagal 84
An córas rialála le haghaidh coinníollachta

1. Bunóidh na Ballstáit córas rialaithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tairbhíthe na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 faoi seach, na hoibleagáidí dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na córais rialaithe agus as an riarachán atá acu cheana chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le coinníollacht.

Beidh na córais sin comhoiriúnach leis an gcóras rialaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfianaise na dtorthaí a bhaintear amach.

2. Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “ceanglas” gach ceanglas reachtúil bainistíochta aonair faoi dhlí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] laistigh de ghníomh ar leith, agus

atá éagsúil ó thaobh substainte de le haon cheanglas eile de chuid an ghnímh chéanna;

- (b) ciallaíonn “gníomh” gach ceann de na Treoracha agus Rialacháin aonair dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

3. Ina gcóras rialaithe dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

- (a) áireoidh na Ballstáit sa chóras rialaithe seiceálacha ar an láthair chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tairbhíthe na hoibleagáidí a leagtar síos i Roinn 2 de Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];
- (b) féadfaidh siad, ag brath ar na ceanglais, caighdeáin, gníomhartha nó réimsí coinníollachta atá i gceist, úsáid a bhaint as na seiceálacha arna ndéanamh faoi na córais rialaithe is infheidhme maidir leis an gceanglas, caighdeán, gníomh nó réimse coinníollachta, ar choinníoll go bhfuil éifeachtacht na seiceálacha sin comhionann, ar a laghad, leis na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear i bpointe (a);
- (c) féadfaidh siad, i gcás inarb iomchuí, cianbhraiteacht nó an córas faireacháin limistéir a úsáid chun na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear i bpointe (a) a dhéanamh;
- (d) suífidh na Ballstáit an sampla cóimheasa le haghaidh na seiceálacha dá dtagraítear i bpointe (a) atá le déanamh gach bliain ar bhonn anailís riosca agus cuirfidh siad gné randamach san áireamh agus soláthróidh siad an sampla cóimheasa chun go gcumhdófar ar a laghad 1 % de thairbhíthe a fhaigheann cabhair dá bhforáiltear i Roinn 2 de Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

Airteagal 85

Córas pionós riaracháin maidir le coinníollacht

- 1. Bunóidh na Ballstáit córas lena bhforáiltear maidir le pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm ar thairbhíthe dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] nach gcomhlíonfaidh, aon tráth den bhliain féilire lena mbaineann, na rialacha maidir le coinníollacht mar a leagtar síos i Roinn 2 de Chaibidil 1 de Theideal III den Rialachán sin (“an córas pionós”).

Faoin gcóras sin, ní bheidh feidhm ag na pionóis riaracháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír ach amháin más rud é gur toradh é an neamhchomhlíonadh ar ghníomh nó ar neamhghníomh atá inchurtha go díreach i leith an tairbhí lena mbaineann; agus i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha breise seo a leanas nó an dá cheann díobh:

- (a) go mbaineann an neamhchomhlíonadh le gníomhaíocht talmhaíochta an tairbhí;
- (b) gurb é limistéar ghabháltas an tairbhí atá i gceist.

Maidir le limistéir foraoise, áfach, ní bheidh feidhm ag an bpionós riaracháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcás nach n-éileofar aon tacaíocht i leith an limistéir

lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 65 agus Airteagal 66 de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

2. Ina gcórais pionós dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
 - (a) áireoidh na Ballstáit rialacha maidir le cur i bhfeidhm na bpionós riaracháin i gcásanna ina n-aistreofar talamh le linn na bliana lena mbaineann nó le linn na mblianta lena mbaineann. Beidh na rialacha seo bunaithe ar shannadh cóir cothrom an dliteanais le haghaidh neamhchomhlíontaí i measc aistreoirí agus aistrithe;

Chun críche an phointe seo, ciallaíonn “aistriú” aon chineál idirbhirt arb é is toradh dó nach bhfuil an talamh talmhaíochta ar fáil a thuilleadh don aistreoir.
 - (b) Féadfaidh siad a chinneadh, d’ainneoin mhír 1, gan pionós a chur i bhfeidhm in aghaidh an tairbhí agus in aghaidh na bliana féilire nuair is ionann an pionós agus EUR 100 nó níos lú. Tabharfar fógra don tairbhí maidir leis an gcinneadh agus maidir leis an oibleagáid gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh;
 - (c) forálfaidh siad nach bhforchuirfear aon phionós riaracháin i gcás inarb é *force majeure* is cúis leis an neamhchomhlíonadh.
3. Ní bheidh aon tionchar ag cur i bhfeidhm pionóis riaracháin ar dhlíthiúlacht ná ar rialtacht an chaiteachais a bhfuil feidhm aige ina leith.

Airteagal 86 ***An pionós a ríomh***

1. Cuirfear i bhfeidhm na pionóis riaracháin dá bhforáiltear i Roinn 2 de Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] trí laghdú nó eisiamh a dhéanamh ar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí atá liostaithe sa Roinn sin den Rialachán sin agus atá deonaithe nó atá le deonú don tairbhí lena mbaineann i dtaca le hiarratais ar chabhair a chuir sé isteach nó a chuirfidh sé isteach le linn bhliain féilire an toraidh.

Chun na laghduithe agus na heisiaimh sin a ríomh, cuirfear san áireamh déine, forleithne, buaine, atarlú agus intinniúlacht an neamhchomhlíonta a aimsíodh. Beidh na pionóis a fhorchuirfear athchomhairleach agus comhréireach, agus i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo.
2. I gcás neamhchomhlíonadh de thoradh faillí, mar riail ghinearálta, is é a bheidh i gcéatadán an laghdaithe 3 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Féadfaidh na Ballstáit córas luathrabhaidh a bhunú a mbeidh feidhm aige maidir le cásanna aonair neamhchomhlíonta a bheidh ag tarlú den chéad uair agus nach mbeidh laghdú ná eisiamh mar thoradh orthu de bharr laghad a ndéine, a bhforleithne agus a mbuaine. I gcás ina suítear le seiceáil ina dhiaidh sin laistigh de thrí bliana féilire as a chéile nár leigheasadh an neamhchomhlíonadh, cuirfear an laghdú de bhun na chéad fomhíre i bhfeidhm go haisghníomhach.

Mar sin féin, i gcásanna neamhchomhlíonta ina mbeidh baol díreach don tsláinte phoiblí nó do shláinte ainmhithe, beidh laghdú nó eisiamh mar thoradh orthu i gcónaí.

Féadfaidh na Ballstáit oiliúint éigeantach a sholáthar faoin gcóras comhairleach feirme dá bhforáiltear i Roinn 3 de Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (AE)

.../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] do thairbhíthe a bhfuil luathrabhadh faighte acu.

3. I gcás atarlaithe, beidh céatadán an laghdaithe níos airde ná an céatadán a bheidh le cur i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonadh de thoradh faillí agus arna cheadú den chéad uair.
4. I gcás neamhchomhlíonadh d'aon ghnó, beidh an céatadán níos airde ná an céatadán a bheidh le cur i bhfeidhm i gcás atarlú de bhun mhír 3 agus d'fhéadfadh sé dul chomh fada le heisiamh iomlán ó íocaíochtaí agus d'fhéadfadh sé go mbeadh feidhm aige ar feadh bliain féilire nó níos mó.
5. D'fhonn cothrom na Féinne a áirithiú idir na Ballstáit agus éifeachtacht agus éifeacht athchomhairleach an chórais pionós, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha breise maidir leis na pionóis a chur i bhfeidhm agus a ríomh.

Airteagal 87

Méideanna mar thoradh ar na pionóis riaracháin maidir le coinníollacht

Féadfaidh na Ballstáit 20 % de na méideanna atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm na laghduithe agus na n-eisiamh dá dtagraítear in Airteagal 86 a choinneáil.

Teideal V

Forálacha comhchoiteanna

CAIBIDIL I

Faisnéis a tharchur

Airteagal 88

Faisnéis a chur in iúl

1. Mar aon leis na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún an fhaisnéis, na dearbhuithe agus na doiciméid seo a leanas:
 - (a) i gcás gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus comhlachtaí comhordaithe creidiúnaithe:
 - (i) a ndoiciméad creidiúnaithe,
 - (ii) a bhfeidhm (gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó comhlacht comhordaithe),
 - (iii) i gcás inarb ábhartha, tarraingt siar a gcreidiúnaithe;
 - (b) i gcás comhlachtaí creidiúnaithe:
 - (i) a n-ainm,
 - (ii) a seoladh;
 - (c) i gcás bearta a bhaineann le hoibríochtaí atá á maoiniú ag na Cistí:
 - (i) dearbhuithe caiteachais, a mbeidh feidhm iarratas íocaíochta leo freisin, arna síniú ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó ag an gcomhlacht comhordaithe creidiúnaithe agus an fhaisnéis is gá ag gabháil leo,
 - (ii) meastacháin ar a riachtanais airgeadais, maidir le CERT agus, maidir le CETFT, nuashonrú ar dhearbhuithé caiteachais measta a chuirfear isteach le linn na bliana agus dearbhuithe caiteachais measta na bliana airgeadais ina dhiaidh sin,
 - (iii) dearbhú bainistíochta agus cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe.

Cuirfear isteach cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a bhaineann le caiteachas CETFT ar leibhéal gach Plean Straitéisigh faoi CBT.
2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm an chórais chomhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal IV. Eagróidh an Coimisiún cruinnithe leis na Ballstáit chun tuairimí faoin gceist sin a roinnt.

Airteagal 89

Rúndacht

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún gach beart is gá chun go n-áiritheofar rúndacht na faisnéise a chuirtear in iúl nó a fhaightear trí bhíthin cigireachta agus trí bhíthin na mbeart um imréiteach cuntas arna gcur chun feidhme faoin Rialachán seo.
Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 maidir leis an bhfaisnéis sin.
2. Gan dochar d'fhorálacha náisiúnta maidir le himeachtaí dlí, déanfar faisnéis a bhaileofar le linn an ghrinnscrúdaithe dá bhforáiltear i gCaibidil III de Theideal IV a chosaint faoin rúndacht ghairmiúil. Ní chuirfear an fhaisnéis in iúl d'aon duine ach amháin dóibh sin nach mór, de bharr a gcuid dualgas sna Ballstáit nó in institiúidí an Aontais, eolas a bheith acu uirthi chun na dualgais sin a chomhlíonadh.

Airteagal 90

Cumhachtaí cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) an fhoirm, an t-ábhar, na heatraimh, na sprioc-amanna agus na socruithe maidir leis an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó:
 - (i) dearbhuithe caiteachais agus meastacháin chaiteachais agus na nuashonruithe orthu, lena n-áirítear ioncam sannta,
 - (ii) dearbhú bainistíochta agus cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta,
 - (iii) tuarascálacha deimhniúcháin na gcuntas,
 - (iv) ainmneacha agus sonraí na ngníomhaireachtaí íocaíochtaí creidiúnaithe, na ngníomhaireachtaí comhordaithe creidiúnaithe agus na ngníomhaireachtaí deimhniúcháin,
 - (v) socruithe maidir le caiteachas arna mhaoiniú ag na Cistí a chur san áireamh agus a íoc,
 - (vi) fógraí maidir leis na coigeartuithe airgeadais arna ndéanamh ag na Ballstáit i dtaca le hidirghabhálacha forbartha tuaithe,
 - (vii) faisnéis maidir leis na bearta arna ndéanamh de bhun Airteagal 57;
- (b) na socruithe lena rialaítear malartuithe faisnéise agus doiciméad idir an Coimisiún agus na Ballstáit, agus cur chun feidhme córas faisnéise lena n-áirítear cineál, formáid, agus ábhar na sonraí atá le próiseáil ag na córais sin agus na rialacha comhfhreagracha maidir le stóráil sonraí;
- (c) na fógraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún maidir le faisnéis, doiciméid, staidrimh agus tuarascálacha, mar aon leis na sprioc-amanna agus na modhanna lena dtabharfar an fógra.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Caibidil II

Úsáid an euro

Airteagal 91

Prionsabail ghinearálta

1. Sloinnfear agus íocfar in euro na méideanna a thugtar sna cinntí ón gCoimisiún lena nglactar Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, méideanna na ngealltanais agus na n-íocaíochtaí ón gCoimisiún, méideanna an chaiteachais a dhearbhaítear nó a dheimhnítear, agus méideanna atá i ndearbhuithe caiteachais de chuid na mBallstát.
2. Sloinnfear in euro na praghsanna agus na méideanna atá socruithe sa reachtaíocht talmhaíochta eárnalach.

Deonófar nó baileofar iad in euro i gcás na mBallstát a bhfuil an euro glactha acu agus san airgeadra náisiúnta i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu.

Airteagal 92

An ráta malairte agus an t-imeacht feidhme

1. Comhshófar na praghsanna agus na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 91(2) ina n-airgeadra náisiúnta trí bhithin ráta malairte i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu.
2. Is é a bheidh san imeacht feidhme don ráta malairte:
 - (a) cur i gcrích foirmiúlachtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin i gcás méideanna arna mbailiú nó arna ndeonú le linn trádáil le tríú tíortha;
 - (b) an t-imeacht trína ngnóthaítear cuspóir eacnamaíoch na hoibríochta i ngach cás eile.
3. I gcás ina ndéanfar íocaíocht dhíreach dá bhforáiltear i Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] le tairbhí in airgeadra nach é an euro é, comhshófaidh na Ballstáit méid na cabhrach sloinnte in euro isteach ina n-airgeadra náisiúnta ar bhonn an ráta malairte is déanaí arna shocrú ag an mBanc Ceannais Eorpach roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain ar deonaíodh an chabhair ina leith.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcásanna a mbeidh údar cuí leo, an comhshó a dhéanamh ar bhonn mheán na rátaí malairte arna socrú ag an mBanc Ceannais Eorpach le linn na míosa roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain ar deonaíodh an chabhair ina leith. Socróidh agus foilseoidh na Ballstáit a roghnóidh an rogha sin an meánráta sin roimh an 1 Nollaig den bhliain sin.
4. Maidir le CERT, agus a ndearbhuithe caiteachais á dtarraingt suas acu, déanfaidh na Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu an ráta malairte céanna a d'úsáid siad chun íocaíochtaí a dhéanamh le tairbhíthe nó chun ioncam a fháil, a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo.
5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na himeachtaí feidhme sin agus maidir leis an ráta malairte atá le húsáid. Cinnfear an t-imeacht feidhme sonrach agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

- (a) coigeartuithe ar an ráta malairte a bheith infheidhme go hiarbhrí a luaithe is féidir;
 - (b) cosúlacht na n-imeachtaí feidhme i gcás oibríochtaí analógacha arna ndéanamh faoin eagraíocht mhargaidh;
 - (c) comhtháthú sna himeachtaí feidhme le haghaidh na bpraghsanna agus na méideanna éagsúla a bhaineann leis an eagraíocht mhargaidh;
 - (d) infheidhmitheacht agus éifeachtacht na seiceálacha ar chur i bhfeidhm rátaí malairte oiriúnacha.
6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an ráta malairte is infheidhme nuair a tharraingítear suas dearbhuithe caiteachais agus nuair a thaifeadtar oibríochtaí stórála poiblí i gcuntais na gníomhaíochta íocaíochta.

Airteagal 93

Bearta cosanta agus maoluithe

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena gcoimircítear cur i bhfeidhm dhlí an Aontais i gcás inar dóchúil go gcuirfidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann leis an airgeadra náisiúnta an cur i bhfeidhm sin i mbaol. Ní fhéadfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a mhaolú ó na rialacha atá ann cheana ach ar feadh tréimhse ama atá fíor-riachtanach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Déanfar Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit a chur ar an eolas gan mhoill maidir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.
2. I gcás inar dóchúil go gcuirfidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann le hairgeadra náisiúnta cur i bhfeidhm dhlí an Aontais i mbaol, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 100 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le maoluithe ón Roinn seo, sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás ina n-úsáidfídh tír teicnící neamhghnácha malartaithe, amhail rátaí éagsúla malairte, nó ina n-oibreoidh an tír comhaontuithe babhtála;
 - (b) i gcás ina mbeidh airgeadraí ag tíortha nach bhfuil luaite ar mhargaí airgeadraí eachtracha oifigiúla nó i gcás inar dóchúil go mbeidh saobhadh trádála ann de bharr threocht na n-airgeadraí sin.

Airteagal 94

An euro á úsáid ag Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu

1. Má chinneann Ballstát nach bhfuil an euro glactha aige an caiteachas a thagann as reachtaíocht talmhaíochta earnálach a íoc in euro seachas ina airgeadra náisiúnta, déanfaidh an Ballstát bearta chun a áirithiú nach mbeidh buntáiste córasach ag baint le húsáid an euro i gcomparáid le húsáid an airgeadra náisiúnta.
2. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta atá beartaithe sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. Ní bheidh feidhm ag na bearta go dtí go gcuirfidh an Coimisiún in iúl a chomhaontú ina leith.

Caibidil III Tuairisciú

Airteagal 95

An tuarascáil airgeadais bhliantúil

Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair gach bliain tar éis bhliain an bhuiséid, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil airgeadais ar riar na gCistí le linn na bliana airgeadais roimhe sin agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í.

Caibidil IV Trédhearcacht

Airteagal 96

Faisnéis maidir le tairbhíthe a fhoilsiú

1. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfoilseofar tairbhíthe na gCistí *ex-post* gach bliain, i gcomhréir le [Airteagal 44(3)-(5) de Rialachán (AE) .../... Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus le mír 2, mír 3 agus mír 4 den Airteagal seo.
2. Beidh feidhm ag [Airteagal 44(3)-(5) de Rialachán (AE) .../... Rialachán na bhForálacha Coiteanna] maidir le tairbhíthe CETFT agus CERT, i gcás inarb ábhartha; mar sin féin, ní bheidh feidhm maidir le CERT ag na méideanna comhfhreagracha leis an ranníocaíocht náisiúnta agus an ráta cómhaoinithe, dá bhforáiltear i bpointí (h) agus (i) d’Airteagal 44(3) den Rialachán sin.
3. Chun críocha an Airteagail seo:
 - ciallaíonn “oibríocht” beart nó idirghabháil;
 - ciallaíonn “suíomh” an bhardasacht ina bhfuil cónaí ar an tairbhí nó ina bhfuil sé cláraithe agus, más infhaighte, an cód poist nó an chuid de lena saináithnítear an bhardasacht.
4. Cuirfear ar fail an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 44(3)-(5) ar shuíomh gréasáin amháin i ngach Ballstát. Beidh rochtain ar an bhfaisnéis ansin go ceann dhá bhliain ón dáta a fhoilseofar den chéad uair í.

Ní fhoilseoidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d’Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) .../... [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] más ionann méid na cabhrach a fhaigheann tairbhí in aon bhliain amháin agus EUR 1 250, nó má tá sé níos lú ná sin.

Airteagal 97

Tairbhíthe a chur ar an eolas faoi fhoilsiú sonraí a bhaineann leo

Cuirfidh na Ballstáit na tairbhíthe ar an eolas go bpoibleofar a sonraí i gcomhréir le hAirteagal 96 agus go bhféadfaidh comhlachtaí iniúchóireachta agus fiosrúcháin de chuid an Aontais agus na mBallstát na sonraí a phróiseáil chun leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú.

I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2016/679, a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, cuirfidh na Ballstáit na tairbhíthe ar an eolas maidir lena gcearta faoin Rialachán sin agus leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.

Airteagal 98
Cumhachtaí cur chun feidhme

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) an fhoirm, lena n-áirítear an nós cur i láthair de réir birt nó idirghabhála, agus amscála an fhoilsithe dá bhforáiltear in Airteagal 96 agus in Airteagal 97;
- (b) cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Airteagal 97;
- (c) an comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 101(3).

Caibidil V
Sonraí pearsanta a chosaint

Airteagal 99
Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint

1. Gan dochar d’Airteagail 96 go 98, baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta chun a n-oibleagáidí bainistithe, rialaithe, iniúchta agus faireacháin faoi seach faoin Rialachán seo a dhéanamh agus, go háirithe, na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil II de Theideal II, i gCaibidil III agus i gCaibidil IV de Theideal III, i dTheideal IV agus i gCaibidil III de Theideal V agus chun críocha staidrimh, agus ní phróiseálfadh siad na sonraí sin ar bhealach neamh-chomhoiriúnach leis an gcuspóir sin.
2. I gcás ina bpróiseálfar sonraí pearsanta chun críocha faireacháin agus meastóireachta faoi Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], agus chun críocha staidrimh, beidh siad anaithnid agus ní próiseálfar iad ach i bhfoirm chomhiomlánaithe.
3. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 45/2001 agus Rialachán (AE) 2016/679. Go háirithe, ní stórálfar na sonraí sin i bhfoirm ina mbeifear in ann ábhair sonraí a aithint go ceann tréimhse níos faide ná is gá chun na gcríoch a bailíodh iad nó a phróiseálfar a thuilleadh iad, agus na tréimhsí íosta coinneála a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais is infheidhme á gcur san áireamh.
4. Cuirfidh na Ballstáit na hábhair sonraí ar an eolas go bhféadfaidh comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí de chuid an Aontais a sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le mír 1 agus sa mhéid sin go bhfuil sé de cheart acu leas a bhaint as na cearta cosanta sonraí dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Rialachán (AE) 2016/679.

TEIDEAL VI

Gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme

Airteagal 100

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 10, 15, 21, 36, 38, 39, 42, 45, 50, 52, 53, 58, 62, 72, 74, 79, 86, 92, 93 agus 103 a ghlacadh ar feadh tréimhse seacht mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Síneofar tarmligeán na cumhachta go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 10, 15, 21, 36, 38, 39, 42, 45, 50, 52, 53, 58, 62, 72, 74, 79, 86, 92, 93 agus 103 a chúlghairm aon tráth. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos faide anonn a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghactar de bhun Airteagail 10, 15, 21, 36, 38, 39, 42, 45, 50, 52, 53, 58, 62, 72, 74, 79, 86, 92, 93 agus 103 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 101

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste ar a dtabharfar “Coiste na gCistí Talmhaíochta” cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Chun críocha Airteagail 10, 11, 15, 16, 19, 21, 24, 30, 37, 38, 39, 40, 42, 45, 50, 51, 52, 53, 56, 57, 58, 62, 73, 83, 90, 93 agus 98, maidir le hábhair a bhaineann le

hidirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad, idirghabhálacha forbartha tuaithe agus comheagrú na margái, tabharfaidh an Coiste um na Cistí Talmhaíochta, Coiste an Chomhbheartais Talmhaíochta arna bhunú le Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus an Coiste um Chomheagrú na Margái Talmhaíochta arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 faoi seach, cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Teideal VII

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 102

Aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Ar an taobh eile:

- (a) Beidh feidhm fós ag Airteagal 5, Airteagal 7(3), Airteagal 9, Airteagal 34, Airteagal 35(4), Airteagail 36, 37, 38, 43, 51, 52, 54, 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus ag na rialacha cur chun feidhme agus tarmligthe ábhartha maidir le caiteachas a thabhaítear agus íocaíochtaí a dhéantar le haghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta 2020 nó níos luaithe i dtaca le CERT, agus i dtaca le CETFT maidir le caiteachas a thabhaítear agus íocaíochtaí a dhéantar le haghaidh cláir forbartha tuaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013,
 - (b) Beidh feidhm fós ag Airteagal 69 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le caiteachas a thabhaítear agus íocaíochtaí a dhéantar le haghaidh oibríochtaí de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus cláir forbartha tuaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus bearta eile faoi CBT a leagtar síos i gCaibidil I de Theideal II de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a chuirtear chun feidhme roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, Rialachán (AE) .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasaítear le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷.
2. Forléireofar tagairtí don rialachán aisghairthe mar thagairtí don Rialachán seo agus déanfar iad a léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 103

Bearta idirthréimhseacha

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 101 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le maoluithe ó na rialacha, agus breisithe ar na rialacha, dá bhforáiltear sa Rialachán seo, i gcás inar gá.

Airteagal 104

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

³⁷ Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] [...] (IO L [...], [...], lch. [...]).

2. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 7, 10, 18, 19, 35, 36, 37, 38, 39, 40, 43, 51, 52, 53 agus 54 maidir le caiteachas a dhéanfar ón 16 Deireadh Fómhair 2020 i dtaca le CERT, agus i dtaca le CETFT maidir le caiteachas a dhéanfar faoi Rialachán (AE) Uimh. .../... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT]

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.5. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.3. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA

1.1. Teideal an togra

- a) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013;
- b) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- c) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach.

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann (*Cnuasach clár*)

Cnuasach clár 8 - Beartas Talmhaíochta agus Muirí faoi Cheannteideal 3 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 – Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua a leanann treoirtionscadal/réamhbheart³⁸

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is iad na nithe seo a leanas is aidhm do chuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT), a leagtar amach in Airteagal 39 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

- (a) táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú (lena n-áirítear trí bhíthin dul chun cinn teicniúil agus tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as tosca táirgeachta);
- (b) lena n-áirítear, mar sin, caighdeán cóir maireachtála do lucht na talmhaíochta (lena n-áirítear trí thuilleamh a mhéadú);
- (c) margáí a chobhsú;
- (d) infhaighteacht soláthairtí a áirithiú; agus
- (e) a áirithiú go mbíonn soláthairtí á gcur chuig tomhaltóirí ar phraghsanna réasúnta.

³⁸

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Coigeartaítear agus eagraítear iad sin ar bhonn na ndúshlán a luaitear i roinn 1.4.2 thíosluaite d'fhonn béim a chur ar na deich dtosaíocht de chuid an Choimisiúin le haghaidh 2015-2019 agus ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus d'fhonn go gcomhlíonfar na tograí thuasluaite arb é is aidhm dóibh creat reachtach don Chomhbheartas Talmhaíochta a leagan síos le haghaidh na tréimhse 2021-2027 – CBT níos simplí, níos cliste, níos nua-aimseartha agus níos inbhuanaithe.

- 1.4.2. *Breislúach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breislúach a bheith mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn “breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais” an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

Fágann na dúshlán trasteorann agus dhomhanda roimh an earnáil talmhaíochta agus roimh cheantair thuaithe san Aontas go dteastaíonn comhbheartas ar leibhéal an Aontais. Le CBT, tugtar aghaidh ar na dúshlán sin tríd an méid seo a leanas:

- margadh aonair agus cothrom iomaíochta a chinntiú trí chóras slándála ioncain comhchoiteann i dtaca le tacaíocht a sholáthar lena gcuirtear taca faoi shlándáil bia agus lena seachnaítear saobhadh iomaíochta ionchasach;
- taca a chur faoi athléimneacht earnáil feirmeoireachta an Aontais atá riachtanach chun leas a bhaint as an domhandú agus
- beart a dhéanamh maidir le príomhghnéithe na ndúshlán inbhuanaitheachta amhail an t-athrú aeráide, úsáid an uisce, cáilíocht an aeir agus an bhithéagsúlacht trí bhithín bhonnstruchtúr comhshaoil CBT.

I réimsí eile, ní mór tuilleadh coimhdeachta a chur le gné láidir uile-Aontais. Áirítear sna réimsí sin slándáil bia (e.g. caighdeán a chomhchuibhiú), dúshlán i gceantair thuaithe (tá bearnaí móra maidir le dífhostaíocht tuaithe i measc na mBallstát), droch-bhonneagar agus drochsheirbhísí tuaithe, laigí sa taighde agus sa nuálaíocht, agus fadhbanna a bhaineann le cáilíocht bia, sláinte phoiblí agus cothúchán. Le freagairt iomchuí ar leibhéal an Aontais do na dúshlán sin, is féidir gníomhaíocht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a dhéanamh nuair a chuirtear í le breis solúbthachta ar leibhéal an Bhallstáit.

- 1.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil eile san am a chuaigh thart*

Ar bhonn na meastóireachta ar an gcreat beartais reatha, comhairliúchán leathan leis na páirtithe leasmhara agus anailís ar dhúshlán agus ar riachtanais amach anseo, rinneadh measúnú tionchair cuimsitheach. Tá mionsonraí breise ar fáil sa mheasúnú tionchair agus sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis na tograí dlíthiúla.

- 1.4.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Go príomha i dtaca le CBT, gnóthófar sineirgíochtaí suntasacha agus éifeachtaí simplithe trí chur chun feidhme na n-idirghabhálacha arna maoiniú ag CERT agus CETFT a chuimsiú faoi chreat straitéiseach amháin de chuid an Phlean Straitéisigh faoi CBT. Cothófar na struchtúir atá cheana féin i bhfeidhm sna Ballstáit agus simpleofar rialacha bainistithe agus rialaithe, agus cuirfear iad in oiriúint d'idirghabhálacha sonracha arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit.

Le CBT, coinnítear sineirgíochtaí láidre le beartais aeráide agus chomhshaoil, sábháilteacht bia agus saincheisteanna sláinte, an clár oibre digiteach i gceantair thuaithe agus an bithghéilleagar, eolas agus nuálaíocht, beartas méadaithe agus comharsanachta, beartais trádála agus forbartha, Erasmus+.

Oibreoidh CBT i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le beartais agus cistí eile de chuid an Aontais amhail gníomhaíochtaí arna gcur i bhfeidhm faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, ciste InvestEU, an naoú Clár Réime um Thaighde chomh maith le beartais chomhshaoil agus aeráide. I gcás inarb iomchuí, bunófar rialacha comhchoiteanna chun comhsheasmhacht agus comhlántacht a uasmhéadú idir na cistí, agus san am céanna á áirithiú go n-urramófar sainiúlachtaí na mbeartas sin.

Áiríteofar sineirgíochtaí leis an gClár Réime um Thaighde i gcnuasach FP9 maidir le “Bia agus Acmhainní Nádurtha” arb é is cuspóir dó córais talmhaíochta agus bhia a dhéanamh go hiomlán sábháilte, inbhuanaithe, athléimneach, ciorclach, éagsúil agus nuálach. Le CBT, cruthófar naisc níos láidre arís le beartas Taighde agus Nuálaíochta an Aontais tríd an mbithghéilleagar a thabhairt isteach mar thosaíocht de chuid CBT. Faoi gcnuasach maidir le “Bia agus Acmhainní Nádurtha”, cuirtear béim freisin ar leas a bhaint as an réabhlóid dhigiteach agus, mar sin de, le gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta cabhrófar le claochlú digiteach na talmhaíochta agus na gceantar tuaithe.

Ba cheart féachaint ar na tograí reachtacha a bhaineann leis an ráiteas airgeadais seo i gcomhthéacs níos leithne an togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna lena leagtar síos creat aonair rialacha comhchoiteanna le haghaidh cistí amhail CETFT, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus cistí eile. Cuideoidh an creat-rialachán sin go suntasach leis an ualach riaracháin a laghdú, le cistí an Aontais a chaitheamh ar bhealach éifeachtach, agus le simpliú a chur i ngníomh.

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

☒ tréimhse theoranta

- ☒ i bhfeidhm ó 01/01/2021 go 31/12/2027
- ☒ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 do leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 2021 go tar éis 2027 do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta** don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach

- Cur chun feidhme ó 2021 (an bhliain bhuiséadach).

1.6. Modh/modhanna bainistíochta atá beartaithe³⁹

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☒ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a sholáthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn “Nótaí” le do thoil.*

Nótaí

Níl aon athrú substainteach ann i gcomparáid leis an staid reatha, i.e. déanfar formhór an chaiteachais a bhaineann leis na tograí reachtacha maidir le CBT a bhainistiú trí bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit. Mar sin féin, beidh cuid an-bheag fós faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún.

³⁹

Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrtóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Bunófar creat feidhmíochta, faireacháin agus meastóireachta d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) measúnú a dhéanamh ar thionchar, éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach AE maidir le CBT;
- (b) garspriocanna agus spriocanna a leagan síos le haghaidh cuspóirí sonracha na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT;
- (c) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le spriocanna an Phlean Straitéisigh faoi CBT a ghnóthú;
- (d) measúnú a dhéanamh ar thionchar, éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht agus comhsheasmhacht idirghabhálacha de chuid na bPleananna Straitéiseacha faoi CBT;
- (e) tacú le próiseas foghlama i dtaca le faireachán agus meastóireacht.

Déanfaidh an tÚdarás Bainistíochta agus an Coiste Faireacháin faireachán ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh faoi CBT agus ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le spriocanna an Phlean Straitéisigh faoi CBT a ghnóthú.

Tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht

Faoi 15 Feabhra 2023 agus faoi 15 Feabhra gach bliain ina dhiaidh sin go 2030 agus an bhliain sin san áireamh, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh faoi CBT sa bhliain airgeadais roimhe sin. Leagfar amach sna tuarascálacha seo faisnéis cháilióchtúil agus chainníochtúil rithabhachtach maidir le cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh faoi CBT trí thagairt a dhéanamh do shonraí airgeadais, táscairí aschuir agus táscairí toraidh. Áireofar iontu freisin faisnéis maidir le haschuir, caiteachas agus torthaí arna gcur i gcrích agus an t-achar atá fágtha chun na spriocanna faoi seach a ghnóthú.

Bainfidh na sonraí a tharchuirfear le luachanna arna ngnóthú le haghaidh táscairí a bhaineann le hidirghabhálacha arna gcur chun feidhme i bpáirt nó go hiomlán. Leagfar amach leo freisin sintéis ar staid chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh faoi CBT arna chur i gcrích sa bhliain airgeadais roimhe, aon saincheist a dhéanann difear d'fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh faoi CBT, go háirithe maidir le diallais ó gharspriocanna, na cúiseanna atá leo agus, i gcás inarb ábhartha, na bearta arna ndéanamh.

Déanfaidh an Coimisiún Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht agus Imréiteach Feidhmíochta Bliantúil bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar sna Tuarascálacha Bliantúla ar Fheidhmíocht.

Meastóireacht ar phlean straitéiseach faoi CBT

Déanfaidh na Ballstáit meastóireachtaí *ex ante* lena n-áirítear anailís ar na láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí is ábhartha i dtaca leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT lena mbaineann chun na riachtanais a dtabharfar aghaidh orthu leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT a shainaithint.

Déanfaidh na Ballstáit na meastóireachtaí ar Phleananna Straitéiseacha faoi CBT chun cáilíocht cheapadh agus chur chun feidhme na bpleananna a fheabhsú, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht, breisluach AE agus a dtionchar i ndáil lena rannchuidiú le cuspóirí ginearálta agus sonracha CBT.

Measúnú ar fheidhmíocht arna dhéanamh ag an gCoimisiún

Bunóidh an Coimisiún plean meastóireachta ilbhliantúil ar CBT a dhéanfar faoi fhreagracht an Choimisiúin.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach lena scrúdófar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach AE maidir leis na Cistí agus na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII á gcur san áireamh. Féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as gach faisnéis ábhartha atá ar fáil cheana féin i gcomhréir le hAirteagal 128 den Rialachán Airgeadais.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chúlghabhálach lena scrúdófar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach AE maidir leis na Cistí.

Bunaithe ar fhianaise arna soláthar sna meastóireachtaí ar CBT, lena n-áirítear meastóireachtaí ar Phleananna Straitéiseacha faoi CBT, chomh maith le foinsí faisnéise ábhartha eile, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil tosaigh maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, lena n-áirítear na chéad torthaí ar fheidhmíocht CBT, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2025. Cuirfear an dara tuarascáil, lena n-áirítear measúnú ar fheidhmíocht CBT, isteach faoin 31 Nollaig 2031.

Tuairisciú bunaithe ar chroí-thacar táscairí

Is é an fhaisnéis a chuireann na Ballstáit ar fáil an bonn a bheidh faoin tuairisciú a dhéanfaidh an Coimisiún faoin dul chun cinn arna dhéanamh i dtaca le cuspóirí sonracha a ghnóthú le linn na clárthréimhse ar fad, agus úsáidfear croí-thacar táscairí chun na críche sin.

I gcomhréir leis an gceanglas tuairiscithe atá ar an gCoimisiún de bhun Airteagal 38(3)(e)(i) den Rialachán Airgeadais, cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faisnéis maidir le feidhmíocht dá dtagraítear san Airteagal sin agus arna tomhas leis an gcroí-thacar táscairí.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme, na módúlachtaí iocaíochta agus an straitéis atá beartaithe

Is le bainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit a chuirtear CBT chun feidhme go príomha. Tá sé léirithe ag na comhlachtaí rialachais atá curtha ar bun cheana féin sna Ballstáit, go háirithe na gníomhaireachtaí iocaíochta agus na comhlachtaí deimhniúcháin, go bhfuil siad éifeachtach maidir le buiséad an Aontais a chosaint agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú. Léirítear leis na leibhéil sheasta atá ann le blianta beaga anuas i ndáil leis an ráta earráidí íseal faoi CBT go bhfeidhmíonn na córais bhainistithe agus rialaithe atá bunaithe ag na Ballstáit i gceart agus go dtugann siad dearbhú réasúnta.

Aithnítear an staid sin sa tsamhail seachadta nua trí choimhdeacht bhreise a thabhairt do na Ballstáit maidir leis na córais rialaithe atá i bhfeidhm a chinneadh agus a

bhainistiú laistigh de thacar rialuithe níos ginearálta ar leibhéal an Aontais. Thairis sin, agus an straitéis maidir le buiséadú atá dírithe ar thorthaí agus íocaíochtaí dírithe ar fheidhmíocht á leanúint aige, le CBT déanfar nasc idir incháilitheacht na n-íocaíochtaí agus an seachadadh iarbhir ar an láthair. Dá bhrí sin, tá an fheidhmíocht ag croílár na samhla bainistíochta agus dearbhaithe airgeadais sna tograí reachtacha le haghaidh CBT tar éis 2020.

Beidh an straitéis rialaithe don tréimhse nua i gcomhréir iomlán leis an gcur chuige iniúchóireachta aonair, lena n-áiríteofar go soláthróidh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus comhlachtaí deimhniúcháin an dearbhú is gá. Beidh aird ar leith ag an gCoimisiún ar fheidhmiú éifeachtach na gcóras rialachais i bhfeidhm agus ar iontaofacht an tuairiscithe ar fheidhmíocht. Mar a dhéantar faoi láthair, dréachtófar straitéis iniúchóireachta ag tús na tréimhse, mar aon le clár oibre ilbhliantúil.

Mar achoimre, áiríteoidh an Coimisiún go mbeidh na córais rialachais atá curtha ar bun sna Ballstáit ag feidhmiú go héifeachtach, aisíocfaidh sé na híocaíochtaí arna dtabhú ag na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus déanfaidh sé imréiteach feidhmíochta bliantúil lena measúnófar na haschuir arna ngnóthú a thuairisceoidh na Ballstáit.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá breis agus seacht milliún tairbhí de chuid CBT ann, agus faigheann siad tacaíocht faoi réimse leathan scéimeanna cabhrach éagsúla. Is anuas atá an treocht i laghdú an ráta earráide i réimse CBT agus léirítear leis sin go bhfuil córais bhainistithe agus rialaithe na ngníomhaireachtaí íocaíochta stóinseach iontaofa.

Is le rialacha incháilitheachta mionsonraithe ar leibhéal an tairbhí a cuireadh CBT chun feidhme go dtí seo, rud a raibh castacht, ualach riaracháin agus riosca earráide mar thoradh breise air. Measadh na costais a bhaineann leis an gcóras bainistithe agus rialaithe, d'fhoill an riosca sin a mhaolú, a bheith rud beag díréireach.

Leis an bpacáiste reachtach le haghaidh CBT tar éis 2020, laghdófar gné an chomhlíonta go substaintiúil agus, dá réir sin, cuirfear tuilleadh béime ar fheidhmíocht. Is iad na Ballstáit a chomhlíonfaidh oibleagáidí a eascraíonn ó rialacha an Aontais agus ansin ba cheart dóibh an córas bainistithe agus rialaithe iomchuí a chur ar bun. Beidh breis solúbthachta ag na Ballstáit maidir le ceapadh na scéimeanna agus na mbeart is fearr a oirfidh dá gcúinsí nithiúla féin. Dá bhrí sin, le cistiú CBT, cuirfear coinníollacha le seachadadh straitéiseach an bheartais i dtreo cuspóirí comhchoiteanna arna sainmhíniú ar leibhéal an Aontais. Is é a bheidh sa Phlean faoi CBT an comhaontú idir na Ballstáit agus an Coimisiún lena leagfar síos agus lena bhformheasfar an straitéis ar feadh seacht mbliana, spriocanna, idirghabhálacha agus caiteachas beartaithe.

Leis an togra le haghaidh an Rialacháin maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, leasaítear cur chuige reatha na samhla seachadta seo agus, san am céanna, coinnítear na comhlachtaí rialachais a fheidhmíonn go maith (gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí deimhniúcháin). Mar atá faoi láthair, gach bliain ceanglaítear ar cheannasaí gach gníomhaireachta íocaíochta dearbhú bainistíochta a sholáthar lena gcumhdaítear iomláine, cruinneas agus firinneacht na gcuntas, feidhmiú cuí na struchtúr rialachais, lena n-áirítear buncheanglais an Aontais a chomhlíonadh, agus iontaofacht an tuairiscithe ar fheidhmíocht. Ceanglaítear ar chomhlacht iniúchóireachta

neamhspleách (Comhlacht Deimhniúcháin) tuairim a sholáthar i dtaca leis na heilimintí seo.

Laghdófar caiteachas i gcás nach mbeidh aschuir curtha i gcrích ag an mBallstát de réir na gcaighdeán aontaithe. Déanfar iniúcháireachtaí comhlíonta chun feidhmiú na struchtúr rialachais a mheas. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag iniúchadh caiteachas talmhaíochta, agus cur chuige riosca-bhunaithe á úsáid aige d'fhonn a áirithiú go ndíreofar sna hiniúchtaí ar na réimsí is mó riosca, i gcomhréir le prionsabal na hiniúcháireachta aonair. Thairis sin, tá sásraí soiléire ann le haghaidh íocaíochtaí a chur ar fionraí i gcásanna ina mbeidh easnaimh thromchúiseacha sna struchtúir rialachais nó ina mbeidh treocheaí tearcfheidhmíochta suntasacha ann.

Is é an príomhríosca a shamhlaítear leis an tréimhse nua go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ar chlú an Choimisiúin ag na rialacha nithiúla mionsonraithe maidir leis an gcaoi ar cheart an córas bainistithe agus rialaithe sa Bhallstát a bhunú ar leibhéal na ngníomhaireachtaí íocaíochta, i gcás nach n-urramófar rialacha incháilitheachta arna mbunú ag na Ballstáit. Ba cheart béim a leagan air go n-áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil córais rialachais i bhfeidhm agus go bhfuil aschuir agus torthaí á ngnóthú. Agus aird ar bhuiséadú atá dírithe ar thorthaí, cuirfidh an Coimisiún béim ar cad a chuirtear i gcrích leis an mbeartas.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar dhúnadh an chláir)*

Leis an tsamhail seachadta nua do CBT, meastar go laghdófar costais na rialuithe go suntasach, le haghaidh na mBallstát agus tairbhíthe araon.

Tá laghdú suntasach tagtha ar na ceanglais ar leibhéal an Aontais agus tá na ceanglais sin socraithe ar leibhéal na mBallstát, ar cheart dóibh an deis seo a thapú na hoibleagáidí atá le comhlíonadh ag tairbhíthe a oiriúnú do na cúinsí nithiúla náisiúnta nó réigiúnacha.

Saineoidh na Ballstáit an córas bainistithe agus rialaithe laistigh de chreat simplithe an Aontais mar a shainmhínítear sna tograí reachtacha é. Coinneofar an Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe, atá freagrach as timpeall 88 % d'íocaíochtaí CBT, cé go bhfágfar eilimintí ar leith, a sainíodh ar leibhéal an Aontais go dtí seo, ag na Ballstáit. Dá bhrí sin, ní shaineofar déine agus raon na rialuithe, lena mbaineann na costais is mó, ar leibhéal an Aontais a thuilleadh.

Leis an mbéim ar fheidhmíocht, teastaíonn córas tuairiscithe stóinseach iontaofa a bheidh, mar a luadh i ranna roimhe seo, faoi réir iniúchtaí neamhspleácha. Ní mheastar, áfach, go mbeidh tionchar suntasach aige sin ar ualach riaracháin na mBallstát mar go bhfuil an chuid is mó de na táscairí aschuir ar fáil cheana féin sna ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe.

Beidh sé d'acmhainn ag na Ballstáit an t-ualach riaracháin a bhaineann le bainistiú agus rialú CBT a shimpliú agus a laghdú, mar go mbeidh siad in ann rialacha incháilitheachta a chur in oiriúint ar leibhéal an tairbhí agus a chinneadh an chaoi is fearr chun rialú a dhéanamh (níl aon chur chuige ann a oireann do gach cás). Mar atá luaite sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann le tograí reachtacha CBT, sa chaibidil ar an simpliú, ní mheastar go mbeidh costais seachadta CBT nua níos airde (tá siad ag

3.6 % faoi láthair), fiú agus an bhéim mhéadaithe ar thuairisciú ar fheidhmíocht á cur san áireamh.

Maidir leis an leibhéal earráidí measta, de réir na samhla seachadta nua, meastar incháilitheacht an chaiteachais ó thaobh na n-aschur arna ngnóthú. Dá bhrí sin, ní ríomhfaí earráidí i dtaca le dlíthiúlacht agus rialacht na n-idirbheart aonair ach ar leibhéal na n-aschur arna ngnóthú i gcomparáid leis an gcaiteachas arna aisíoc. Maidir leis an gcaiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige, laghdófar é faoi chuimsiú an imréitigh feidhmíochta bhliantúil agus, mar sin de, beidh buiséad an Aontais cosanta fós.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coiscitheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Beartaítear leis an bpacáiste reachtach go n-áiritheoidh na Ballstáit cosaint éifeachtach ar chalaois, go háirithe i réimsí lena mbaineann leibhéal riosca níos airde, agus go ndéanfaidh siad neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú. Ní mór do na Ballstáit pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha, mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais nó sa dlí náisiúnta, a fhorchur, agus ní mór dóibh aon íocaíocht neamhrialta móide ús a ghnóthú.

Tá na buncheanglais sin de chuid an Aontais mar chuid de na struchtúir rialachais ar a ndéanfaidh na Comhlachtaí Deimhniúcháin iniúchadh agus, trí bhíthin cur chuige riosca-bhunaithe, ar a ndéanfaidh an Coimisiún iniúchadh freisin, agus prionsabal na hiniúcháireachta aonair á leanúint aige.

Pléifear leis na sonraí, de réir mar is iomchuí, i Straitéis Frithchalaoise athbhreithnithe de chuid AGRI. Ní mheastar, áfach, go dtiocfaidh athrú substaintiúil ar shaintréithe na calaoise ná na neamhrialtachtaí tromchúiseacha eile amach anseo i gcomparáid leis an *status quo*.

In CBT nua, is dócha go leanfar leis an gcur chuige reatha maidir le hoiliúint spriocdhírthe a sholáthar do na Ballstáit i dtaca le calaois agus neamhrialtachtaí tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a cheartú. Is amhlaidh an cás le nótaí teorach téamacha do na Ballstáit maidir le réimsí ardriosca ar leith.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA

Sloinntear na méideanna a luaitear sa ráiteas airgeadais i bpraghsanna reatha.

I dteannta na n-athruithe a eascraíonn ó na tograí reachtacha mar a liostaítear sna táblaí tionlacain thíos, tugtar le tuiscint sna tograí reachtacha go mbeidh tuilleadh athruithe ann nach mbeidh aon tionchar airgeadais acu.

Maidir leis an gcaiteachas a bhaineann leis an margadh, ba cheart a thabhairt chun suntais go bhfuil na méideanna arna gcur san áireamh le haghaidh caiteachas a bhaineann leis an margadh bunaithe ar an mbonn tuisceana nach mbeidh ceannach isteach faoi idirghabháil phoiblí ann ná aon bheart eile ann a bhaineann le cáis géarchéime in aon earnáil.

Bunófar cúlchiste talmhaíochta nua in CERT chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil don earnáil talmhaíochta chun críocha bearta slándála i gcomhthéacs bainistiú margaidh agus cobhsú margaidh agus/nó i gcás géarchéimeanna a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó dáileadh talmhaíochta. EUR 400 milliún, ar a laghad, a bheidh i méid an chúlchiste ag tús gach bliana airgeadais. Maidir leis na méideanna ón gcúlchiste géarchéime talmhaíochta nach n-úsáidfear sa bhliain airgeadais 2020, tabharfar ar aghaidh iad go dtí an bhliain airgeadais 2021 chun an cúlchiste a bhunú; beidh feidhm ag tar-rolladh bliantúil i leith na méideanna nach n-úsáidfear sa tréimhse 2021-2027. I gcás ina n-úsáidfear an cúlchiste, úsáidfear infhaighteachtaí buiséid atá ann cheana nó leithreasuithe nua chun é a athlíonadh. I gcás ina sárófar fo-uasteorainn shonrach CERT a leagtar síos in CAI 2021-2027, beidh feidhm ag an smacht airgeadais chun gach riachtanas os cionn na huasteorann a chumhdach, lena n-áirítear na riachtanais a bhaineann leis an gcúlchiste a athlíonadh. Dá bhrí sin, ní fhoráiltear maidir leis an smacht airgeadais a chur i bhfeidhm arís agus arís eile chun an cúlchiste a bhunú sa tréimhse 2021-2027. Coinneofar an sásra smachta airgeadais chun a áirithiú go n-urramófar fo-uasteorainn CERT.

Maidir le cineálacha idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad, tá na glan-uasteorainneacha le haghaidh na bliana airgeadais 2021 (an bhliain féilire 2020), a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, níos airde ná na méideanna arna leithdháileadh ar chineálacha idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad a luaitear sna táblaí tionlacain. Dá bhrí sin, is gá iad a choigeartú i gcomhréir leis an gcomhaontú deiridh ar imchlúdach airgeadais CBT laistigh de na sprioc-amanna is gá le haghaidh cur chun feidhme tráthúil sna Ballstáit.

Áirítear sa togra go leanfar leis an bpróiseas maidir le cóineasú seachtrach na n-íocaíochtaí díreacha: na Ballstáit sin ag a bhfuil meánleibhéal tacaíochta faoi bhun 90 % de mheán an Aontais, dúnfaidh siad 50 % den bhearna go 90 % de mheán an Aontais le sé chéim de réir a chéile, a thosódh in 2022. Rannchuideoidh na Ballstáit ar fad leis an gcóineasú sin a mhaoiniú. Léirítear sin i leithdháiltí na mBallstát le haghaidh íocaíochtaí díreacha in Iarscríbhinn IV den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT.

Maidir leis an laghdú ar íocaíochtaí na tacaíochta dírí le feirmeoirí, tá tionchar atá neodrach ó thaobh buiséid aige i dtaca le leithdháileadh na n-íocaíochtaí díreacha, mar go n-úsáidfear an toradh ar an laghdú ar íocaíochtaí chun an íocaíocht athdháilte a mhaoiniú laistigh den Bhallstát céanna. I gcás nach mbeifear in ann an laghdú ar íocaíochtaí a chur san áireamh i maoiniú na gcineálacha idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad, aistreofar é chuig leithdháileadh CETFT de chuid an

Bhallstát lena mbaineann. Ní féidir méideanna na n-aistrithe ionchasacha sin a chainníochtú ag an staid seo.

Maidir leis an ioncam arna shannadh do CERT, léirítear sa mheastachán tionchar na n-iarchur agus na dtráthchodanna deonaithe ar chinntí imréitigh a rinneadh roimhe agus a íocfar tar éis 2020, agus tionchar an ioncaim arna shannadh ó imréiteach agus neamhrialtachtaí atá le bailiú. Maidir le tionchar an ioncaim arna shannadh ó imréiteach agus neamhrialtachtaí atá le bailiú, meastar go dtiocfaidh laghdú air sin i gcomparáid leis na leibhéil reatha tar éis don tsamhail seachadta nua teacht isteach.

Maidir le CETFT, foráiltear sa togra maidir le laghdú ar rátaí cómhaoinithe an Aontais, ar an mbealach céanna le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta eile na hEorpa. Leis sin, agus leis an leithdháileadh le haghaidh cineálacha idirghabhálacha CETFT, fágfar tacaíocht phoiblí do cheantair thuaithe na hEorpa gan athrú den chuid is mó. Tá an leithdháileadh idir na Ballstáit bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar fheidhmíocht roimhe seo.

Sna tograí le haghaidh athchóiriú, tá forálacha lena dtugtar solúbthacht áirithe do na Ballstáit maidir lena leithdháileadh le haghaidh cineálacha idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad agus cineálacha idirghabhálacha i dtaca le forbairt tuaithe, agus idir leithdháileadh le haghaidh cineálacha idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad agus leithdháileadh le haghaidh cineálacha idirghabhálacha earnálacha áirithe. I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit an tsolúbthacht sin a úsáid, beidh iarmhairtí airgeadais aige sin laistigh de na méideanna airgeadais áirithe sin, nach féidir a chainníochtú ag an staid seo.

3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus réamhliosta de na línte nua buiséid maidir le caiteachas atá beartaithe⁴⁰

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Ceannteideal 3: Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol	LD/LN ⁴¹	ó thíortha de chuid CSTE ⁴²	ó thíortha is iarrthóirí ⁴³	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
3	[08.01.YY] CERT, Cúnamh teicniúil neamhoibríochtúil	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	[08.01.YY] CETFT, Cúnamh teicniúil neamhoibríochtúil	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	[08.01.YY] Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

⁴⁰ Tá cuid de na línte buiséid atá ann faoi láthair le coinneáil agus cuirfear an t-uimhriú in oiriúint don ainmníocht bhuiséadach nua (e.g. caibidlí reatha 05 07 agus 05 08). Tar éis togra CBT a fhorbairt, d'fhéadfaí an ainmníocht a choigeartú.

⁴¹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁴² CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁴³ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Ceannteideal 3: Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	LD/LN ⁴¹ .	ó thíortha de chuid CSTE ⁴²	ó thíortha is iarrthóirí ⁴³	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
3	[08.02.YY] Cúlchiste talmhaíochta	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	[08.02.YY] Cineálacha idirghabhálacha earnálacha faoin bPlean faoi CBT	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	[08.02.YY] Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh den Phlean faoi CBT	LD agus LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3		LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	[08.02.YY] Íocaíochtaí díreacha lasmuigh den Phlean faoi CBT	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	[08.02.YY] CERT, Cúnamh teicniúil oibríochtúil	LD agus LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	[08.03.YY] 2021-2027 Cineálacha idirghabhálacha i dtaca le forbairt tuaithe faoin bPlean faoi CBT	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	[08.03.YY] CETFT, Cúnamh teicniúil oibríochtúil	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
7	[08.01.YY] Caiteachas a bhaineann le gníomhairí oifigiúla agus sealadacha sa réimse beartais “Talmhaíocht agus forbairt tuaithe”	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
7	[08.01.YY] Pearsanra seachtrach agus caiteachas bainistíochta eile mar thaca leis an réimse beartais “Forbairt talmhaíochta agus tuaithe”	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
7	[08.01.YY] Caiteachas a bhaineann le trealamh agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide sa réimse beartais “Forbairt talmhaíochta agus tuaithe”	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

Is réamhliosta de mhíreanna buiséid é an tábla thuas agus ní dhéantar leis aon réamhbhreith ar an ainmníocht bhuiséadach nithiúil a mholfadh an Coimisiún i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (le trí ionad de dheachúlacha)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	3	Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol
--	----------	--------------------------------------

			2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Tar éis 2027	IOMLÁ N
08 02 YY – Cúlchiste talmhaíochta	Gealltanais = Íocaíochtaí	(1)	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin	iontráil mheabhráin		iontráil mheabhráin
08 02 YY – Cineálacha idirghabhálacha earnálacha faoin bPlean faoi CBT ⁴⁴	Gealltanais = Íocaíochtaí	(2)	2,044.116	2,066.584	2,091.060	2,115.010	2,139.737	2,165.443	2,192.347		14,814.294
08 02 YY – Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh den Phlean faoi CBT	Gealltanais	(3)	638.309	638.309	638.309	638.309	638.309	638.309	638.309		4,468.163
	Íocaíochtaí	(4)	605.136	611.601	623.808	627.643	629.770	630.334	630.314	109.558	4,468.164
08 02 YY – Cineálacha idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad	Gealltanais = Íocaíochtaí	(5)	37,392.689	37,547.129	37,686.679	37,802.859	37,919.038	38,035.217	38,151.396		264,535.007
08 02 YY – Íocaíochtaí díreacha lasmuigh den Phlean faoi CBT	Gealltanais = Íocaíochtaí	(6)	421.321	421.321	421.321	421.321	421.321	421.321	421.321		2,949.249
08 02 YY – CERT, cúnamh teicniúil oibríochtúil ⁴⁵	Gealltanais = Íocaíochtaí ⁴⁶	(7)	71.000	71.000	71.000	71.000	71.000	71.000	71.000		497.000

⁴⁴ Is é is cúis leis an méadú ar chineálacha idirghabhálacha earnálacha faoin bPlean faoi CBT gurb ionann an leithdháileadh arna mholadh le haghaidh tacaíocht d'earnáil na beachadóireachta agus EUR 60 milliún, agus éabhlóid an chaiteachais in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, nach bhfuil teoranta ag imchlúdach ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar an leibhéal forghníomhaithe a breathnaíodh roimhe.

⁴⁵ Lena n-áirítear na méideanna arna maoiniú faoi láthair faoi chaibidlí 05 07 (Iniúchadh ar chaiteachas talmhaíochta) agus 05 08 (Straitéis beartais agus comhordú na réimse beartais “Talmhaíocht agus forbairt tuaithe”).

08 01 YY – Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as CERT ⁴⁷	Gealltanais = Íocaíochtaí	(8)	13.000	13.000	13.000	13.000	13.000	13.000	13.000		91.000
67 01 & 67 02 – Ioncam arna shannadh do CERT	Gealltanais = Íocaíochtaí	(9)	280.000	230.000	130.000	130.000	130.000	130.000	130.000		1,160.000
FO-IOMLÁN – CERT	Gealltanais	(10)=(1+2+3+5+6+7+8-9)	40,300.435	40,527.343	40,791.369	40,931.499	41,072.405	41,214.290	41,357.373		286,194.715
	Íocaíochtaí	(11)=(1+2+4+5+6+7+8-9)	40,267.262	40,500.635	40,776.868	40,920.833	41,063.866	41,206.315	41,349.378	109.558	286,194.715

08 03 YY – Cineálacha idirghabhálacha i dtaca le forbairt tuaithe	Gealltanais	(12)	11,230.561	11,230.561	11,230.561	11,230.561	11,230.561	11,230.561	11,230.561		78,613.927
	Íocaíochtaí	(13)	786.139	3,703.699	6,314.312	7,860.977	9,356.414	10,331.700	11,025.236	29,235.450	78,613.927
08 03 YY – CETFT, cúnamh teicniúil oibríochtúil AE	Gealltanais = Íocaíochtaí ⁴⁸	(14)	22.147	22.147	22.147	22.147	22.147	22.147	22.147		155.029
08 01 YY – Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as CETFT	Gealltanais = Íocaíochtaí	(15)	6.000	6.000	6.000	6.000	6.000	6.000	6.000		42.000
FO-IOMLÁN – CETFT	Gealltanais	(16)=(1+2+14+15)	11,258.708	11,258.708	11,258.708	11,258.708	11,258.708	11,258.708	11,258.708		78,810.955
	Íocaíochtaí	(17)=(1+3+14+15)	814.286	3,731.846	6,342.459	7,889.124	9,384.561	10,359.847	11,053.383	29,235.450	78,810.955

⁴⁶ Ar mhaithe leis an simpliú, meastar gur leithreasuithe neamhdhifreáilte iad na leithreasuithe anseo le haghaidh cúnamh teicniúil faoi CERT. Bíonn méid na gceangaltas le híoc neamhshuntasach i gcomparáid leis na méideanna iomlána a bhaineann leis an ráiteas airgeadais seo.

⁴⁷ Lena n-áirítear na méideanna arna maoiniú faoi mhír 05 01 04 01 - Caiteachas tacaíochta don Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) - Cúnamh teicniúil neamhoibríochtúil agus 05 01 06 01 - an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia - Ranníocaíocht ón gclár maidir leis an talmhaíocht a chur chun cinn

⁴⁸ Ar mhaithe leis an simpliú, meastar gur leithreasuithe neamhdhifreáilte iad na leithreasuithe anseo le haghaidh cúnamh teicniúil faoi CETFT. Bíonn méid na gceangaltas le híoc neamhshuntasach i gcomparáid leis na méideanna iomlána a bhaineann leis an ráiteas airgeadais seo.

IOMLÁN leithreasuithe do CBT	Gealltanais	=10+16	51,559.143	51,786.051	52,050.077	52,190.207	52,331.113	52,472.998	52,616.081		365,005.670
	Íocaíochtaí	=11+17	41,081.548	44,232.481	47,119.327	48,809.957	50,448.427	51,566.162	52,402.761	29,345.008	365,005.670

Mar gheall ar shlánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	7	“Caiteachas riaracháin”
---	----------	-------------------------

EUR milliúin (le trí ionad de dheachúlacha)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
Acmhainní daonna		125.678	125.678	125.678	125.678	125.678	125.678	125.678		879.746
Caiteachas riaracháin eile		6.008	6.008	6.008	6.008	6.008	6.008	6.008		42.056
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais Íocaíochtaí =	131.686	131.686	131.686	131.686	131.686	131.686	131.686		921.802

EUR milliúin (le trí ionad de dheachúlacha)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTIDEAL den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	51,690.829	51,917.737	52,181.763	52,321.893	52,462.799	52,604.684	52,747.767		365,927.472
	Íocaíochtaí	41,213.234	44,364.167	47,251.013	48,941.643	50,580.113	51,697.848	52,534.447	29,345.008	365,927.472

Mar gheall ar shlánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
---------	------	------	------	------	------	------	------	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	125.678	125.678	125.678	125.678	125.678	125.678	125.678	879.746
Caiteachas riaracháin eile	6.008	6.008	6.008	6.008	6.008	6.008	6.008	42.056
Fo-iomlán CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	131.686	131.686	131.686	131.686	131.686	131.686	131.686	921.802

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7⁴⁹ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	1.850	1.850	1.850	1.850	1.850	1.850	1.850	12.950
Caiteachas eile de chineál riaracháin	17.150	17.150	17.150	17.150	17.150	17.150	17.150	120.050
Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	19.000	19.000	19.000	19.000	19.000	19.000	19.000	133.000

Mar gheall ar shlánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

IOMLÁN	150.686	150.686	150.686	150.686	150.686	150.686	150.686	1 054.802
---------------	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	------------------

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhiot faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁴⁹ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin	845	845	845	845	845	845	845
Toscaireachtaí	3	3	3	3	3	3	3
Taighde							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: (i gcoibhéis lánaimseartha) - CA, LA, SNE, INT agus JED ⁵⁰							
Ceannteideal 7							
Arna maoiniú as CEANNTÉIDEA L 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	- sa Cheanncheathrú	57.75	57.75	57.75	57.75	57.75	57.75
	- i dToscaireachtaí	1	1	1	1	1	1
Arna maoiniú as imchlúdach an chlár ⁵¹	- sa Cheanncheathrú	29	29	29	29	29	29
	- i dToscaireachtaí						
Taighde							
Eile (sonraigh)							
IOMLÁN	935.75	935.75	935.75	935.75	935.75	935.75	935.75

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁵⁰ CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearach i dToscaireacht.

⁵¹ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.3. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- ☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☒ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☒

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Tionchar an togra						
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
67 01 & 67 02	280	230	130	130	130	130	130

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

08 02 YY – Cineálacha idirghabhálacha earnálacha

08 02 YY – Cineálacha idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

Féach na nótaí tráchta faoi phointe 3